COMHAIRLE CHONTAE LAOISE

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2011

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Réamhrá Bhainisteoir an Chontae	3
Ráiteas Misin	4
Comhaltaí na Comhairle	5
Tithíocht, Gnóthaí Corparáideacha, Pleanáil Chorparáideach, Acmhainní Daonna & Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	6
An Pobal, Forbairt Eacnamaíochta & Cur chun cinn an Chontae, na hEalaíona, Spóirt & Leabharlanna	19
Timpeallacht, Pleanáil & Seirbhísí Éigeandála	37
Iompar & Seirbhísí Uisce	50
Bainistiú Airgeadais	57
Comhairle Baile Phort Laoise	61
Comhairle Baile Mhóinteach Mílic	62
Gníomhaíochtaí Eile	65
Foscríbhinni	66
Conas Teagmháil a Dhéanamh Linn	69

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

Cuireann sé an-áthas orm mar Chathaoirleach Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Laoise don bhliain 2011 a sheoladh.

Tugann An Tuarascáil Bhliantúil seo an chaoi éachta na Comhairle i 2011 a léiriú agus an raon leathan seirbhísí a sholáthraímid ar son leasa gach aoinne san chontae a imlíniú. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair chruaigh agus do thiomantas mó chomhbhall tofa agus na foirne i seachada na seirbhísí seo.

Lean Oifig Thurasóireachta de chuid Chomhairle Contae Laoise go gníomhach ag cur Laoise chun cinn trí eachtraí a chur ar siúl a mheall na sluaite daoine chuig an Contae – ina measc bhí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise, Railí Gordon Bennett, Cinn-Fhéile Réigiúnacha Rós Thrá Lí, Cluichí Domhanda Taispeántais Sráide agus Railí Gluaisteán Heartland.

Osclaíodh Teach Ealaíona Sráid Bhaile go h-oifigiúil i Bealtaine agus déanfaidh sé tairbhe don bpobal trí comhdhála agus Taispeántais a bheith ar siúl ann.

Bhí páirtíocht leis an bpobal áitiúil in oscailt Ríocht na n-Óg, páirc imeartha Sean Scoil na mBuachaillí Bhaile an Chaisleáin agus tugann sé gliondar agus sport do gach aoinne a ghlacann páirt ann.

Ceann de ábhar príomha mórtais i 2011 ab ea oscailt oifigiúil Ionad Áise Treo Nua de chuid Phort Laoise ar an 14ú la de Mhí Dheireadh Fómhair 2011 a sholáthar áiseanna breise do bhonneagar sóisialta agus pobail Phort Laoise.

Tháinig Plean Forbartha Cho. Laoise 2011 – 2017, a sholáthraíonn an fráma oibre ar a ndéanann an t-Údarás Pleanála a chinneadh pleanála, i bhfeidhm ón 8ú lá de Mhí na Samhna 2011.

Leanfaidh Comhairle Contae Laoise ar aghaidh ag cur an chontae chun cinn agus a fhorbairt agus seirbhísí de ard-chaighdeán a sholáthar don bpobal go bhfuilimid ag freastal orthu.

John Bonham
Cathaoirleach

RÉAMHRÁ BHAINISTEOIR AN CHONTAE

Is le gliondar im' chroí a chuirim fáilte le foilsiú Thuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Laoise 2011.

I dtimpeallacht ina bhfuil deacrachtaí eacnamaíochta mar atá ann, tugann an tuarascáil seo an chaoi dúinn a bheith deimhneach. In ainneoin laincisí ó thaobh airgid de, lean Comhairle Laoise seirbhísí den scoth a sholáthar do bpobal.

Leanann Comhairle Co Laoise le páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt eacnamaíoch an Chontae. Tá an Chomhairle tiomanta do infheistíocht isteach a mhealladh; aeráid d'fhorbairt féinchothaithe a chothú agus tá dúil acu a dheimhniú go dtarlaíonn forbairt chothrom mórthimpeall an chontae ar fad.

Lean turasóireacht agus cur ar aghaidh an chontae i 2011 agus bhí an contae mar aoi ar ócáidí ard-phróifíl a mheall roinnt mhaith turasóirí d'ár gcontae. Bhí bua breise ag an gContae nuair a bhuaigh Mainistir Laoise an chéad duais i gComórtas Bliantúil Uile Oileán de Bhród as Do Áit.

Feabhsaíodh ár gcuid eanga bóithre mórthimpeall Phort Laoise níos mó i 2011 le críochnú na coda deiridh den gceangal idir bhóthar Shráid Bhaile bóthar tigh Mo-Chua a oscail do thrácht i Meitheamh 2011. Soláthraíonn Scéimeanna Feabhsúcháin Sonracha le h-uasghrádú Bhóthar Bhuiríse ina measc feabhsúcháin slándála ollmhóra do lucht úsáidte na mbóthar idir na ceantair mhóra chónaitheacha agus na scoileanna nua ar Bhóthar na Buiríse.

Bíonn dúshláin bhreise ar aghaidh Chomhairle Contae Laoise i gcónaí agus is trí thiomantas agus trí dhílseacht namBall Tofa agus na foirne gur féidir buachan ar na dúshláin seo. Tá fianaise ar thiomantas na foirne le feiceáil trí An Duais i 2011 Barr Feabhais trí Dhaoine a fháil i 2011. Táim deimhneach de go leanfaidh an contae seo ina chontae beofar agus láidir leis an bpáirtíocht leanúnach seo.

Peter Carey
Bainisteoir an Chontae

"Beidh an Chomhairle ar thús cadhnaíochta maidir le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha ár gContae agus soláthróidh sí seirbhísí poiblí ardcháilíochta do na pobail a bhfreastalaímid orthu"

Sainordú

Tá Comhairle Contae Laoise mar an Phríomh-Údarás Tofa go Daonlathach i gContae Laois. Soláthraíonn Comhairle Contae Laoise raon leathan agus éagsúil de sheirbhísí a mbíonn tionchar acu ar gh-níomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta, comhshaoil, bonneagracha, turasóireachta, tionscalaíocha agus cultúrtha an Chontae. I measc na seirbhísí seo tá soláthar agus cothabháil tithe, soláthar agus cothabháil bóithre soláthar agus cothabháil sholáthar uisce agus scéimeanna séarachais, seirbhísí pleanála agus for-bartha, bainistíocht dramhaíola,cosaint an chomhshaoil, gníomhaíochtaí caitheamh aimsire, leabharlanna, forbairt cultúrtha agus pobail lena n- áirítear caitheamh aimsire agus spórt.

Oibríonn líon mór oibrithe ar an gComhairle, lena n-áirítear an Bainisteoir Contae, fostaithe agus conraitheoirí gairmiúla, teicniúla,dlíthiúla, riaracháin, airgeadais agus lasmuigh.

Comhaltaí an Comhairle

Tá 25 Comhalta Tofa i gComhairle Contae Laoise - ceithre chomhalta an duine ó Thoghcheantair Mhaointeach Milie, Ioma agus Log an Churraigh, seacht chomhalta ó Thoghcheantar Phort Laoise agus sé gcomhalta ó Thoghcheantar Bhuiríos Mór Osraí.

Baill Tofa leis an Bainisteoir Contae ag CCB Comhairle Contae Laoise – Meitheamh 2009

Cruinnithe Comhairle

Tionóladh Cruinnithe Comhairle 2011 ar an Luan deireanach de gach mí de ghnáth i Seomra na Comhairle ag Áras an Chontae. Ní raibh cruinniú ar bith i Lúnasa.

Grúpa Polasaí Corparáidigh (G.P.C.)

Tá an Grúpa Polasaí Corparáidigh deartha chun an sainordú daonlathach agus ról déanta polasaí na gcomhaltaí tofa a threisiú.Tá an G.P.C. tacaithe ag an mBainisteoir Contae agus cuimsíonn sé Cathaoir-leach na Comhairle agus ceithre Chathair na gCoistí um Polasaithe Straitéiseacha. Is í príomhfheidhm G.P.C. ná obair na C.P.S difriúla a chomhordú agus fóram a sholáthar ina ndéantar cinntí polasaí a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle go léir a chomhshocrúle cur faoi bhráid na Comhairle iomláin ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh. Tháinig an G.P.C. le chéile 11 uair i 2011.

John Joe Fennelly (F.F.)

Michael Lalor (F.G.)

John King (F.G.)

Brendan Phelan (F.F.)

John Bonham (F.G.)

Martin Phelan (F.G.)

Raymond Cribbin (F.F.)

Paul Mitchell (Non Party)

Tom Mulhall (F.G.)

James Deegan (F.G.)

James Daly (F.G.)

John Robert Moran (F.G.)

Padraig Fleming (F.F.)

Ben Brennan (Non Party)

David Goodwin (F.G.)

Patrick Bracken (F.F.)

Patrick Bowe (Labour)

Seamus McDonald (F.F.)

William Aird (F.G.)

Alan Hand (S.F.)

Mary Sweeney (F.G.)

Jeremiah Lodge (F.F.)

Kathleen O'Brien (F.G.)

Rotimi Adebari (Non Party)

Catherine Fitzgerald (F.F.)

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigech Sinsearach Feidhmiúcháin Acmhainní Daonna & Gnóthaí Corparáideacha: Carmel McNicholl

Ceannaire ar Chórais Faisnéise: John Forde

GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA

Plean Corparáideach

Ghlac Comhaltaí na Comhairle le Plean Corparáideach nua ó 2009 – 2014 i mí na Nollag, 2009.

Sa Phlean Corparáideach seo soláthraítear an chreatlach do straitéis chomhtháite a chur i bhfeidhm lenár gContae a fhorbairt do na cúig bliana atá romhainn agus ullmhaíodh é tar éis comhairliúcháin le fostaithe, ionadaithe tofa, leasanna pobail, deonacha & comhshaoil, páirtithe leasmhara seachtracha agus comhlachtaí poiblí eile a fheidhmíonn ag an leibhéal áitiúil.

De bharr na straitéisí agus na gcuspóirí a bhfuil breac-chuntas sa Phlean orthu, beidh Comhaltaí Tofa agus Fostaithe Chomhairle Contae Laoise in ann leanúint de bheith ar thús cadhnaíochta maidir le saol cultúrtha, geilleagrach agus sóisialta an Chontae. Cuirfear le ról na gComhaltaí Tofa fad agus a leanfar de sheirbhísí spriocdhírithe, níos comhordaithe, níos éifeachtaí, agus níos éifeachtúla a sholáthar don phobal.

Ullmhófar Tuarascáil bhliantúil ar Dhul Chun Cinn agus cuirfear faoi bhráid na gComhaltaí Tofa í lena breithniú

Cairt Chustaiméirí

Tá Cairt Chustaiméirí ag Comhairle Contae Laoise a leagann amach an chaoi ina bhféachann an Chomhairle le plé lena custaiméirí. Tá an doiciméad ar taispeáint i ngach Oifig Chomhairle phoiblí agus ar ár suíomh idirlín www.laois.ie . Mar chuid den Chairt tá Nós Imeachta maidir le Gearáin, ar féidir le haon duine áis a bhaint as mura bhfuil sé sásta le caighdeán na seirbhíse a fhaigheann sé.

Príomhphointí

- 13ú Eanáir, 2011 – Fáiltiú Cathartha in onóir Michael Mulhare, ball de Fhoireann faoi 21 Tras Tíre Éireann, buaiteoirí an Bhoinn Óir ag Comórtas Tras Tíre na h-Eorpa 2010 a bhí ar siúl in Albufeira san Phoirtingéil ..
- 20ú Bealtaine, 2011 –Fáiltiú an Chathaoirligh in onóir Bhantracht na Tuaithe mar aitheantas dá gComhdháil Náisiúnta a bheith acu i bPort Laoise i 2011.

Fáiltiú Cathartha ag onórú Michael Mulhare, ball Foirne Trastíortha Faoi-23 na hÉireann, a bhuaigh an Bonn Óir ag Comórtais Trastíortha Faoi-23 na hEorpa 2010.

Scéim na Gaeilge 2009 - 2012

Dhearbhaigh an t-Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta scéim Teanga na Gaeilge ullmhaithe ag Údaráis Áitiúla Laoise agus a tháinig i bhfeidhm ar an Iú Nollaig, 2009, ar feadh tréimhse 3 bliana. Ta an scéim le fáil ar ár líonláithreán www.laois.ie.

Tuigeann Údaráis Áitiúla Laoise go bhfuil de cheart ag ár gcustaiméirí gnó a dhéanamh linn ins an teanga is rogha leo agus tabharfar gach áis dóibh ina gcuid caidrimh linne, chomh fada agus is féidir, bíodh sé sin trí mheán na Gaeilge nó trí mheán an Bhéarla.

Ceann de phríomh aidhmeanna le Scéim na Teanga seo a dheimhniú go bhfuil caighdeáin na seirbhísí poiblí ar fáil trí mheán na Gaeilge níos airde mar gurab í an chéad teanga oifigiúil na Tíre seo í.

Tá foireann feidhmiúcháin ionadaigh ar gach réimhse feidhmiúcháin den Chomhairle. Forbrófar plean cur i bhfeidhm mar aon le sceideal na mbeart atá riachtanach chun go slánófaí gealltanais na Scéime.

Más mian leat teagmháil a dhéanamh as Gaeilge leis an gComhairle ,cuir ríomhphoist chuig gaeilge@laoiscoco.ie.

Deontais Ard Oideachais

Bronnann Comhairle Chontae Laoise Deontais Ard Oideachais faoi Achtanna an Údaráis Áitiúil (Deontais Ard Oideachais), 1968-1992, ar son an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh iarrthóir na riachtanais a shásamh mar atá siad leagtha amach sa Scéim chun bheith intofa do dheontas faoin Scéim. Tá an Scéim á fógairt ar bhonn bhliantúil agus is é an dáta deiridh chun glacadh leis na hiarratais líonta ná an 31ú Lúnasa gach bliain.

Tá sonraí na Scéime agus na foirmeacha iarratais ar fáil de ghnáth in Iúl ó Rannóg Deontais Ard Oideachais ag heg@laoiscoco.ie, Fón: (057) 8664137, nó ar ár Suíomh Idirlín ag ww.laois.ie/heg.

I 2011, bhí 1108 iarratas ina iomlán soláthraithe le haghaidh chúnamh deontais, le hiarratais a athnuachan agus iarratais nua san áireamh. Bhí maoiniú i dtaobh an deontais cothabhála laghdaithe 3% i mbuiséad na Nollag agus bhí sé infheidhmithe ón 1ú Eanáir 2011.

Bé an méid iomlán a íocadh amach i 2011 maidir leis na Deontais Ard Oideachais ná €3,830,790.

Sláinte & Sábháilteacht

Comhairleoir Sábháilteachta: Jim Bolger

Bhí An Córas Bainistíochta Sláinte (CBS) forbartha níos mó trí an doiciméadú a chur in oiriúint do chaighdeán OSHAS 18801. Tá an córas ardaithe ar fáil go leictreonach trínar gcóras intranet.

Cuireadh le scileanna sábháilteachta na n-oibrí trí thraenáil sláinte agus sábháilteachta teastaithe FETAC a sholáthar san ionad oibre. Déanadh iniúchtaí san ionad oibre ar bhonn trastiúrthóireachta agus d'athbhreithníodh agus d'athraíodh ráitis sábháilteachta cúntacha mar ba chuí.

Páirtíocht

Bhíodar seo a leanas mar bhaill Choiste Páirtíochta an Láthair Oibre ar an 31ú Nollag, 2011:

Ainmnithe na Bainistíochta	Ainmnithe an Cheard Chumainn
John Daly	Tom Saunders
Joint Chair	Joint Chair
Gerry Murphy	Anne Marie Maher
Angela McEvoy	Bernie Kilbride
John O'Donoghue	Tom O'Carroll
Gerry Maher	Valerie O'Reilly

Bhí seacht cruinniú ar siúl ag an gCoiste Páirtíochta le linn 2011.

Bhí dhá Cruinniú Coimre Foirne ar siúl ag Bainisteoir an Chontae i 2011, i Mí Feabhra agus i Mí na Nollaig chun a chur in iúl don fhoireann faoi na dúshláin atá ós comhair Chomhairle Chontae Laoise le linn 2011.

Saoráil Faisnéise (S.F.)

Thosaigh an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 ar an 21 Aibreán, 1998 do Ranna agus Oifigí Rialtais agus roinnt Comhlachtaí Rialtais eile ar an 21 Deireadh Fómhair, 1998 d'Údaráis Áitiúla agus do Bhoird Sláinte.

Tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003 i bhfeidhm an 11 Aibreán, 2003. Chuir an tAcht roinnt leasuithe tábhachtacha i bhfeidhm ar Acht 1997, go suntasach maidir le hAlt 19 (Taifid Rialtais), Alt 20 (Breithniúcháin Chomhlachtaí Poiblí), Alt 24 (Slándáil, Cosaint agus Caidreamh Idirnáisiúnta) agus Alt 47 (Táillí).

Caithfear gach iarratas ar Shaoráil Faisnéise a phróiseáil faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, arna leasú.

Iarratais a fuarthas/próiseáladh i 2011

Iarratais ar láimh ag 31/12/2010	Nil
Iarratais a fuarthas le linn 2011	26
Cinnidh déanta le linn 2011	18
Iarratais tarraingthe siar	2
Iarratais tarraingthe siar agus déileáilte leo lasmuigh den FOI	2
Iarratais ar láimh ag 31/12/2011	4

Nádúr an Eolais a Lorgaíodh

Pearsanta (don iarrthóir)	5
Neamh-Phearsanta	1

Achomhairc

Achomhairc don Coimisinéir Eolais	Nil
Achomhairc don Ard Chuairt	Nil

Foinse na n-Iarratas

Iriseoirí	1
Gnó	Nil
Baill Oireachtais	Nil
Baill an Údaráis Áitiúil	Nil
Eile/An Pobal Ginearálta	25

Clár na dToghthóirí 2011/2012

Tá an Chomhairle freagrach as cur le chéile Chlár na dToghthóirí do Chontae Laoise a thagann i bhfeidhm ar an 15ú Feabhra gach bliain. Chun a bheith i dteideal a bheith curtha ar Chlár na d-Toghthóirí ní foláir duit a bheith ar a laghad 18 bliain d'aois ar an lá go dtagann an clár i bhfeidhm agus níorbh fholáir duit bheith id' ghnáth-chónaí sa stát ar an 1ú Meán Fómhair sa bhliain roimh theacht i bhfeidhm don gClár.

Togh-Roinn na Dála	Toghthóirí Uachtaráin	Toghthóirí na Dála
Laois - Uíbh Fháilí	54,568	55,230

Togh-Roinn Pharlaimint na hEorpa	Eorpacha Toghthóirí	Eorpacha Dóighiúla Toghthóirí
Cúige Laighean	55,755	237

Togh-Roinn Cheantar Áitiúil	Líon na d-Toghthóirí
Bhuiríos Mór Osraí	13,941
Ioma	9,209
Log an Churraigh	9,521
Móinteach Mílic	8,962
Port Laoise	15,435
Total:	57,068

Toghthóirí Poist agus Toghthóirí Speisialta	
Gardaí	2
Fórsaí Cosanta	221
Taidhleoirí	1
Iad siúd le Máchail choirp	28
Oibre Etc.	8
Toghthóirí Speisialta	32

Toghthóirí Rialtais Áitiúil na gComhairle Bhuirg nó nagComhairle Bhaile

Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic	2,977
Comhairle Bhaile Phort Laoise	8,299
Iomlán	11,276

COMHDHÁLACHA A nDEARNADH FREASTAL ORTHU IN 2011

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Toscairí	Caiteachas
European Legislation on Human Rights / Irish Legislation & Irish Case Law	Gaillimh	14 – 16 Ean	1	€496.94
Compliance with Planning Permission	Gaillimh	21 – 23 Ean	2	€1,135.62
Economic Conference	Luimneach	28 – 29 Ean	3	€1,028.62
A.M.A.I. Spring Seminar	Beanntrai	11 – 12 Feabhra	3	€1,809.12
Colmcille Winter School	Leitir Ceanainn	18 – 20 Feabhra	1	€855.56
Implications for the Voluntary Sector	Trá Lí	18 – 20 Feabhra	1	€615.21
The Local Government Planning Service	Luimneach	11 – 13 Márta	5	€2,303.10
EPA Climate Change	Baile Átha Cliath	15 Márta	1	€45.61
Equal Status Legislation	Cathair na Mart	18 – 20 Marta	8	€4,983.32
Effective Time & Priority Management	Dún Dealgan	18 – 20 Marta	1	€547.03
Association of City & County Councils	Tulach Mhór	24 – 25 Marta	3	€683.50
How to be an Effective Chairperson	Ros Ó gCairbre	1 – 3 Aibreán	5	€2,749.23
Irish Water, Sewerage & Waste Exhibition	Baile Átha Cliath	7 Aibreán	1	€124.86
Kerry Environmental Training Seminar	Trá Lí	7 – 10 Aibreán	6	€3,776.24
The Future of Local Politics	Ros Ó gCairbre	15 – 17 Aibreán	5	€2,772.75
L.A.M.A. Spring Seminar 2011	Dún Dealgan	29 – 30 Aibreán	3	€1,403.42
European Influences on Local Government	Gaillimh	13 – 15 Bealtaine	2	€1,107.66
Public Speaking & Promotional Design	Ros Ó gCairbre	13 – 15 Bealtaine	3	€1,715.22
Procurement Expenditure & Revenues	Leitir Ceanainn	27 – 29 Bealtaine	1	€705.71
Exploring Local Government Reform	Gaillimh	27 – 29 Bealtaine	6	3,140.05
Resource Wise (EPA)	Leitir Ceanainn	1 Meitheamh	1	€143.86

Sonraí na Comhdhála	Suíomh	Dáta	Toscairí	Caiteachas
Renewable Energy	Dún na nGall	3 – 5 Meitheamh	6	€3,929.69
Elected Member Responsibilities	Gaillimh	10 – 12 Meitheamh	3	€1,167.86
Seán MacDiarmada Summer School 2011	Coillte Clochair,Liatroma	17 – 19 Meitheamh	6	€2,975.09
Science Technology	Corcaigh	23 Meitheamh	1	€375.49
Reforming Public Service	Baile Átha Cliath	7 Iúil	1	€60.11
Time Management & Media Skills	Ros Ó gCairbre	8 – 10 Iúil	1	€578.01
MacGill Summer School 2011	Na Gleannta	24 – 29 Iúil	10	€9,288.16
Current issues in Education	Gaillimh	25 – 27 Iúil	2	€1,071.81
Risk Assessment & Insurance	Gaillimh	29 – 31 Iúil	5	€2,398.41
Local Government Planning Service	Sciobairín	12 – 13 Lúnasa	1	€547.58
Reform of Local Government	Cathair na Mart	12 – 14 Lúnasa	4	€2,373.06
Parnell Summer School 2011	Chill Mhantáin	14 – 19 Lúnasa	2	€1,545.71
Renewable Energy	Trá Lí	19 – 21 Lúnasa	7	€4,193.16
Enhancing Promotional Material MS Office	Cloich na Coillte	2 – 4 Meán Fómhair	2	€1,003.68
A.M.A.I. Annual Conference	Baile Átha Troim	8 – 10 Meán Fómhair	3	€1,496.51
L.A.M.A. Autumn 2011	Dún Garbhán	23 – 24 Meán Fómhair	8	€2,826.70
Effective Representation	Trá Lí	23 – 25 Meán Fómhair	4	€2,405.27
Waste Water Laws	Dún na nGall	30 Sep – 2 Deireadh Fómhair	8	€4,992.87
Intertrade Ireland Innovation Conference	Béal Feirste	4 Deireadh Fómhair	1	€441.05
Getting a Grip – Substance Misuse	Cill Airne	6 – 7 Deireadh Fómhair	4	€2,462.72
Social Housing	Cathair na Mart	14–16 Deireadh Fómhair	1	€529.94
The Role of the Regional Authority	Gaillimh	21–23 Deireadh Fómhair	2	€702.68
Douglas Hyde	Ros Comáin	4 Samhain	1	€254.29
The Nordic Models	Baile Átha Cliath	4 Samhain	1	€190.85
Waste Water	Trá Lí	11 – 13 Samhain	1	€539.57
Water Pollution	Dún na nGall	18 – 20 Samhain	3	€1,949.80
Midland Regional Authority Conference	Baile Átha Luain	23 Samhain	1	€51.84
Innovation & Entrepreneurship	Gaillimh	24 Samhain	1	€208.50
Clare Tourism	Inis Díomáin	26 Samhain	4	€2,081.90
Biodiversity Showcase	Baile Átha Cliath	30 Samhain	1	€60.11
Health & Safety and The Councillor	Cluain Meala	9 – 10 Nollaig	1	€340.69
C.A.P. Reform	Trá Lí	9 – 11 Nollaig	4	€1,974.78
Local Government Charges Act 2009	Gaillimh	16 – 18 Nollaig	4	€1,367.48
Iomlán				**€88,528.00**

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

Cathaoir: John Moran M.C.C.

Baill	Ranna
Willie Aird, M.C.C.	Pat Flanagan
Brian Stanley, M.C.C.	Mick Dowling
James Daly, M.C.C.	Miriam Hamilton
Mary Sweeney M.C.C.	Michael Kelly
Catherine Fitzgerald M.C.C.	
Rosemary Whelan, Mountmellick T.C.	

SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA

Stiúrthóir Seirbhísí: Anna Marie Delaney

Oifigeach Sinsearach Feidhmiúcháin: Michael Rainey

Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin: P.J. Dempsey

Oibrí Sinsearach Sóisialta: Fionnuala Daly

Sé príomhaidhm Chomhairle Chontae Laoise ná infhaighteacht lóistín a dhéanamh chomh mór agus is féidir chun na ranganna difriúla riachtanais a shásamh agus chun an réimse iomlán roghanna tithíochta a chur chun cinn.

Buaic-Phointí le linn 2011

- Oscailt oifigiúil Lár Ionaid Acmhainní Phort Laoise nua, Treo Nua, ar an 14ú Deireadh Fómhair, 2011 ag an Aire Phil Hogan.
- Cur i bhfeidhm socruithe fad-théarmacha léasa le forais cheadúnaithe tithíochta áirithe as ar tháinig 30 aonad sóisialta faoin Iniamh Léasadh Sóisialta.
- Eiseachada buacach de 212 deontas do dhaoine le h-éagumas agus do shean-daoine ina gcónaí i Laois.

Tuairisc CAS

Tháinig CAS de chuid Tithíochta agus Sóisialta le chéile in Aibreán, Bealtaine agus Mí na Samhna 2011. D'aontaíodh faoi agus tacaíodh leis na pola-saithe seo a leanas le linn 2011:

- Fo-Dhlíthe Smacht Ar Chapaill (leasaithe)
- Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí do Thionóntaí Faid-Théarmacha
- Scéimeanna Leithdháilte

Scéim do Lóistín ar Cíos

Tá i gceist go soláthróidh an scéim foinse breise lóistín d'ard chaighdeán ar chíos le haghaidh daoine intofa agus freagra Comhairle Chontae Laoise a fheabhsú i dtaobh riachtanas tithíochta fhad téarma a shásamh. Tá breis eolais maidir leis an scéim le fáil ar www.laois.ie. I 2011 seachadadh 66 cinn de shealúchais in a iomlán faoin Scéim Lóistín ar Cíos.

Socraithe Sóisialta Léasaithe

Le cead na Roinne dhein Comhairle Contae Laoise Socruithe le Forais Tithíochta Formheasta i dtaobh léas fad-théarmach ar aonaid ag áiteanna éagsúla i gContae Laoise. Tá 44 sealúchas eiseachada cheana féin chuige seo faoin socrú seo.

Tógáil & Éadáil Tithíochta

I rith na bliana, tógadh nó ceannaíodh 21 teach faoin gClár seo. Is é seo a leanas an briseadh síos:

Áiteanna Cónaithe Tuaithe	4 aonad
Athrú ó In-acmhainn	6 aonad
Aonaid Chuid V	14 aonad
IOMLÁN	**24 aonad**

Ba é €1,776,135 an Riar Caipitil do 2011 agus úsáideadh an tsuim seo go léir.

Achoimre ar an gClár

Tithe á dtógáil ag 31/12/2010	15
Tithe a tosaíodh i 2011	9
Tithe a chríochnaíodh i 2011	24
Tithe á dtógáil ar an 31/12/2011	Nil

(Tá idir tithe in-dí-shuite, tithe á gceannach dara lámhach agus éadáil Cuid V san áireamh san achoimre thuas.)

Ionad Áise Phort Laoise

Bé buaic-phointe 2011 oscailt oifigiúil Ionad Áise nua, Treo Nua ar an 14ú lá de Dheireadh Fómhair 2011 ag an Aire Phil Hogan. Tá an t-ionad nua mar áis pobail den gcéad scoth i Cnoc Maíbunaithe ar mhogha seirbhísí roinnte. Ins an bhfoirgneamh tá clinic áitiúil cúram príomhúil de chuid an FSS, crèche mór, seomraí iar-scoile, oifigí Ionad Áise, oifig de chuid Chomhairle Contae Laoise agus réimse de sheomraí traenála i dteannta le seomra ríomhaireachta lán fearais, seomraí cruinnithe gin-earálta, siopa agus café.

Siad trí tionónta ancaire príomha an fhoirgnimh Ionad Áise an Teaghlaigh, an FSS agus Comhairle Contae Laoise. Tá réimse de ghníomhaireachtaí eile mar FÁS, CGO, Páirtíocht Laoise agus tá na Gardaí tiomanta seirbhísí a sholáthar trí na h-áiseanna traenála agus trí sheomraí tionóil an phobail. Tá an áis gur fiú na mílte euro í mar bhreis tábhachtach do bhonneagar sóisialta agus pobail Phort Laoise. Chomh maith le infheistíocht suaithinseach caipitil san áis seo ag Comhairle Contae Laoise, fuarthas cistíocht chaipitil, chomh maith, ó Phobal, ó RCORA, ó Ionad Áise an Teaghlaigh, ón FSS, ó Pháirtíocht Laoise agus ó Chomhairle Bhaile Phort Laoise mar a leanas:

Comhairle Contae Laoise:	€2,000,000
Ionad Áise Teaghlaigh:	€562,000
FSS:	€350,000
Pobal:	€450,000
RCORA:	€640,000
Pháirtíocht Laoise:	€150,000
Comhairle Bhaile Phort Laoise	€80,000

Tá an pobal tar éis an-tacaíocht a thabhairt don dtionscnamh seo ón dtosach. Chuaigh a ndearcadh siúd i bhfeidhm ar gach céim de phleanáil agus de dhearadh an ionaid nua seo a dheimhnigh go raibh na cinnidh is fearr déanta chun go mbainfeadh an pobal an buntáiste is mó as ath-bheo Chnoc Maí. Sé an toradh atá air ná spás so-lúbtha a úsáidfear ar lán a chumais do ghníomhaíochtaí agus do sheirbhísí éagsúla don uile aois, dá gclanna agus don bpobal áitiúil. Tá bainistíocht ó lá go lá á riaradh ag Bord Bainistíochta, Treo Nua Teo. atá déanta suas de ionadaithe ó Chomhairle Contae Laoise, ón FSS, ón Ionad Áise Teaghlaigh, ó Pháirtíocht Laoise, ó Scoil Náisiúnta Bhríde agus ón bPobal Áitiúil.

Cothabháil Stoc Údaráis Áitiúil

Sa bhliain 2011, lean An Rannóg Tithíochta ag feabhsú na ngnáthamh gnó a bhaineann le cothabháil agus le ligin ar chíos stoc na Comhairle trí bheartú éifeachtach tosaíochta agus úsáid a bhaint as na h-acmhainní airgeadais agus daonna ar fáil. Be an toradh a bhí ar seo seirbhísí custaiméara a bheith feabhsaithe go suaithinseach, am freagartha agus bainistíocht níos so-fheicthe ar an seirbhís. Cheadaigh cistíocht RCORA i leith uasghrádaithe fuinnimh agus deontas aon uaire athchóirithe don Rannóg Tithíochta athruithe struchtúracha suaithinseacha do roinnt mhaith da chuid áitreabh.
Ag an31ú Nollag 2011 tá 2,043 áitreabh dá cuid stoc ar chíos, go raibh 97.75% díobh curtha ar cíos ag deireadh na bliana. Le linn 2011 bhí 3071 achainí ar dheisiúchán faighte ag Rannóg na Cothabhála gur críochnaíodh 2957 díobh (96.29%).

Cuid V – Straitéis Tithíochta

I 2011 lean An Roinn Tithíochta ag déanamh monatóireachta ar fhorbairt agus ag plé le forbróirí sa chontae chun teacht ar réiteach faoi chloí le Cuid a V den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (leasaithe) agus le Straitéis láithreach Tithíochta na Comhairle i leith sholáthar de riachtanas 17.5 % de thithíocht sóisialta/in-acmhainn i bhforbairtí cónaithe nua ag baint úsáid as gach rogha atá ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha faoi láthair i margadh na dtithe.

An Rannóg Tithíochta Deonaí

Tá cáil thar na bearta ag Comhairle Contae Laoise ag comhar le forais deonacha i leith sholáthar aonad deonach tithíochta. Ag an 31/12/11 bhí 271 aonad soláthraithe faoin Scéim Iasacht Caipitil &Fóirdheontais agus 239 gcinn de aonaid Fhóirdheontais.

Tithíocht Inacmhainne

I 2011 cheadaigh An Roinn Chomhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil aistriú sé cinn d'aonaid inacmhainne i bPort Laoise ina stoc sóisialta.
Faoi láthair tá tithe ar an margadh i Sráidbhaile Maryborough, Port Laoise ar phraghas chomh h-íseal le €89,000. Is féidir sonraí breise a fháil fúthu ar www.laois.ie.

Sráidbhaile Maryborough, Port Laoise.

Scéim na Suíomh Príobháideach

Bhí líon suíomh príobháideacha curtha ar fáil i Bhaile an Chaisleáin, Bhaile Ruadháin agus Cluain na Slí. Is é costas ceannaithe na suíomh seo ná:

Bhaile an Chaisleáin -	€25,000,
Bhaile Ruadháin -	€30,000 agus
Cluain na Slí -	€20,000.

Ba chóir dóibh san go bhfuil suim acu ina leithéid teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Tithíochta le haghaidh sonraí.

Gníomhaíocht faoi Scéimeanna Éagsúla

Síntí le Tithíocht Údarás Áitiúil:

Faighte	1
Críochnaithe	1

Oibreacha Feabhsaithe in ionad Tithíocht Údaráis Áitiúil:

Tosaithe	Nil
Críochnaithe	1

Deontas d' Athrú Tithíochta le haghaidh Daoine le Míchumas Orthu:

Iarratais faighte	81
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	73
(Iomlán €)	503,163

Scéim Deontais Tithíochta :Cabhair Shoghluaiste

Iarratais faighte	69
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	54
(Iomlán €)	223,430

Scéim Cúnamh Teaghlaigh le haghaidh Daoine Níos Sine:

Iarratais faighte	150
Méid Iomlán na n-Deontas Díolta	85
(Iomlán €)	443,500

Scéim Ceannaithe do Thionóntaí:

Iarratais Faighte	53
Tithe Díolta	12

Iasachtaí Tithíocht:

Méid Iasachta	6
(Iomlán €)	874,583

Cíos na dTithe

Sé líon stoc tí na Comhairle faoi láthair 2,043 leis an meán-chíos ar €41 per aonad. Déantar athbhreithniú go rialta ar an gcíos ar bhonn cás i ndiaidh cháis faoi mar a éilíonn an ócáid.

Lóistín don Lucht Siúil

Ghlac an Chomhairle leis an gClár reatha i mí Eanáir 2009 agus ritheann sé ó 2009 go 2013. Réitíodh an Clár Cóiríochta don tréimhse 2009 – 2013 de réir na bhforálacha a leagtar amach in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

Freastalaíonn sé ar riachtanas (reatha) 37 teaghlach agus 18 dteaghlach a mheastar a mbeidh riachtanas acu.

Il 2011, fuarthas lóistín do 6 gclann i ngnáth Tithíochta an Údaráis Áitiúil.
Déanadh céim chun cinn suaithinseach i 2011 i leith chistíocht na Roinne a fháil do Scéim nua Tithíochta Grúpa i gCúl a' tSúdaire le cead dul chun tairisceana i Lúnasa 2011.

Bainistíocht Eastáit

Bhí forbairt leanúnach ar siúl ar pholasaí na Comhairle sa bhliain 2011 ar rannpháirtíocht na gcónaitheoirí i m-Bainistíocht Eastáit agus déileáladh le gnéithe mar:

- Bainistíocht Eastáit
- Cothabháil Ghinearálta
- Modhanna Ceansaithe Tráchta
- Iompar frith-shóisialta

Comórtas don Eastát is fearr 2011

Catagóir A: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte sa bhreis ar 10 mbliain

An Chéad Duais: Cónaitheoirí Doonane Cumann, (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Catagóir B: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte idir 3-10 mbliana

An Chéad Duais: Sean Doire, Dárú (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Catagóir C: Eastát Tithíochta Chomhairle Chontae Laoise oscailte níos lú ná 3 bhliain

An Chéad Duais: Cúirt an Mhuilinn Nua, Cúl an tSúdaire (Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

Duais Speisialta: Eastát a chuir an feabhas is mó ar an áit

Mainéar Bhaile Mhuiris , Cúil an tSúdaire(Bronnadh teastas agus seic do €150.00)

I 2011, bhí 78 Comhchaidreamh Áitreabhach ag fail tacaíochta ón Roinn Tithíochta.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse (Éifeachtach ón 1 Eanáir, 2011) - Tuarascáil Dhul chun cinn mar a bhí ag an 31ú Nollag, 2011

H: Tithíocht

H.1 Folúntais Thithíochta

Líon iomlán áiteanna cónaithe i stoc an údaráis áitiúil:	2043
Líon iomlán áiteanna cónaithe seachas iad siúd atá faoi réir tionscadal móra athchóirithe:	2041
% iomlán áiteanna cónaithe atá folamh (seachas iad siúd atá faoi réir athchóirithe mór):	2.25%
% d'áiteanna cónaithe folmha nach bhfuil ar fáil le ligean:	47.8%
% d'áiteanna cónaithe folmha atá ar fáil le ligean:	52.2%

H. 2 Méid ama a thóg sé, ar an meán, na lóistíní ar fáil le haghaidh ath-chíosa a chur amach ar chíos arís:

(a) Am tógtha ó fhógraíocht an dáta scoir go dtí an dáta go bhfuil gach deisiú riachtanach déanta atá measta a bheith déanta chun an lóistín a chur amach ar chíos arís: 10 seachtainí

(b) Am tógtha ó oibreacha a bheith críochnaithe suas chuig dáta an chéid dochar cíosa:5 seachtainí

H. 3 Líon na ndeisithe déanta mar chéatadán de líon na n-achainí bailí ar dheisiúcháin faighte 96.29%

Líon na ndeisithe déanta	2,957
Líon na n-achainí bailí ar dheisiúcháin faighte	3,071

H. 4 Lucht Táistil Áitiúil:

Líon iomlán na dteaghlach taistil a fuair cóiríocht mar chéadatán na spriocanna i gClár Cóiríocht um an Lucht Táistil Áitiúil	85.71%
Líon Teaghlach Lucht Siúil gur tugadh lóistín dóibh	6
Sprioc uimhir Theaghlach an Lucht Siúil le dídean a bheith tugtha dóibh, mar atá leagtha amach i gclár bheith istigh áitiúil dóibh san	7

H.5. Cur-i-bhfeidhm na gcaighdeán ins an earnáil phríobháideach ar chíos:

Méid iomlán na dtionóntaí cláraithe:	2637
Méid na n-aonad cónaithe gur déanadh cigireacht orthu:	263
Méid na cigireacht déanta:	330
Méid na lóistíní gur déanadh cigireacht orthu mar % des na tionóntachtaí cláraithe:	9.97%

H. 6 Deontais chun tithíocht a athrú le haghaidh riachtanais na ndaoine le míchumas orthu:

(a)	Méid ama tógtha, ar an meán, (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoi Scéim deontais Cúnaimh So-ghluaiseachta ón uair a fhaightear iarratas bailí:	2.9 seachtain
(b)	Méid ama tógtha (i seachtainí) chun a chur in iúl do iarrthóirí faoi bhreith faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine le Míchumas Orthu nuair a bhfaightear iarratas bailí:	4.32 seachtain

H. 7 Traenáil do Thiontaithe:

Fán gcéad iomlán na dtionóntaí áitiúla nua a chríochnaigh traenáil réamh-tionóntactha: 0%

ACMHAINNÍ DAONNA

Staitisticí Earcaíochta

Bhí 464 duine fostaithe ag Comhairle Chontae Laoise ar an 31ú Nollaig, 2011.

Le linn 2011, bhí 9 comórtas ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise agus tógadh na staitisticí seo a leanas astu:

Méid Iomlán na n-iarratas a fuarthas: 205

	Fir	Mná
Iarrthóirí	194	11
Iarrthóirí Gur Éirigh Leo	55	7

Ceapacháin Seasta/Arduithe Céime 2011

	Fir	Mná
Ceapacháin	1	0
Ardú Céime	3	0

Bhain na comórtais seo le folúntais ins an tSeirbhís Dóiteáin, ach go háirithe, go bhfuil, de bharr nádúr na hoibre, díolúine acu ó théarmaí an mhoratóra reatha i gcás earcaíochta, atá ar bun ó Lúnasa, 2009.

Tionscnaimh Cothromaíochta an t-Saoil Oibre

Lean Comhairle Chontae Laoise cothromaíocht an t-saoil oibre a chur i bhfeidhm le haghaidh na foirne le linn 2011. Ag deireadh na bliana, bhí 9 bhfostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Ghairme, bhí 26 fostaí ag baint úsáid as an scéim roinnte poist/oibre, bhí 24 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Sos Tuismitheoirí agus bhí 16 fostaí ag baint úsáid as an Scéim Bhliana Oibre Níos Giorra.

Comharthaí Náisiúnta Comhlíonta

Chuaigh an Chomhairle thar an teorainn 3% den Comhartha Náisiúnta Comhlíonta le haghaidh caiteachais ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pa rolla iomlán 2011. Bé 4.13% an toradh.

Caiteachas ar thraenáil agus ar fhorbairt mar fhán gcéad de chostais pá rolla iomlán.

2010	2011
4.13%	4.56%

Indáil leis na laethanta oibre a cailleadhmar gheall ar shaoire dheimhnithe agus eamhdheimhnithe sead iad na staitisticí.

	2010	2011
Le Teastas	5.09%	4.07%
Gan Teastas	0.55%	0.62%

Comhartha na Seirbhíse Áitiúla

Méid Laethanta Traenála soláthraithe don bhfoireann – 1008

Caidrimh Thionsclaíoch

In ainneoin bhliain dian go náisiúnta bhí dea-chaidreamh tionsclaíodh ar siúl ag Comhairle Contae Laoise le linn 2011 gan aon easaontas ró-mhór ag tarlú. Lean an Chomhairle, de réir Chomhréiteach na Seirbhíse Poiblí 2010 – 2014, agus i gcomhairle leis na Ceard Cumainn iomchuí na bearta a chur i bhfeidhm atá deartha chun éifeacht a fheabhsú agus sábháil costas a léiriú. I mí Bealtaine 2011 d'imlínigh Tuarascáil Chéim ar Aghaidh Chomhairle Contae Laoise sábháil de sa bhreis agus €3milliún gurbh ionann agus sábháil de €1.2 milliún i gcás phá, mar aon le nach mór €1 milliún nach pá é, agus costais de €900,000 seachanta.

Traenáil & Forbairt Fostaithe

Tá Comhairle Chontae Laoise dírithe ar ár bhfostaithe go léir a thraenáil agus a fhorbairt i gcomhthéacs spriocanna agus aidhmeanna na Comhairle a chur i gcríoch agus scileanna na bhfostaithe a fhorbairt. Tá Comhairle Chontae Laoise ag déanamh a díchill feabhas leanúnach a bheith i seachadadh na seirbhíse trí fhorbairt phearsanta a chuid fostaithe.

Tá an clár traenála bliantúil bunaithe go h-áirithe ar riachtanais traenála an duine aonaraigh a aithnítear trí Phleananna Forbartha Pearsanta na foirne mar chuid den bpróiseas CBFG. Tá gnéithe san Clár, chomh maith, mar Riachtanais Sláinte & Sábháilteachta, Clár Filleadh ar an Fhoghlaim, Clár Foghlamtha Oscailte an Tríú Leibhéil agus Seimineár /Saotharlanna éagsúla de réir mar a dtagann siad.

Bhí clár traenála an-chuimsitheach seachadta le linn 2011. Bhí caiteachas de €386,336 ar an dtraenáil. Sampla de chláir na traenála mar a leanas:-

- Dínit ag Obair
- Sábháilteacht ag obair
- CSCS 180 céim Traenáil Tochaltóra
- Pas-sábháilte
- Comharthaí, Soilse agus Gardáil ag Oibreacha Bóthar
- CPC an Tiománaí

- Éifeacht Fuinnimh
- Cúrsa ar Láimhseáil do Theagascóirí
- Bun-Phrionsabail an Dlí Fostaíochta
- Cosaint Leanaí
- Traenáil i leith Dréimrí

Clár Foghlamtha Oscailte

Déanann Comhairle Chontae Laoise a dícheall fostaithe a éascú go dteastaíonn uatha Cúrsaí Foghlamtha Oscailte Tríú Leibhéal a dhéanamh, a bhaineann leis, agus a chabhraíonn le forbairt ghnó na Comhairle, agus le gnó agus le freagracht an oibrí, chomh maith. Seo a leanas samplaí de na cláir Foghlaim Oscailte a éascaítear:-

- IPA – Teastas, Dioplóma & Céim i Staidéir Rialtais Áitiúil
- DCU/LGMSB – Céim Mháistreachta i Riarachán Gnó
- UCD – Teastas i Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair
- ME ón Ollscoil Oscailte i bPleanáil Bhaile agus Tuaithe

Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine

Tá an creidiúnú Ard Caighdeán Feabhais Trí Dhaoine mar chaighdeán náisiúnta na hÉireann le haghaidh fhorbairt Acmhainn Daonna. Tá an duais bainte amach ag eagraíochtaí go bhfuil na córais Acmhainn Daonna is fearr cleachtais ar bun acu, go háirithe ins an aicme traenála agus forbartha foirne, cumarsáid, agus rann-pháirtíocht na bhfostaithe i bpróiseas na mbreitheanna san eagraíocht.

Bhuaigh Comhairle Contae Laoise an duais seo don gcéad uair i 2005 agus sroicheadh leibhéal an chaighdeáin ar feadh tréimhse de dhá bhliain eile. Éacht thar na bearta ar son na bhfostaithe an duais suaithinseach seo d'fháil. Is bailíochtú eachtrach é rite ag FÁS agus déanann sé imlíniú ar thiomantas agus ar iarracht na bhfostaithe go léir i dtaobh a gcuid fhoghlama féin agus a bhforbairt phearsanta i dteannta lena rannpháirtíocht, mar dhaoine aonaracha agus mar chuid de fhoireann, san fheabhsú leanúnach in oibríocht seirbhísí agus aidhmeanna na n-eagraíochta.

Polasaithe Foirne

D'fhorbair Comhairle Chontae Laoise réimse polasaithe foirne i gcomhréir leis an gcleachtas is fearr i m-Bainistíocht Acmhainn Daonna. Tugadh isteach/déanadh athbhreithniú orthu seo a leanas le linn 2011:

- Scéim na n-Oibreacha Fleisc-Uaireanta 2011
- Scéim Bhlianta Oibre níos Giorra 2011
- Polasaí Traenála agus Clár 2011

Comhionannas

Is fostóir comhionannais atá i gComhairle Contae Laoise agus tá sí tiomanta do réimse leathan bearta, cleachtas agus modhanna oibre a thabhairt isteach a dhíríonn ar ranníocaíocht agus feidhmíocht aonair a aithint, a fhorbraíonn cumas gach duine agus a thugann deis chothrom do gach duine a t(h)alann a úsáid agus a c(h)umas a fhíorú.

Tá Foireann Ghníomhaíochta Chomhionannais ann, a oibríonn ar son leasa an lucht bainistíochta agus na bhfostaithe, chun scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus baint amach chuspóirí comhionannais a chinntiú.

Ag Tacú le h-Éagsúlacht

Tugann Comhairle Chontae Laoise tacaíocht do fhostaíocht daoine le míchumas orthu agus baineann sí amach a sprioc mar atá leagtha amach ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. D'éascaigh Comhairle Chontae Laoise, i dteannta le Gníomhaireacht Fostaíochta Lár na Tíre roinnt áiteanna taithí oibre do dhaoine le míchumas orthu le linn 2011.

Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais

Tá an Tionscadal Acmhainní Daonna, Párolla agus Aoisliúntais i gComhairle Contae Laoise mar chuid de thionscadal náisiúnta atá á fhorfheidhmiú ag 27 n-údarás áitiúil agus a gComhairlí Baile. Thosaigh an tionscnamh i 2008 agus beidh sé críochnaithe i 2012.

Le linn 2011 dhein foireann tionscnaimh dul chun cinn suaithinseach i gcur chun cinn an tionscnaimh. Rolladh amach Am agus Tinreamh do fhoireann uile na n-oifig a bhí fágtha (Innealtóirí, Teicneoirí agus Bainistíocht Sinsir). Déanadh cleachtas mór le

tacaíocht ón Oifigeach Pinsin inar eisíodh Ráiteas Buntáiste priontáilte ón Modúl Aoisliúntais Croílár. I measc bearta suaithinseacha eile críochnaithe le linn na bliana ab ea imeacht ár roinn óstaíochta chuig an áis óstaíochta de chuid CBRA i CityWest agus críochnú chleachtas réadú sochar CBRA mar scéim phíolóta don rannóg. Chuir an fhoireann tionscnaimh a lán ama agus iarrachta ag tacú le feidhmeanna AD, Pá Rolla agus Aoisliúntais i leith CORE.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE & CUMARASÁIDE

I 2011, in ainneoin laincisí géara ar chúrsaí airgid, bhí an roinn TEC fós mar cheann-ródaí ar chur chun cinn na teicneolaíochta agus na cumarsáide laistigh de cheantar an údaráis. Mar a bhí i mblianta eile roimhe seo bhí an bhéim ar sheirbhís fheabhsaithe a sholáthar, mar aon le laghdú costais, dá mb'fhéidir, agus ag an am gcéanna cumarsáid laistigh den eagraíocht féin agus leis an bpobal i gcoitinne a fheabhsú. I dteannta le gnáth obair na Roinne, críochnaíodh na h-iniaimh i leith costais a laghdú agus feabhsú leibhéil na seirbhíse.

Athbhreithniú ar Chostais Teileafóin agus Cumarsáide

Bhí athbhreithniú iomlán déanta ar úsáid teileafóin agus ar chostais a bhain leis le linn 2011 agus sé a bhí i gceist leis costais a ghearradh in áit gur féidir san a dhéanamh, agus ag an am gcéanna éifeacht a fheabhsú. De bharr na h-athbhreithnithe sin, laghdaíodh ar líon na línte teileafón in úsáid trasna na h-eagraíochta. Bhí beartas comórtas tairisceana curtha ar bun chun an cíos líne agus costais glaonna is saoire a fháil don Chomhairle. Mar thoradh ar an mbeartas seo tá laghdú suntasach san Teileafónaíocht agus ar chostais a bhaineann leis bainte amach.

Pleanáil don Mhór-Éigeandáil

Le linn chúrsa na bliana 2011 déanadh comhdhlúthú agus uasghrádú ar áiseanna laistigh de Halla an Chontae le h-aghaidh ócáidí Mór-Éigeandála. I measc na nithe a déanadh bhí soláthar fearais bhreise agus modhanna oibre mar áiseanna teagmhála Éigeandála don bPobal arna bhainistiú ó Sheomra Smachta Éigeandála Speisialta in Áras an Chontae.

Slándáil na gCóras TEC agus Fearas

Lean an obair ar bhainistíocht agus ar fheabhsú slándála chóras Faisnéise agus Cumarsáide le linn 2011. Tá Rannóg TEC agus an Rialaitheoir Cosanta Sonraí an-dáiríre ar fad, ar fad faoi shlándáil sonraí. Tá a lán acmhainní foirne tugtha do sonraí a choimeád slán sábháilte, mar aon le beartais aisghabhála iomchuí a úsáid i gcás teip chrua-earra nó teipeanna eile.
Le linn 2011 déanadh iniúchadh ar chleachtais slándála ag gníomhaireacht eachtrach agus tugadh faoi aon cheantar go raibh uasghrádú nó neartú uaidh a réiteach. Teanntaíodh rochtain a smachtú agus cumraíocht, faid a bhí ríomhairí glúine agus gléasanna sonraí in-iompair criptithe.

Bainistíocht na gCóras agus an Fhearais

De bharr cheangail ar chúrsaí airgid ní foláir do gach fearas TEC a bheith á bhainistiú agus á chothabháil chomh h-éifeachtach agus is féidir chun a shaolré a fhadú agus a dheimhniú go ritheann sé ar bharr a mhaitheasa. Tá tréimhse fhada agus iarracht infheistithe in uasghrádú an stoic atá ann de RP Deisce agus foras eile seachas acmhainní ganna a chaitheamh ar fhearas nua a cheannach. Toisc próifíl aoise cuid den bhfearas tá am agus iarracht caite anois ar obair chothabhála agus uasghrádaithe.

Clár Leas i Maoin

In Aibreán na bliana 2011 chuir an fhoireann bhainistíochta foireann le chéile chun an tionscnamh Clár leas i Maoin (CLM) a chur i bhfeidhm. Sí an aidhm atá ag an dtionscnamh mapáil a dhéanamh agus sonraí a thaifeadadh ar a bhfuil de thalamh agus de fhoirgnimh i seilbh Chomhairle Contae Laoise i gContae Laoise. Sé a bhíonn ar siúl ins an dtionscnamh sonraí uile stairiúla ar fáil a in-chur i gcóras ríomhaireachta, chomh maith, le córas bainistithe a chur i bhfeidhm ina mbíonn an córas CLM uasdátaithe le h-eolas nua agus uasdátaithe faoi eolas ar shealúchas ar bhonn leanúnach. Tá an CLM ar fáil anois faoin gcóras mapála FIR (Feidhm chlár Inlíon Spásúil) le h-éagsúlacht de chláir théamacha. Ceadaíonn san an toradh is fearr a fhail ó na sonraí.

Go dtí seo tá an fhoireann CLM tar éis 1450 taifead a dhéanamh go buacach san gcóras CLM agus ta próiseas curtha i bhfeidhm acu go gcaithfeadh aon rannóg atá ag déileáil le h-idirbheartaíocht réad-mhaoin na sonraí faoi a chur in iúl don fhoireann CLM i dteannta le léarscáil na talún.

Meáin Sóisialta

Twitter

Tá líonrú sóisialta mar uirlis luachmhar i gcur chun cinn, le teagmháil agus le h-eolas a thabhairt don bpobal in ár gceantair seirbhíse uile. Tá 800 lucht leanúna in ár gcuntas príomha twitter @LaoisCouncil. Úsáidimid an cuntas seo chun uasdátaithe seirbhíse a fhógairt mar dhúnadh bóthar, easpaí uisce, uasdátaithe Deontas Ard Oideachais, táillí airgeadais agus nuacht agus ócáidí ó gach aicme eile mar (Ealaíon, Spórt, Turasóireacht, agus Leabharlanna). Tá @LaoisLibraries uasdátaithe ag gach aicme Leabharlanna agus tá gach gníomhaíocht áitiúil leabharlanna postaithe.

You Tube

Tá láithreas againn ar You Tube, faoin bpróifíl LaoisCoCo áit ar uaslódálamar físeáin ar Thurasóireacht, ar na h-Ealaíona agus ar cheol.

Facebook

Comhairle Contae Laoise-
http://www.facebook.com/LaoisCountyCouncil
Seo é ár leathanach príomha Facebook don eagraíocht. Déanaimid uasdátú air le nuacht agus le h-eolas ó na ranna uile.

Leabharlanna Laoise -
http://www.facebook.com/LaoisLibraries
Déanann ár Rannóg Leabharlanna uasdátú ar seo le nuacht agus le h-eachtraí ó gach ceann de na leabharlanna áitiúla.

Seirbhís Tine agus Tarrthála Contae Laoise -
http://www.facebook.com/laoisfire
Cuireann an Rannóg Thine lucht a úsáide ar a n-eolas faoi eachtraí áitiúla, tarrthála agus eachtraí traenála.

Comhshaoil Laoise -
http://www.facebook.com/LaoisEnvironment
Coimeád Laois glan – úsáideann ár rannóg comhshaoil a leathanach Facebook chun a chur in iúl dúinn faoi chomórtais, eachtraí pobail, glanadh suas agus athchúrsáil.

Turasóireacht Laoise -
http://www.facebook.com/laoistourism
Úsáideann ár n-oifigeach turasóireachta a leathanach mar uirlis úsáideach margaíochta chun Co. Laoise a chur chun cinn.

Tá Fóram Oidhreachta Laoise - http://www.facebook.com/laois.heritage.forum á chothabháil ag an oifigeach Oidhreachta a thug faoi ndeara go raibh a leathanach an-bhuacach chun aird a dhíriú ar gach gné den oidhreacht tógtha, aiceanta agus cultúrtha Chontae Laoise.

h-Ainmníodh ár n-iarrachtaí i leith Líonrú Sóisialta sa gcatagóir “An t-Údarás is Nuálaí” i gCumann Ball na n-Údarás Áitiúla (CBUÁ) 2012.

Suíomh Idirlín

Leanann suíomh idirlín na Comhairle le bheith mar an pointe teagmhála is buacaí le baill an phobail. Bhí 3660 cuaird in aghaidh na seachtaine an bhliain seo caite, 53% díobh ab ea daoine ag filleadh athuair agus 47% díobh don gcéad uair. B ’iad na leathanaigh ba mhó éilimh Pleanáil agus leathanach “PayforIT” díolacháin ar líne ina bhfuil an Táille Tithíochta nua curtha ann againn. Tá an fhoirm i leith teagmhála linn go mór i mbéal a’ phobail go mb’fhearr leo go mb’fhearr leo tuairisc i dtaobh fadhbanna a chur in iúl dúinn ar líne.

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

Stiúrthóir Pobail & Fiontair, Forbairt Eacnamaíochta & an Contae a Chur Chun Cinn: Declan Byrne

Cathaoir: Michael Lalor, M.C.C.

Baill

John King, M.C.C.
John Bonham, M.C.C.
James Deegan, M.C.C.
Paul Mitchell, M.C.C.
Padraig Fleming, M.C.C.
Rotimi Adebari, M.C.C.
Alan Hand, T.C.

Ranna

Miriam Hamilton
Margaret Ryan
Kathleen Gorman
Fintan Phelan

Bord Fiontair Chontae Laoise

Ballraíocht Bhord Forbartha Chontae Laoise

Rialtas Áitiúil:
John Moran, M.C.C., Cathaoirleach Bhord Forbartha Chontae Laoise
Peter Carey, Bhainisteoir an Chontae
Martin Phelan, M.C.C., Michael Lalor, M.C.C., James Daly, M.C.C., John Bonham, M.C.C., Paddy Bracken, M.C.C., John Joe Fennelly, M.C.C.

Forbairt Áitiúil:
Maria Callinan, Bord Fiontraíochta Laoise
Lena Ging, Bord Fiontraíochta an Chontae, (Scortha 2011)
Anne Goodwin, Comhlacht Páirtíochta Laoise
Paddy Buggy, Comhlacht Páirtíochta Laoise
Sonya Duggan, Coiste Cúraim Leanaí Laoise, (Scortha 2011)

Gníomhaireachtaí Stáit:
Mary Delaney, FSS Lár na Tíre
Anne O' Keeffe, CGO Laoise
Pat Campbell, FÁS (Scortha 2011)
Con Feighery, Teagasc
Barry Egan, Fiontar Éireann
Chief Supt. Frank Moore, Garda Siochana
Kevin Kidney, Failte Ireland

Páirtithe Sóisialta:
James G O'Hanlon, Earnáil Ghnó
Brendan O'Brien, Earnáil na gCeardchumann
Maria Groarke, Fóram Pobail Laoise
Kathleen Gorman, Fóram Pobail Laoise
Theresa Carter, Piléir Comhshaoil
Michael Bergin, An Earnáil Feirmeoireachta & Talmhaíochta

I 2011 lean Bord Forbartha Chontae Laoise ar aghaidh lena chuid oibre agus bhí sé cinn de chruinnithe acu i leith chur chun cinn na dtrí cinn d'aidhmeanna dá Athbhreithniú Straitéise, chomh maith le dhá chruinniú speisialta i dtaobh chomhairliúcháin ar Phlean Forbartha 2012 – 2018 Chontae Laoise agus formhuiniú ar phleananna ghníomhaireacht forbartha áitiúil le h-aghaidh a n-aighnithe don Rialtas Lárnach. Siad na h-aidhmeanna in Athbhreithniú Straitéise CDB Laoise ná:

- Deiseanna Fostaíochta a Bhreisiú do Chách.
- Laois a chur chun cinn mar Chontae Neamhdhíobhálach do Leanaí.
- Coinneoidh agus forbróidh Laois inmharthanacht a bhailte agus a shráidbhailte.

Bhuail na trí Tasc Ghrúpaí a bhunaigh an Bord chun gníomhaíochtaí sonracha a bhaint amach ins an Athbhreithniú Straitéise le céile go rialta i 2011 agus táid ag obair ar na gníomhaíochtaí seo.

An Grúpa Oibre um Beartais Chuimsiú Sóisialta

Lean an Grúpa Oibre Bearta Iniamh Sóisialta ag teacht le chéile le linn na bliana. Ritheadh Lá Líonraithe ar an dtéama "Tacaíochtaí agus Fadhbanna i leith Dhaoine anonn i mblianta" i Mí Dheireadh Fómhair i Lár Ionaid an Pharóiste, Port Laoise. Dhein na cainteoirí seo a leanas roinnt léiriúchán ar an lá:

Finola Colgan, Sláinte Mheabhrach Éireann "Ag dul in aois le Dearcadh Deimhneach & Barr Sláinte",
Pádraig Farrelly (Oifigeach Coiscthe Coireanna, An Garda Síochána) "Sábháilteacht Bhaile, Phearsanta" Joan Freeman (Tigh Pieta) "Ag Cosc Féin-Díobhála & Féin-Mharaithe".

Gréasán Áitiúil Drugaí Laoise

Chruinnigh Coiste Líonra Áitiúil Drugaí Laoise le chéile ar bhonn rialta le linn 2011. Sí aidhm an líonra áitiúil meabhraíocht d'ardú i dtaobh dul i ngleic le mí-úsáid substaintí sa chontae. I 2011 d'fhorbair an Líonra lámhleabhar meabhraíochta do thuismitheoirí i dtaobh mhí-úsáid drugaí agus alcóil agus daoine óga.

h-Eiseachadadh Tionscnamh Ealaíona/Graifítí éidtreorach le linn samhradh na bliana 2011 do dhaoine óga ina gcónaí I bPlás Uí Mhórdha, Port Laoise ag Obair Óige Éireann (Laois) éascaithe agus maoinithe ag Líonra Drugaí Áitiúil Laoise go bhfuil a thoradh le feiceáil mar mhúrmhaisiú san

eastát gur féidir leis an bpobal féachaint air. Sheol an Líonra a fheachtas faoi mheabhraíocht drugaí "ceannairí do scoileanna" le h-aghaidh a dháileadh do scoileanna dara leibhéil i gcomhar le gníomhaireachtaí eile agus bhí a ócáid líonra dá chuid féin do ghníomhaireachtaí ionadacha agus d'eagraíochtaí ar an Líonra chun eolas a roinnt agus ceangail idir na páirtithe a scrúdú.

Lean an Rannóg Pobail agus Fiontraíochta i 2011 éascú agus tacaíocht a thabhairt do:

- Ghrúpa Tacaíocht do Mhionlach Eitneach Laoise
- Choiste Idir-Ghníomhaireachta Lucht Siúil Laoise
- Líonra Tuismitheoirí Singil
- Dhaoine anonn i mblianta
- Dhaoine ar an imeall agus iad san nach gcloistear uatha ach go h-annamh

Comhairle na nÓg Laoise 2011

Bhí bliain an-deimhneach ag Comhairle na n-Óg Laoise le linn 2011, le h-earcaíocht líon maith daoine óga ar an Chomhairle.

Cad é an rud é mar sin atá déanta ag Comhairle Laoise i 2011 chun seasamh ar son daoine óga i Laois agus chun cabhrú leo a nguth le bheith cloiste?

Déanann baill na Comhairle, in aon slí in aon chor gur féidir leo, ionadaíocht a dhéanamh ar thuairimí dhaoine óga ar fud an chontae, trí ionadaíocht a dhéanamh ar scoileanna, ar clubanna, agus ar ea-graíochtaí óige ar an gComhairle agus ag obair chun gnéithe a théann i bhfeidhm orthu a chur os comhair a' phobail agus b'fhéidir iarracht a dhéanamh nithe d'athrú go réadach do dhaoine óga trína ndearcadh a chur in iúl i leith chinneadh lucht a ndéanta san chontae. Teastaíonn uathu cabhrú chun athruithe beaga a dhéanamh a chabhróidh le daoine óga ina saol. Le linn 2011, b' iad na h-ábhair go raibh Comhairle Laoise ag obair orthu:

- meabhraíocht d'ardú i dtaobh sláinte ghnéis i measc daoine óga agus oideachas i leith sláinte ghnéis in ár scoileanna, ach go h-áirithe
- rochtain níos mó ar ghníomhachtaí do dhaoine óga i mbailte níos lú agúis i sráidb hailte i Laois

Éascaíodh an Chomhairle ag saineolaithe san obair le linn na bliana agus léiríodh do Bhord Forbartha an Chontae, chomh maith. Sheol An Chomhairle a suíomh idirlíon "Déagóirí Laoise" www.teensoflaois.ie i 2011

Nithe eile go raibh Comhairle na n-Óg Laoise sáite ann le linn 2011 ab ea:

- Comhairliúchán faoi dhearadh an Café Óige nua i bPort Laoise
- Ionadaíocht á dhéanamh don dream óg ar Choiste Óige an CGO
- Freastal ag Comhdhála, ina raibh Comhdháil faoi Shláinte Mheabhrach Deimhneach gur dhein Comhairle na n-Óg na h-Iarmhí ós taíocht air.
- Freastal ar sheoladh Thuarascáil Dháil na nÓg ar athruithe i churaclam na sraithe sóisearaí i meán scoileanna.
- Páirt á ghlacadh in ullmhúchán do agus mar CP do ócáidí áitiúla don Seachtain Fóil líochta Áitiúla i nDeireadh Fómhair 2011.
- Cur chun cinn suirbhé íomhá coirp i measc dhaoine óga ar son Dáil na nÓg.

d' Fhreastail 140 duine óg ar Chruinniú Cinn Bhliana Chomhairle na nÓg i gColáiste Phort Laoise ar an 10ú Mí na Samhna, 2011. Téamaí a bhí faoi chaibidil ag na daoine óga ag cruinniú na bliana seo ab ea:

- Scileanna le h-aghaidh fágála bhaile
- Ciníochas i measc dhaoine óga
- Íomhá coirp
- Sábháilteacht ar an Idirlíon / cibear-bhu laíochta

Tar éis chomhairliúcháin leo san go léir a d' fhreastal bhí gnéithe áirithe le cinneadh déanta orthu ag an gComhairle go mbeadh na baill ag obair orthu don bhliain seo chugainn/dhá bhliain seo chugainn.

Dáil Na nÓg 2011

Bhí Ócáid Náisiúnta de Dháil na nÓg ar siúl ar an 18ú Samhain, 2011 in Ionad Chomhdhála Pháirc a' Chrócaigh ar a d' fhreastal 5 ionadaí ó Chomhairle Laoise- Ger Quinn, Meaghan Dunne, Klaudia Malec, Shannon Reid agus Aaron Peters. I measc na rudaí a déanadh plé orthu bhí "guthanna na ndaoine óga a neartú trí Chomhairle na n-Óg" ar a ndéanfar scrúdú air agus a bheidh curtha chun cinn ag Feidhmeannacht Chomhairle na n-Óg nua-thofa (atá ag teacht mar chomharba ar Chomhairle Náisiúnta na nÓg mar a bhí) i 2012.

Coiste Comh-Phóilíneachta an Chontae

Soláthraíonn Coiste Chomh-Phóilíneachta an Chontae an deis do Údaráis Áitiúla, do na Gardaí Síochána, do Bhaill an Oireachtais, do cheannairí an phobail agus do bhaill an phobail trí mhodúl páirtíochta chun dul i bhfeidhm go suntasach ar chaighdeán na beatha laethúla ag gach ball den bpobal i gceantair uile an Údaráis Áitiúil. Soláthraíonn sé fóram, inar féidir leis an Údarás Áitiúil, Oifigigh Shinsearaigh na nGardaí atá freagrach as cúrsaí póilíneachta an chontae, le páirtíocht ball an Oireachtais agus suimeanna an phobail, dul i gcomhairle le chéile, nithe a phlé agus moltaí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar chúrsaí póilíneachta i gContae Laoise.

Bhí an Cruinniú Pobail Bliantúil de Choiste Chomh-Phóilíneachta Chontae Laoise ar an 10ú Dheireadh Fómhair, 2011. Bhí slua maith ón bpobal i láthair a chuir ceisteanna ar an gCoiste agus tugadh freagraí ag na Gardaí agus ag Comhairle Chontae Laoise. B' iad na téamaí don gcruinniú poiblí i mbliana:

- Drugaí agus Oideachas
- Cosaint agus Meas ar ár d-Timpeallacht
- Slándáil inár bpobal

Fuarthas ceisteanna ó sé cinn de ghrúpaí pobail a déileáladh leo ag an gcruinniú faoi reachtaíocht i leith thiomáint ar meisce, capaill ó smacht, acmhainní na nGardaí agus dúnadh stáisiúin na nGardaí, IFS, clár cuairteanna chuig na scoileanna, bruscar, Scéimeanna Pobal ar Aire/ Faire Comharsanachta, coireanna a thuairisc, gnéithe na n-óg, meabhraíocht agus tacaíocht i leith drugaí agus sábháilteacht ar na bóithre.

Fóram Pobail Laoise

www.laoiscommunityforum.ie

Baill an Fhóraim

Tá Fóram Pobail Laoise déanta suas de Choiste Fóraim Feidhmeach tofa a dhéanann ionadaíocht ar an bpobal/ar an rannóg dheonach i ngach ceann de naCeantair Thoghchán.

Port Laoise:
Phil Mulhare, Sylvia Rouget, Andy Sutton, Maria Groarke
Ioma:
Margaret Guijit-Lawlor, Michael Cobbe, Folúntas
Log an Churraigh :
Mary Wheatley, Kathleen Gorman, Folúntas
Mhóinteach Mílic:
Sheelagh Coyle, Matt Barrett, Paddy Buggy (Cathaoir)
Bhuiríos Mór Osraí:
Pat McSpadden, Michael Lynch, Michael G. Phelan, Noreen Byrne, Mick Dowling

B' iad Tosaíochta Fóraim Pobail Laoise i 2011 ná:

- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta ar an bpobal /rannán deonach ag leibhéal an Bhoird Fhorbartha agus ag leibhéal gníomhaireachta deonaí áitiúla
- Leanúint le h-iniamh sóisialta a chur chun cinn i ngach rannán den bpobal
- Iarrachtaí na ngrúpaí pobal agus deonacha san sa chontae a admháil agus a chur chun cinn
- Cumarsáid idir an Fóram agus grúpaí pobail/deonacha ag leibhéal ceantair áitiúil a fheabhsú
- Na gníomhartha go bhfuil an Fóram tiomanta dóibh san Athbhreithniú Straitéise 2009 – 2012 de chuid Bhoird Forbartha an Chontae a eiseachadadh
- Béim a chur ar mheabhraíocht timpeall an

chontae faoi ghnéithe tábhachta m. sh. Sláinte mheabhrach deimhneach agus cosc ar féin-mharú, chomh maith le rialachas san bpobal/rannán deonach agus prionsabail bhailiúchán airgid.

- Cabhrú le Baill an Fhóraim trína dtraenáil i gcur i láthair agus i líonrú an mheáin sóisialta chun tuilleadh poiblíochta i leith an Fhóraim a scaipeadh trasna an chontae agus go náisiúnta
- Caidreamh poiblí a fheabhsú agus íomhá an Fhóraim a ardú trína a chuid oibre a chur chun cinn sna meáin áitiúla agus náisiúnta.

Bhí láithreas maith ag an bhFóram ag leibhéal Bhoird Fhorbartha an Chontae le Kathleen Gorman agus le Maria Groarke agus ag Paddy Buggy ag leibhéal forbartha áitiúil. Bhí ionadaíocht ag an bh-fóram ar gach CAC, ar Choistí Chomh-Phóilíneachta gach Bhaile agus Chontae agus roinnt fóraim eile mar Fhóram Oidhreachta Laois, Páirtíocht Laoise agus Coiste Cúram Leanaí Laoise.

Ócáidí & Tionscnaimh atá cuimsitheach go sóisialta

Lean an Fóram lena chuid oibre ar iniamh sóisialta a chur chun cinn trasna an chontae trí cinn de laethanta líonraithe buacacha do dhaoine níos sine i Crochta Ard, Baile Bhiocáire agus i mBaile na Cille agus, chomh maith, trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh mar fhuáil agus gairneoireacht á dhéanamh trí oibreoirí deonacha agus grúpaí mion-laigh eitneacha a fhostú atá ag maireachtáil sa chontae.

Tacaithe eile a bhí i gceist ná páirt a ghlacadh san ócáid Lá Náisiúnta Fóillíochta i bPort Laoise ainm-nithe mar “Os cionn na Gealaí” féile bunaithe sa phobal deartha ag grúpa óige ar son teaghlach le leanaí óga – agus tacaíocht do leanúint ar aghaidh do chláir mheabhraíochta éagumais i scoileanna dara leibhéil sa chontae i gcomhar le Páirtíocht Fóil-líochta Laoise.

Tionscnaimh Chomhoibreacha 2011

Lean an Fóram ar aghaidh ag comhoibriú le h-ea-graíochta eile áitiúla ar ócáidí agus ar thionscnaimh mheabhraíochta, ina measc

- Pobail ghníomhacha – mar scéim phíolóta i Sráidbhaile, i gcomhar le Páirtíocht Spóirt Laoise, FSS, Páirtíocht Laoise agus CGO Laoise
- Ócáid Mheabhraíochta Drugaí agus Alcóil ASAP, i gcomhar le FSS,CLG Laoise, Páirtíocht Spórt Laoise agus Páirtíocht Laoise. Chomh maith le tionscnamh meabhraíocht drugaí “ceannairí do scoileanna”, i gcomhar le gníomhaireachtaí páirtíochta ar Eanga Drugaí Áitiúil Laoise.
- Feachtas “Bí ullamh don Gheimhreadh,” i gcomhar leis na h-eagraíochtaí agus na gníomhaireachtaí go bhfuil ionadaíocht acu ar Choiste Pleanála Mhor-Éigeandála Laoise agus eagraíochtaí pobail áitiúla
- Grúpa Comhoibritheach Sláinte Mheabhrach Laoise – ag feidhmiú faoi choimirce Bhord Forbartha an Chontae, ach a bhí mar ábhar gur cuireadh béim air an bhliain roimhe sin agus treoraithe ag a bhaill chun go mbunófaí an grúpa seo san chontae.

Ócáid Eolais um Acht Carthanachta

Toisc a fheabhas is a d’éirigh leis an bhliain roimhe sin, bhí ócáid eolais eile ar siúl ag Fóram Pobail Laoise i Cúl a’ tSúdaire i 2011 chun béim a chur ar chód an phrionsabail, foilsithe le déanaí, i leith an chleachtais is fearr i dtaobh bhailiú airgid ag an ran-nóg pobail/deonach. Labhair Sheila Nordon, Stiúrthóir Feidhmeach an Ghrúpa Athrú Cánach Carthanach Éireann ag tabhairt eolais faoin Acht Carthanach 2009 agus faoi dhea-rialachas san ran-nóg.

Cumarsáidí agus Líonrú

D’ Fhreastal baill an Fhóraim ar na comhdhála éagsúla le linn na bliana agus d’éascaigh an Fóram roinn dá gcuid grúpaí cláraithe, gur fhreastal a n-ion-adaithe ar chúrsaí traenála aon lae a bhí á soláthar trí An Roth agus trí eagraíochtaí forbartha eile pobail dá leithéid. Bhí na grúpaí acmhainn pobail a fhor-bairt tógtha suas, chomh maith, le dáileadh nuachtli-tir an Fhóraim ina raibh noda ar “Ullamh don Gheimhreadh”, rialachas maith agus meabhair chinn dearfach, mar aon lena lán alta ar ghrúpaí ag déanamh a lán oibre laistigh dá bpobail féin agus níos faide ó bhaile. Lean an Fóram ar aghaidh á dhaingniú féin mar guth an phobail, ag bualadh le iarrthóir don uachtaránacht, Seán Gallagher, go luath ina fheachtas.

Lean an Fóram ar aghaidh, le linn 2011, a chuid oibre agus obair an Phobail agus an Rannáin Dheonaigh a chur chun cinn trína suíomh idirlíon agus a leathanach ar Facebook, trína nuachtlitir agus trí ionadaíocht an Fhóraim ag ócáidí móra an Chontae, leo san a bhíonn eagraithe agus ar siúl ag an Fóram féin mar Dhuaiseanna Pobail agus De-

onacha, Cruinnithe Ceantair le grúpaí pobail agus seisiún eolais faoin Acht Carthanachta. Chabhraigh clúdach na n-ócáidí seo go léir sna páipéir áitiúla le ainm Fóram Pobail Laoise agus a chuid oibre le linn na bliana a chur chun cinn.

Cruinnithe Ceantair 2011

Bé buaic-phointe an Fhóraim i 2011 i leith cheangail a dhéanamh ná óstaíocht ar cheithre cinn de chruinnithe idir an Fóram agus ionadaithe grúpa pobail ag leibhéal ceantair. Bhí cruinnithe an-mhaith ar siúl sa Mhóinteach Mílic, Arles, Baile Colla agus Port Laoise le roinnt mhaith rudaí á bplé agus roinnt mhaith deiseanna líonraithe aimsithe mar an deis chun líonra de choistí lucht cónaithe i mBaile Phort Laoise a chur ar bun mar shlí chun an acmhainn sin a fhorbairt chun tabhairt faoi aon fhadhbanna bainistíochta eastáit a bheadh acu agus chun slite a aimsiú teacht ar eolas iomchuí a chabhródh leo.

Lean an Fóram leis ag cabhrú leis an Garda Síochána i 2011 chun forbairt a dhéanamh ar an modúl píolóta de chruinniú líonraithe grúpaí lucht cónaithe, atá le bheith ar siúl i Márta na bliana seo. Tá comhoibriú breise fós ar siúl ag cabhrú le grúpaí pobal ar aire agus faire comharsanachta sa chontae, le comhairle agus le tacaíocht á dtabhairt ag an Fóram agus ag An Garda Síochána.

Aithníonn Duaiseanna Pobail agus Deonach laochra an phobail 2011

Déanadh ceiliúradh ar laochra pobail trasna an chontae ag Fóram Pobal Laoise ar an 16ú Samhain nuair a chruinnigh os cionn 200 duine i dTigh Ósta Chill Eisin, Port Laoise don 3ú Bronnadh Bliantúil de chuid an Phobail agus Lucht Deonach, le Fóram Pobail Laoise ag déanamh óstaíochta air, chun aitheantas a thabhairt don mhéid atá tugtha ag grúpaí pobail agus deonacha don saol i Contae Laoise. d' Fháiltigh an Fóram, ina bhfuil ocht mball déag, a sheasann ar son grúpaí pobail agus deonach timpeall na tíre, roimh seasca cúig ainmnithe i sé cinn de chatagóirí agus ocht nduine déag ainmnithe as ucht a bhfuil déanta acu, laochra neamh-aitheanta an chontae, dá bpobal áitiúil. d' Aithníodh gach ainmní mar dhuine a dhéin difríocht suntasach laistigh agus lasmuigh dá bpobal áitiúil trína gcuid ama a thabhairt, a gcomhoibriú, a gcuid samhlaíochta agus a gcuid díograis chun luach saothair a fháil do clubanna buacha, ócáidí agus bailiú airgid laistigh dá bpobal. Déanadh comhghairdeas le gach duine aonarach agus le gach grúpa ar an oíche agus bronnadh teastas orthu ag tabhairt aitheantais dóibh ar a gcuid ar son an phobail go deonach i Laois.

Cuireadh tús leis an oíche ag léiriúchán Amharclann Óige Sráid Bhaile dá gcuid féin "Elsewhere". Daoine a bronnadh duaiseanna orthu agus iad san a tháinig san dara áit ab ea:

Ealaíon & Cultúr
Buaiteoir: Grúpa Amharclanna an Dorais ar Oscailt
An dara h-áit: Maureen Culleton Rince Grúpa

Leanaí & Daoine Óga
Buaiteoir: Sráidbhaile Amharclann Óige
An dara h-áit: 4 Laoise Grúpa Gasóga Cúil an tSúdaire

Spórt & Fóillíocht
Buaiteoir: Coiste Clós Súgartha Sráidbhaile
An dara h-áit: Port Laoise 50 Aoisghrúpa Ghníomhach

Oidhreacht & Timpeallacht
Buaiteoir: South Laois Turasóireachta
An dara h-áit: Tionscadal Portach Mhainistir Laoise

Seirbhísí Pobail & Tacaíochta
Buaiteoir: Cúil an tSúdaire Cumann na mBailte Slachtmhara
An chéad áit: Móinteach Mílic Gníomhaíochta Lucht Scoir Grúpa
An dara h-áit: Buiríos Mór Osraí Seirbhísí Sóisialta Coiste

As an ocht nduine déag ainmnithe 'bí an tSiúir Mary O Grady a fuair gradam an Fhóraim Phobail mar an Laoch Neamh-Aitheantais i 2011 agus bronnadh an gradam uirthi ag Cathaoirleach an Fhóraim, Sheelagh Coyle.

Dhein Ms. Coyle comhghairdeas leis na h-ainmnithigh go léir, go bhfuilid uile, mar a dúirt sí, mar laochra ina bpobail féin, de bharr na crua-oibre agus an díograis a chuireadar isteach ina gceantair éagsúla agus in a bpobail, á bhforbairt agus céim in airde á thabhairt dóibh lá i ndiaidh lae, le bheith á cheiliúradh i mbliana, ach go h-áirithe, 2011 Bliain Eorpach an Deonaí, nuair atá pobail mórthimpeall na h-Eorpa aitheanta de bharr a ndeontas agus de bharr dearcadh deimhnigh lucht deonta, ag oibriú le chéile le h-aidhm chomónta ár bpobail a neartú. Ghabh Ms. Coyle buíochas do bhaill eile an Fhóraim dá dtiomantas agus dá gcrua-shaothar agus le Comhairle Contae Laoise as ucht a cuid tacaíochta leanúnaí.

Mhol agus dhein An Comhairleoir John Bonham, Cathaoirleach Chomhairle Contae Laoise comhghairdeas le Fóram Chontae Laoise de bharr iad a bheith mar ghuth an phobail i Laois, agus a thábhachtaí is ata sé an guth sin a bheith cloiste go láidir ar son an uile dhuine ag obair sa rannóg, ag forbairt slite oibre a neartóidh grúpaí agus daoine aonaracha sa phobal, ag am athruithe agus forbartha i láthair na h-uaire, ach go h-áirithe. Ghabh Ian McCormack, Stiúrthóir Gníomhach na Seirbhísí, buíochas leis an bhFóram as ucht a chuid oibre san chuid seo agus dhein se comhghairdeas lena raibh i láthair, leis na h-ainmneoirí agus leis na h-ainmnithigh. Dúirt sé gur chóir go dtabharfaí aitheantas de shíor don dearcadh deimhneach i leith na crua-oibre agus don dúil ag an lucht deonach a bpobal a ardú agus a chosaint; is sampla é an rannán pobail agus deonach ar ar féidir a chur i gcrích le dearcadh deimhneach da leithéid.

Fáiltíonn Fóram Pobail Laoise roimh na grúpaí uile clárú leo agus is féidir é sin a dhéanamh trí theagmháil le Tel.(057) 8674336, trí ríomhphost chuig LaoisCommunityForum@laoiscoco.ie nó trí uaslódáil foirm clárúcháin ag www.laoiscommunity-forum.ie.

Bród as d' Áit 2011

Tógann Laois an Gradam is Airde sa Chomórtas Uile-Oileán de Bhród as d' Áit

Bhuaigh Mainistir Laoise an duais is airde i Gradaim Bhród as d' Áit Uile- Oileáin de chuid Chomhoibriú Éireann a bhí fógartha ag searmanas gála i nGuaire, Co. Loch Garman ar an 5ú Samhain. Bhronn Phil Hogan T.D., an t-Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, mar aon le Cathaoirleach Comhoibriú Éireann Christopher Moran agus Cathaoirleach Choiste Bhród as d' Áit, a nduais ar an ngrúpa. Ag buachan i Catagóir a 5, do phobail sa bhreis ar 2000, dúirt na breithiúna; "Pobal iontach é seo. Tugann sé cúram don uile ní go mbeadh bród ar phobal cúram a thabhairt dó. Bhí na léiriúcháin den scoth agus dheimhnigh an turas tnúth ardaithe na mbreitheamh. D 'fhéach an baile, lena oidhreacht ailtireachta den gcéad scoth, go h-iontach agus bhí fianaise láidir de chomh-bhá idir na h-eagraíochta ar an lá. Is sampla é seo do gach seach-bhaile toisc na h-áiseanna uile agus dearcadh deimhneach a phobail"

Le linn an tráthnóna do mhol an t-Aire na grúpaí páirtíochta a oibríonn go dúthrachtach chun bród a chruthú agus a chur chun cinn ina gcathracha, ina mbailte agus ina sráidbhailte.

Aithníonn Comórtas Uile-Oileáin Bhród as do Áit agus déanann sé ceiliúradh ar a bhfuil tugtha ag páirtíochta pobail don sochaí. Tá an béim ar dhaoine ag teacht le chéile chun múnlú, athrú agus taitneamh a bhaint as a gceantar áitiúil féin. Tá difríocht idir é agus tionscnaimh atá cosúil leis sa mhéid is go n-aithníonn siad baint an phobail áitiúil i ngach gné de athbheochan tuaithe agus uirbí, agus san áireamh ann tá cur chun cinn comhtháthú sóisialta, bheith páirteach sa phleanáil, cur chun cinn na h-oidhreachta agus meabhraíocht faoin gcomhshaol.

Tá an comórtas á rith ag Comhoibriú Éireann mar aon le Coiste Stiúrtha Bhród as d' Áit. Dúirt Peter Sheridan Príomh-Oifigeach Chomhoibriú Éireann:

"Déanaim comhghairdeas le buaiteoirí uile i Gradaim Bróid as d' Áit i mbliana". Tá an gradam seo mar aitheantas ar an dtiomantas agus ar an crua obair déanta ar son a bpobail áitiúil. Cé nach féidir ach buaiteoir amháin a bheith i ngach catagóir, tá an Searmanas Gradaim seo mar ócáid chun iar-rachtaí gach grúpa, mórthimpeall an oileáin a bhí ainmnithe ag a n-údarás áitiúil, a admháil. I ndáiríre, is bua an pointe seo a shroicheadh, ann féin". Bhí Ministir Laoise mar cheann de dhá iontráil sa chomórtas i 2011. Chuaigh an iontráil eile, Ionad Fóillíochta Phort Laoise, a bhí sa chatagóir aon ghné – Iniamh Sláinte Phobail, i bhfeidhm go mór ar na breithimh nuair a dhein an pobal áitiúil, na baill tofa agus oifigigh, an fhoireann agus an bhain-istíocht sár-léiriúcháin air mar áit nach bhfuil in úsáid mar spás do phobal amháin, ach mar áit chun dea-shláinte agus folláine trí na cláir rollaithe amach ag an Ionad é féin agus i gcomhar le Páirtíocht Spóirt Laoise.

Bhí scéalta á n-insint do na breithimh ag muintir na h-áite mar ar athraigh an t-Ionad Fóillíochta saoil daoine, gur chabhraigh sé leo buaiceanna mar thei-dil Oilimpeacha agus Dornálaíochta idirnáisiúnta, chomh maith le buanna áitiúla agus idirnáisiúnta sa lúith-chleasaíocht agus sa trí-atlan. Thaispeáin an t-Ionad, i bpáirtíocht le Comhairle Chontae Laoise agus le Páirtíocht Spóirt Laoise a lárnaí is atá sé agus mar ar éirigh léis grúpaí uile an phobail a thógáil le chéile agus cur chuig an ceann a bhaint le cláir shláinte agus le gníomhaíocht fhisiceach.

Dhein an Comhairleoir John Bonham, an Comhair-leoir John Moran, Cathaoirleach Bord Forbartha Contae Laoise agus Peter Carey Bainisteoir an Chontae comhghairdeas leis na h-iontrálacha go léir agus leis na buaiteoirí toisc a mbua sa chomórtas i mbliana agus ghabh sé buíochas leo as ucht ion-adaíocht a dhéanamh ar son Laoise ag leibhéal náisiúnta.

Gníomhaíochtaí Eile

Chomhoibrigh an Rannóg Pobail agus Fiontair, chomh maith, leis na gníomhaireachta/eagrúcháin ar thionscnaimh agus ar iniaimh éagsúla le linn 2011:

- Comhlacht Comhpháirtíochta Laoise,
- Páirtíocht Spórt Laoise,
- Turas Laoise,
- Bord Fiontar Chontae Laoise,
- Coiste Cúraim Leanaí Laoise,
- Tionscnamh Caitheamh Aimsire BLOC agus PORT um Gharda Síochána,
- Port Laoise Óige Cafe Cuibhreannas
- Laoise Áitiúla Drugaí líonra,
- LABEL, Tionscnamh Tríú Leibhéal Laoise,
- Laoise Coiste Gairmoideachais Coiste Óige
- Ionad Faisnéise na Saoránach,
- Tascfhórsa Drugaí Réigiúnach Lár na Tíre agus
- Coiste Coimhlinte & Idirghabhála Lucht Siúil Lár na Tíre.

FORBAIRT EACNAMAÍOCH

Tá páirt ghníomhach ag Comhairle Chontae Laoise agus tá ról lárnach acu i bhforbairt eacnamaíochta an chontae. Tá an Chomhairle dírithe ar infheistíocht a mhealladh isteach ag tabhairt isteach spioraid féin-fhorbairt inmharthana agus táid dírithe ar deimhin a dhéanamh de go bhfuil forbairt chothrom ar siúl mórthimpeall an chontae.

Tasc-Ghrúpa Eacnamaíoch

Tá bainisteoir an Chontae ina chathaoirleach de tascghrúpa eacnamaíoch réamhghníomhach, a chuireann pointe cuimsitheach ar fáil i gcomhair cur chun cinn eacnamaíoch sa chontae. San áireamh i nGníomhartha/Cuspóirí tosaíochta bhí:

- Forbairt na Páirce Náisiúnta Fiontair
- Forbairt an tionscail dhúchasaigh a spreagadh/a éascú
- Dílárú
- An cur chun cinn de Chontae Laoise mar ionad imeachtaí
- An cur chun cinn d'fhorbairt na hardréimsí oideachais shainfheidhmigh sa chontae chun tionscail nua a mhealladh
- Forbairt de ghrúpa ardleibhéil tacaíochta mar aighní do Chontae Laoise
- Na cuspóirí atá san athbhreithniú um Straitéis Forbartha Contae 2009-2012 a chur i bhfeidhm, lena gcuirtear béim ar dheiseanna fostaíochta a fheabhsú do chách.

Tá dhá fho-choiste bunaithe ag an Tasc-Ghrúpa de dhaoine áitiúla gnó a dhéanfaidh moltaí don ngrúpa maidir le Tionscnaimh Fhorbartha Ghnó agus Mhargaíochta agus Cur Chun Cinn an chontae.

Ionad Fiontair Phort Laoise

Tá Ionad Fiontair Phort Laoise oscailte i gcomhair gnó agus tá sé tiomanta d'fhorbairt agus do chothú cultúir fiontair áitiúil i gceantar Phort Laoise. San áireamh sna gnóthais chónaithe tá:

- TSI Flowmeters Ltd
- Luke Hyland, Consulting Engineer
- Laois County Enterprise Board
- AOS Si Marketing

Fostaítear 25 duine san iomlán faoi láthair in Ionad Fiontair Phort Laoise.

Uasghrádú ar Pháirc Ghnó Chluain Minim.

Cuirfidh an t-uasghrádú, nuair a bheidh sé críochnaithe, leis an bhforbairt chomhtháite agus comhleanúnach an cheantair, neartóidh sé beocht geilleagair an cheantair agus cabhróidh sé go mór deiseanna fostaíochta a mhealladh agus a chothabháil.

Suímh Thionsclaíocha

Leanann Comhairle Chontae Laoise ag coimeád a ról díreach ag éascú forbairt eacnamaíochta/cruthú post trí chur de láimh leanúnach suíomh mórthimpeall an chontae. Leanann an Chomhairle ag fáil talún le haghaidh fhorbairt tionsclaíoch de bharr féidearthacht an Chontae do bhreis forbartha agus a chumas le haghaidh fhiontar nua.

Cómhalartú Phort Laoise

Beidh forbairt suíomh 250 acra in Acomhal Phort Laoise ann chun an tairbhe is fearr a bhaint as féidearthacht Forbartha Eacnamaíochta pasáiste iompair tábhachtach a ritheann trí an Chontae. Tá an tionscnamh mar thoradh díreach ar an Straitéis Náisiúnta Spásúil a thugann buntáiste as an gnáth do Laois agus do Phort Laoise i dtaobh é a chomharthú mar Nód Iompair agus Calafort Intíre.

Neartóidh forbairtí ar an láithreán seo an cumas atá ag Port Laoise ós rud é go bhfuil sé suite i lár na tíre.

TURASÓIREACHT

Ócáidí & Féilte

Lean Oifig Turasóireachta Chomhairle Chontae Laoise ag cur Contae Laoise chun cinn go gníomhach mar shuíomh do ócáidí i Lár na Tíre le linn 2011. Bhí na hócáidí seo a leanas ar siúl le linn na bliana agus mhealladar a lán daoine go dtí an contae.

Dúshlán Gailf Idirnáisiúnta Laoise

Bhí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise 2011 seolta go hoifigiúil ag Fuirseoir Après Match, Barry Murphy in Aibreán. Agus é tiomáinte ag roinn Turasóireachta Chomhairle Chontae Laoise, déanadh a lán margaíochta ar ghalf agus freastalaíodh ar thaispeántais sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart na hÉireann agus i Sasana. Dhein 4 Aces Wholesale Ltd, GALA agus Comhairle Chontae Laoise urraíocht ar an ócáid. Bhí Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf Laoise ar siúl ón 16ú go dtí an 19ú Bealtaine agus mheall sé galfairí ó thimpeall na hÉireann, ó Thuaisceart na hÉireann, ón Bhreatain Bheag.

Bhí an-rath ar an ócáid le clár iomlán gailf ar siúl thar 4 gcinn de chúrsaí gailf i Laois. Bhí clár siamsaíochta ar siúl, chomh maith, do chuairteoirí le linn an Dúshláin. Bhí bronnadh na nDuaiseanna Ginearálta ar siúl ins an Ionad Oidhreachta Gailf & Spá sa Cillín Ard. Tháinig Buaiteoirí na Duaise 2011 ó Thuaisceart na hÉireann (an tSraith Bhán). Bhí siamsaíocht soláthraithe gach tráthnóna den Dúshlán agus bhain cuairteoirí an-taitneamh as an tseachtain.

Gailf na h-Iodáile

Lean Turasóireacht Laoise agus Coiste Gailf Laoise ag obair go dlúth i dteannta Clubanna Gailf na hIodáile chun galf a chur chun cinn san dá cheantar. Mar thoradh ar seo, ghlac galfairí na hIodáile páirt ins an Dúshlán Idirnáisiúnta Gailf 2010 don gcéad uair. Thaisteal grúpa Galfairí Iodálacha go Laois ón 8ú go dtí an 12ú Meán Fhómhair agus d'imríodar Comórtas 'an Iodáil / Éire' ar an 10ú Meán Fhómhair i gClub Gailf Mhainistir Laoise.

Turas Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett

Bhí Turas Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett 2011 ar siúl le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc Mí Meitheamh. Bhí Fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl in Áras an Chontae tráthnóna Dé hAoine chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí, go háirithe cuairteoirí ó thar lear go Laois.

Bhí taispeántas gluaisteán clasaiceach ar siúl in Áras an Chontae agus thiomáin na rannpháirtithe Bealach stairiúil Gordon Bennett le linn na deireadh seachtaine. Bé an buaicphointe do a lán daoine a rannpháirtíocht i bParáid Réigiúnach Rós Thrá Lí de

chuid Gala trí shráideanna Phort Laoise ar an Satharn. Tá Féile Gordon Bennett mar chuid tábhachtach anois de Fhéile Chomórtais Cheannais Réigiúnacha Rós Thrá Lí i bPort Laoise. Thug Gluaisteáin Gordon Bennett cuairt, chomh maith, ar an Ócáid Lomadh Caorach Uile Éireann le linn na deireadh seachtaine.

Comórtais Ceannais Réigiúnacha na hÉireann Rós Thrá Lí

Bhí Comórtais Ceannais Réigiúnacha Idirnáisiúnta Rós Thrá Lí mar ócáid an-rafar, a bhí ar siúl le linn deireadh seachtaine Saoire Bainc Mhí an Mheihimh, le 53 Rós ó thimpeall na hÉireann go léir ag glacadh pháirt. Bhí diminsin idirnáisiúnta ann, chomh maith, i mbliana, le deichniúr Rós ó S.A.M. agus ón R.A. ag glacadh pháirt ins an Roghnú Idirnáisiúnta i bPort Laoise. Bhí Fáiltiú an Chathaoirligh ar siúl i ndiaidh lóin Dé hAoine le haghaidh Rósanna Éireann agus na Rósanna Idirnáisiúnta. Ghlac 50 Bachlóg Rois ó Bhunscoileanna ó thimpeall Laoise go léir páirt i bhFéile na bliana seo agus chuadar céim ar chéim leis na Rósanna. Ar an Satharn, tháinig oll-slua amach do Ghala-Pharáid na Rós. D'oibrigh Rith Gluaisteán Clasaiceach Gordon Bennett arís le Coiste na Rósanna agus thugadar na Rósanna agus na Bachlóga Rois trí shráideanna Phort Laoise.

Ghlac a lán grúpaí páirt ar an lá. Tháinig na sluaite timpeall na Cearnóige Sibhialta do thaispeántais ó ghrúpaí éagsúla agus bhí a lán gníomhaíochtaí ann le haghaidh chlainne. Bhí 50 seastán Margaíochta timpeall na Cearnóige i dteannta na h-ócáide.

Dhein Ostán Oidhreachta Phort Laoise óstaíocht ar na trí cinn de na h-oícheanta roghnaithe le linn na deireadh seachtaine agus bhí sé mar cheann d'urraitheoirí príomha na féile, i dteannta le h-urraíocht ó Chomhairle Chontae Laoise agus ó Chomhlacht Páirtíochta Laoise Teo.

Comórtas Taispeántais Sráide an Domhain, Port Laoise

d' Éirigh thar barr le Comórtas Taispeántais Sráide an Domhain a bhí ar siúl i Meitheamh 2011 i bPort Laoise. d' Fhreastal os cionn 4,500duine ar an ócáid i bPort Laoise ar an Satharn, agus bhaineadar taitneamh as réimse na dtaispeántas andúchasach ag an Street Theatre Crew agus "Where's Wally" ag lorg an chorr iarrachta domhanda. Bhí an toradh ina iomlán deimhneach agus bhí na h-eagraithe ansásta leis an tslí inar ghlac muintir Phort Laoise leis an ócáid.

ailí Ghluaisteán Heartlands

Bhí an ócáid ar siúl ag an am gcéanna le Comórtas Taispeántais Sráide an Domhain agus chuir sé le atmaisféar na féile i bPort Laoise i Meitheamh, 2011. Mheall an Railí 130 iomaitheoir agus lucht leanúna ollmhór de lucht leanta railí don ócáid dhá lá.

I measc ócáidí/ghníomhaíochtaí eile ina raibh an Roinn Turasóireachta páirteach ann i 2011 bhí:

- Féile Grinn Glam Oíche Shamhna
- Féile na Mainistreach
- Taispeántas Osraí
- Féile Howya Dharú
- Féile na Fraince
- Bróisiúr Gairdín a Thairgeadh

OIDHREACHT

Oibríonn Oifig Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise chun meabhraíocht agus tuiscint ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae Laoise a chur chun cinn. Tugtar faoi seo le cabhair na Comhairle Oidhreachta, trí na tionscnaimh atá sonraithe i bPlean Oidhreachta Laoise.

Plean Oidhreachta Laoise 2007-2011

Tá 50 gníomhaíocht, a bheidh á gcur i bhfeidhm le linn na mblianta atá le teacht sa phlean agus tá ceithre cinn de aicmí tábhachtacha ann mar a leanas:

- Eolas a bhailiú ar oidhreacht tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae;
- Meabhraíocht a ardú i dteannta le taitneamh a bheith bainte as an oidhreacht;
- An Cleachtas is fearr sa bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn I dteannta le caomhnú gníomhach ar an oidhreacht i Laois.

Baineann an t-eolas seo a leanas le tionscnaimh ó Phlean Oidhreachta Laoise a tugadh faoi le linn 2011 leis An gComhairle Oidreachta. Tá tuairiscí suirbhé agus taighde iomlána ar fáil ó Oifigí Oidhreachta Chomhairle Chontae Laoise, nó ar fáil le híoslódáil ag www.laois.ie/heritage.

Bailigh eolas ar Oidhreacht Chontae Laoise

An chéad chéim riachtanach i gcaomhnú agus ar imlíniú na h-oidhreachta seo ná eolas a bhailiú ar oidhreacht Laoise. Déanadh an tsuirbhé oidhreachta seo a leanas ar siúl le linn 2011

- Suirbhé ar Reiligí i Contae Laoise

Meabhraíocht d'ardú agus taitneamh as oidhreacht Laoise a chur chun cinn

D'oibrigh an t-Oifigeach Oidhreachta lena lán daoine, le grúpaí pobail agus le Fóram Pobail an Chontae chun tionscnaimh oidhreachta a phleanáil agus comhairle a thabhairt ar conas teacht ar cúnamh dheontais agus ar thacaíocht do thionscnaimh. Bhí gach tuairisc agus foilseacháin a foilsíodh le linn na bliana curtha isteach i rannóg an staidéir áitiúil de chuid Leabharlann Chontae Laoise agus cuireadh ar fáil iad le híoslódáil ar shuíomh idirlín Comhairle Chontae Laoise.

i measc na n-ócáidí ar siúl le linn 2011 chun meabhraíocht d'ardú i dtaobh ghnéithe oidhreachta

- Bhí Clár seachtaine de imeachtaí teaghlaigh, siúlóidí treoraithe, cainteanna, taispeántais sleamhnán agus laethanta spraoi eagraithe do Sheachtain náisiúnta Oidhreachta i Lúnasa.
- Tá siopaí oibre tar éis bheith ar siúl i dtaifead na Leacht cuimhneacháin curtha ar fáil ag Eachtra i gcomhar le Páirtíocht Laoise in Achadh Bó agus i gCluain na Slí go h-an-rathúil. Tá siopaí oibre le mic léinn IB in Rath Domhnaigh ar siúl, chomh maith, á dtraenáil san teicneolaíocht nua-aimsire atá in úsáid i dtaifead na reiligí – GPS, Iphone apps agus araile.

I dteannta le h-eachtraí, táirgeadh na foilseacháin a leanas le linn 2011:

- Foilsiú an leabhair 'Thatch – Voices from the Traditional Houses of County Laois'. Seoladh an Leabhar ar an 21ú lá de Mhí na Samhna, 2011 ag an Aire Jimmy Deenihan T.D., Aire Ealaíona, Oidhreacht agus na Gaeltachta.
- Seoladh comharthaí léir-mhínitheacha do Mhainistir Laoise le léarscáileanna maisithe mealltacha ag suímh shonracha sa bhaile i 2011.
- h-Ullmhaíodh Plean Pobail Inmharthana do Mhainistir Laoise i gcomhairle leis an bpobal.
- Foilsíodh leabhrán Cosán Gairdín Laoise i bpáirtíocht le Turasóireacht Laoise.

An Cleachtas is fearr i mBainistíocht Oidhreachta agus Caomhnú Gníomhach Oidhreachta a chur chun cinn.

Tugadh cabhair do réimse grúpaí i bhfoirm thionscnamh praiticiúil caomhnaithe do ghnéithe ó shuirbhéanna fián-bheatha go bhainistíocht reiligí. Ina theannta san, tugadh cabhair i leith iarratas a ullmhú do scéimeanna deontas oidhreachta na Comhairle do ghrúpaí mórthimpeall an chontae.

Fuarthas cistíocht don dtionscnamh atógála ar thigh na mbocht de chuid an Domhnaigh Mhóir i 2011. Tá réamh-chainteanna tosaithe cheana féin faoi mhaoiniú a aimsiú i leith obair chaomhnaithe ar Theach Cúirte Bhuiríos Mhór Osraí.

Bhí na tionscnaimh seo a leanas tógtha idir lámha i 2011 le tacaíocht ón Chomhairle Oidhreachta:

- Suirbhé ar Reiligí Chontae Laoise;
- Seoladh leabhrán Cosán Gairdíní Laoise i bpáirtíocht le Turasóireacht Laoise;

Comharthaí Comhlíonta	2011	2010	2009	2008
An méid gníomhaíochtaí ó Phlean Oidhreachta Laoise curtha i bhfeidhm: (Tá uasmhéid de 8 ngníomhaíocht sa bhliain maoinithe i gcuid ag angComhairle Oidhreachta).	4	3	3	8
Líon cruinnithe de Fhóram Oidhreachta Laoise ar siúl: Tagann Fóram Oidhreachta Laoise le chéile, de ghnáth, uair amháin gach ráithe, le grúpaí oibre ag cruinniú le chéile níos minice mar is gá.	2	3	4	3
Líon suirbhé bithé agsúlachta déanta:	0	1	1	3
Líon suirbhéanna oidhreachta forbartha/ cultúrtha déanta:	1	2	0	2
Líon foilseachán ar Oidhreacht Laoise foilsithe /tacaithe: (Is breis na foilseacháin seo ar thaifid tionscnamh foilsithe tar éis suirbhéanna &rl.)	3	4	0	1
Líon Cainteanna ar an Oidhreacht/Cúrsaí Traenála/Seimineáir eagraithe:	50	46	40	39

RANNÓG EALAÍONA

Shroic Scoil Cheoil Laoise 10ú cloch-mhíle lá breithe i 2011. Thosaigh an ceiliúradh le tionscnamh Léirithe agus Oideachais i gcomhar le Ceolfhoireann RTE ina raibh 45 páirtí ó SCL ag seinm le h-ais ceoltóirí le ceird ón gCeol-fhoireann. Tugadh Glún an Cheoil, Clár Oideachais Cheoil Náisiúnta na h-Éireann do Laois i Mí na Nollag, 2011 ar feadh thréimhse thrí bhliana(2012-2014) tar éis phróiseas iarratais an-dian ar fad. Chuir taithí forbartha agus foghlama Scoil Cheoil Laoise go mór leis an dtoradh deimhneach seo.

Amharclann Óige Laoise

d 'Oibrigh Amharclann Óige Laoise i Port Laoise, i Sráid Bhaile, i Móin Rátha, i Cúl a' t-Súdaire agus i Ráth an Domhnaigh i rith na bliana. Ócáidí gur ghabhadar páirt iontu ab ea Paráid lá 'le Pádraig Phort Laoise, siopaí oibre le Raymond Keane, ó Chomhlacht amharclainne Barabbas, ealaíontóir cónaitheach le Lár Ionad Ealaíne Dhún Másc agus le páirtíocht in ócáid City of Clowns in amharclann Dún Másc. Ghlac na baill páirt, chomh maith, i gComórtas Domhanda Taispeántais na Sráide i Port Laoise agus i bhFéile Amharclann na n-Óg i gCill Chainnigh. I gcomhar le Comhlacht Amharclann Pan Pan, ghlac na baill páirt in "Rehearsing the Dane" in Amharclann Dún Másc agus i Mí na Samhna ghlac na baill agus na múinteoirí páirt in ócáid Fhéile Oíche Shamhna ag an Plaza, Port Laoise.

Teach Ealaíona an tSráidbhaile

Osclaíodh Teach Ealaíona Sráid Bhaile go h-oifigiúil i Mí Bealtaine ag an Aire Jimmy Deenihan, An t-Aire Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta. Rud é a chosain sa bhreis ar €1.2 milliún, agus chabhraigh cistíocht de €440,000 ó Access leis. Sa coimpléasc tá stiúideonna na n-ealaíontóirí agus áiteanna cónaithe, áiléar taispeántais, ionad fearais ceoil chun cleachtadh, áith, seomra tionóil, spás do ghairdín le saothar ealaíne Percent for Art ardaithe ar an mballa coimisiúnaithe ó James Hayes. Ar aghaidh an fhoirgnimh amach tá dealbhóireacht aolchloiche le Henk Korthuys coimisiúnaithe i gcomhar le scéim chónaithe idirnáisiúnta ag Oibreacha Clocha McKeon, Sráid Bhaile. Ócáidí a bhí ar siúl le linn na bliana ab ea laethanta oscailte, comhdhála, taispeántais, léiriúcháin ó amharclann na h-óige, scannánú ag TG4, siopaí oibre pobail ealaíona do idir óg agus sean agus eachtraí don Lá Filíochta Náisiúnta, don Oíche Náisiúnta Chultúir agus do Bhliain Na gCeárd Laoise.

An Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna

Reáchtáladh an Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna i 9 scoil i rith 2010. Leis an scéim seo tugtar deis do na daltaí taithí chuimsitheach a bheith acu le healaíontóirí proifisiúnta agus freisin chun taithí a fháil ar mheáin ealaíona difriúla. Léirigh Cups and Crowns Educational Theatre "The Magnificent Mind of Daisy Dunne" agus siopa oibre i Scoil Náisiúnta na Toirbhirte, Cúl a' tSúdaire.

Féile Bhealtaine – do Dhaoine Níos Sine

Thug an Oifig Ealaíona clár ócáidí do dhaoine níos sine i Mí Bealtaine ina raibh léiriúcháin drámaí ag an Grúpa Carnation Theatre agus léiriúcháin ag Cór Feidearálach BnaT Laoise in dá ospidéil do dhaoine níos sine agus siopaí oibre ar Scríbhneoireacht Chruthaitheach do ghrúpaí aoise gníomhacha sa phobal. D' Fhoilsigh an Oifig Ealaíona bróisiúr ina raibh clár na n-eachtraí uile mórthimpeall an chontae ar fáil ann.

Tionscnaimh Chomhoibreacha Lár Tíre

Foilsíodh dhá irisleabhar chultúrtha agus ealaíona de chuid Lár Tíre i 2011 agus dáileadh iad mórthimpeall Cheantair an Láir. Ranganna Ard-Oiliúna na Lár Tíre – Bhí rang ard-oiliúna in ealaí Ábhar Neamh-Bheo agus i scríbhneoireacht Chuimhní cinn/Féin-bheathaisnéise i gclár Chontae Laoise.

Údar ina Chónaí

Ins an clár cónaitheach le scríbhneoirí Ann Egan agus Jean O Brien bhí cúrsa scríbhneoireachta do dhaoine fásta agus do scríbhneoirí óga in Aras an Chontae, ócáidí Leabharlainne agus siopaí oibre le Grúpaí aoise Gníomhacha sa chontae. Foilsíodh Díolaim nua saothair Laoise le h-ábhair scríofa ón gclár seo dár teideal "Leaves 2011" agus seoladh é mar chuid de Fhéile Litríochta Leaves i Mí na Samhna.

Clár Ealaíona an tSamhraidh

Le linn tréimhse an tsamhraidh reáchtáladh 18 ceardlann seachtainiúla difriúla san iomlán i gClár Ealaíona an tSamhraidh, arna gceaptha do leanaí, agus do dhaoine óga.

Reáchtáladh iad in áiteanna éagsúla sa tír agus bhí na cleachtais ealaíona seo a leanas san áireamh: ealaíon, potaireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, dráma, rince agus Ceolkinder.

'Duilleoga' – Deireadh Seachtaine Litríochta Laoise

Le linn Fhéile Liteartha Dheireadh Seachtaine i Mí na Samhna bhí ócáid seolta in Áras an Chontae, siopaí oibreacha i scoileanna, léitheoireacht i Leabharlann Phort Laoise agus dhá thráthnóna liteartha i Halla Sráid Bhaile leis na scríbhneoirí John Banville, Dermot Healy, Jean O Brien agus Ann Haverty.

Oíche Chultúir Náisiúnta

Eachtraí a bhí ar siúl ag teach na h-ealaíona Sráid Bhaile ab ea siopaí oibre, taispeántas deartha seodóireachta, taispeántas ó fhear grinn agus draíocht, grúpaí ceoil traidisiúnta, agus léiriú guitar clasaiceach ó Scoil Cheoil Laoise. Bhí comhar ar siúl idir fhilíocht agus phéinteáil le Jean O Brien, an file agus Ray Murphy gur lean taispeántais é. Gnéithe eile a bhí ann ab ea léitheoireacht leabharlainne, rince agus gnéithe liteartha. Foilsíodh bróisiúr iomlán na ngnéithe ag an Oifig Ealaíona.

I measc ghníomhaíochtaí eile bhí:

- Duaiseanna Deontas an Achta um Ealaíon
- Sparánacht Ionad Tyrone Guthrie
- Taispeántais
- Ins an Céatadán do Thionscnaimh Ealaíne bhí – Tionscnaimh an Mhótarbhealaigh M7
- Ócáid an Lae Filíochta Náisiúnta
- Lá Náisiúnta Ceoil
- Tacaíocht d' Fhéilte – Féile Ceoil Mhóinteach Mílic, Féile Seanchais Sliabh Bhladhma agus Guthanna Trasna Cultúir.

Comharthaí Comhlíonta	2009	2010	2011
Méid Deontas Ealaíona Leithdháilte	61	45	49
Per daonra 1,000	3098	2714	2430
Méid Amharclann Óige	4	4	4
Siopaí Oibre Ealaíona an t-Samhraidh	18	18	18
Méid na Mac Léinn – Scoil Ceoil Laoise	400	380	390

AN RANNÓG SPÓIRT & FÓILLÍOCHTA

Dhein An Rannán Spóirt agus Fóillíochta seachadadh ar ábhar maith ócáidí agus gníomhaíochtaí rafara le linn 2011.B'iad na cinn ba shuaithinseacha:

Soláthar Súgradh

Osclaítear Lár Ionad Folláine i Sráid Bhaile

Tá castóir coime, tógálaí gualainne agus siúlóir aeir i measc na stáisiún cleachtais i spórtlann nua faoin aer a osclaíodh go h-oifigiúil ag Michael Ring TD, Aire Stáit, An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Sport. Forbraíodh an spórtlann ag Coiste Chlós Imeartha i gcomhar le Comhairle Contae Laoise agus Bailte Slachtmhara Sráid Bhaile. Thug Comhlacht Páirtíochta Laoise cistíocht don dtionscnamh faoin Scéim Fhorbartha Tuaithe agus ag Coiste Páirc Súgradh Sráid Bhaile agus an suíomh á soláthar ag Comhairle Chontae Laoise.

Tá raidhse nithe éagsúla ar fáil san giomnáisiam faoi aer, atá mar shíneadh leis an ionad súgradh tarraingteach Sráid Bhaile. Tá sé deartha go speisialta chun cleachtadh go sábháilte ar gach cuid den gcorp agus tá treoracha miona ag gabhail le gach cuid den dtrealamh. Tá ionad súgradh, atá sainiúil go maith do áit dá leithéid, ar fáil do leanaí an-óg, a oiriúnaíonn do thuismitheoirí agus do shean-tuismitheoirí bheith ag cleachtadh leo faid is atá a gcuid leanaí ag súgradh leo go sábháilte faoina súile. Tugann 'Lár-Ionad Fóillíochta Sráid Bhaile' an chaoi do mhuintir na h-áite sin taitneamh a bhaint as gleacaíocht i dtimpeallacht sábháilte, agus ag an am gcéanna ag baint taitneamh agus tairbhe as buntáistí aeir fholláin, as an ngrian agus as an dea-chomhluadar.

De réir an Chomhairleora James Deegan, Cathaoirleach Chomhairle Contae Laoise agus Coiste Pháirc Súgradh Shráid Bhaile, tháinig an grúpa ar chinneadh forbairt a dhéanamh ar spórtlann faoin aer chun deis a thabhairt do phobal níos leithne Sráid Bhaile taitneamh a bhaint as cleachtadh faoin aer i modh nua, éagsúil. Se dúirt an Comh. Deegan: 'In a lán tíortha de chuid na h-Eorpa agus, ar ndóigh, in a lán áiteanna eile ar fud an domhain, is gnách go bhfeicfí grúpaí daoine ag teacht le chéile chun cleachtadh i suímh faoin aer. Ní h-amháin go gcoimeádann sé seo daoine aclaí ach soláthraíonn sé buntáistí sóisialta, chomh maith.

Páirc Shúgradh nua Bhaile An Chaisleáin

Osclaíodh Páirc Shúgradh Ríocht na n-Óg, Baile an Chaisleáin ag Sean-Scoil na mBuachaillí, Baile an Chaisleáin, agus d'ainmnigh Shauna Kirwan í. Chuir an pobal áitiúil tús leis an dtionscnamh le cabhair ó Chomhairle Contae Laoise agus ó Chomhlacht Pháirtíochta Laoise. Ghearr Shauna Kirwan agus cúigear leanbh eile, a bhí ag déanamh ionadaíochta do scoileanna áitiúla Baile an Chaisleáin, Paddock agus Paidhc Rushall, an téad. Bhí na páirceanna súgradh deartha do leanaí suas chuig dhá bhliain déag d'aois le trealamh éagsúil atá in oiriúint do chumas an uile dhuine. Ta áiseanna uile na páirce súgradh ar oscailt gach lá le linn solas an lae agus táthar ag súil go taitneamh agus sport á mbaint gan cuimse á bhaint as ar feadh na mblianta fada romhainn.

Seachtain Náisiúnta na Rothar 2011

Ritheadh mórán imeachtaí rafara le linn Seachtain Náisiúnta na Rothar, a bhí ar siúl ón 18ú lá go dtí an 26ú lá. I measc na n-imeachtaí bhí Tionscnamh Spóca Mhainistir Laoise le Bailte Slachtmhara Mainistir Laoise, agus Comhairle Contae Laoise inar chuaigh na bunscoileanna i Mainistir Laoise agus mórthimpeall uirthi ar a rothair amach go dtí Eastát Mhainistir Laoise agus thángadar le chéile arís ar ais i bPáirc an Athar Uí Bhriain le h-aghaidh eachtraí spóirt mar rás mall rothair, duine á chothromú féin ar dhing agus a lán rudaí eile nach iad.

Cuireadh an-bhéim ar shábháilteacht agus bhí Siopa Oibre in Ionad Só Port Laoise le Dúshlán Rothaíochta Gardaí Pobal Port Laoise mar aon le seiceáil ar na rothair. Mar chuid de chlár sábháilteachta bhóthair ghlac Scoil Naomh Phroinnséis, Scoil Náisiúnta Phort Laoise(Maryborough) agus Scoil Náisiúnta Dhoire Mológ páirt i siopa oibre a sheol eolas faoi shábháilteacht ag rothaíocht agus conas seiceáil a dhéanamh ar shlándáil.

Comhairle Contae Laoise/Peil CPÉ san Chlár Pobail

Cláir Pheile an Phobail

Tá an clár peile sa phobal á rith trasna an chontae i gceantair faoin dtuath agus i gceantair uirbeacha le roinnt bhlianta anuas, ainmnithe ag muintir na h-áite agus ag Comhairleoirí. Tá an clár dírithe ar leanaí ná beadh ag imirt sacair le club ach gur mian leo sacar a imirt ar a dtairseach féin. Cuirfidh an t-oifigeach forbartha, le cabhair ó lucht deonacha áitiúla, seisiúin seachtainiúla ar feadh uair a chloig amháin ar siúl thar thréimhse ocht seachtaine chun deis a thabhairt do leanaí páirt a ghlacadh i sport eagraithe laistigh dá bpobal áitiúil féin. Ta na cláir uile phobail ar fáil saor in aisce agus oscailte do idir bhuachaillí agus chailíní. 'Siad na Pobail atá gafa leis Cnoc Maí, Buiríos Mhór Osraí, Ráth an Domhnaigh, Móin Rath, Naomh Bríd, Port Laoise agus Coill an Choiléirigh

Clár Sacair Tods

Tugadh Sacar Tods isteach chun gníomhaíocht sacair a soláthar do bhuachaillí agus do chailíní idir thrí agus sé bhliain d'aois. Faoi láthair níl mórán deiseanna ag leanaí den aois sin sacar a fhoghlaim i dtimpeallacht spórtúil ach oideachasúil, chomh maith. Tá an clár á rith faoi dhíon thar thréimhse ocht seachtaine gan ach costas €30 euro air. Oibríonn an clár ar scileanna bunúsacha sacair mar pasáil, druibleáil, aimsiú agus obair chúl bháire. Ní comórtas atá i gceist agus ta liathróid ag gach leanbh le linn an chleachtais chun a dheimhniú go bhfaigheann siad a lán ama teagmhála leis an bpeil atá cruthaithe go bhforbraíonn imreoirí dá bharr.

Peil ins na Scoileanna

Friothálann CPÉ ar gach leibhéal leanaí scoile i gcláir éagsúla. Traenálann an clár Buntús, atá á rith ag PSÁ, na múinteoirí chun sacar a sheachadadh mar chuid den churaclam CO. Tá gach scoil i Co. Laoise tar éis an chúrsa seo a chríochnú, nach mór. Níl ach scoil amháin fágtha chun an cúrsa a chríochnú.

Ritheann comórtas cúigear -an-taobh na mbunscoileanna in Aibreán/Bealtaine gach bliain agus is comórtas náisiúnta é. Is féidir le gach scoil foirne a chur isteach i gcomórtais do Bhuachaillí, do Chailíní nó i rannáin mheasctha. Féachtar ar a lán de na scoileanna a chuireann isteach ar chomórtas Laoise mar scoileanna beaga. Bíonn lá na gcluichí ceannais do bhuaiteoirí na n-A scoileanna agus do na B agus na C scoileanna, atá fágtha, ar siúil i bPort Laoise le cabhair ó mhic léinn Choláiste Phort Laoise. Toisc gur ghlac 49 bhfoireann páirt bhí corriarracht de os cionn 400 san mhéid a ghlac páirt i 2011.

Ritear Comórtas Futsal na Bunscoile gach bliain i Deireadh Fómhair / Samhain. Tá an comórtas ann do bhuachaillí agus do chailíní san tríú agus san cheathrú rang. Cluiche faoi dhíon atá ann a bhaineann úsáid as liathróid trom a chabhródh le h-imreoirí níos sciliúla a fhorbairt. Ghlac 120 duine páirt san chomórtas a h-imríodh in Ionad Pobail Chúl a' t-Súdaire.

Ta Comórtas Futsal na Meán Scoileanna á rith i Mí na Samhna / Mí na Nollag agus tá sé dírithe ar leanaí na chéad bhliana. Is comórtas náisiúnta é sin agus bíonn ionadaíocht ag gach contae ag leibhéal an réigiúin. Siad na scoileanna ata páirteach ann Pobal Scoil Móin Rátha, Coláiste Phort Laoise, Scoil Chríost Rí, agus SBC Phort Laoise. Dhein Scoil Chríost Rí agus Pobal Scoil Mhaighean Rátha ion-adaíocht do Laois ag Comórtais Cheannais Laighean i Bhaile Mhic Ghormáin, Co na Mí.

Tá cúrsa na h-Idir-Bhliana ar fáil do aon scoil le mic léinn idir bhliana acu. I mbliana bhí 72 ó Phobal Scoil Heywood páirteach ann agus bhí 36 páirteach ó SBC Phort Laoise páirteach ann.

Sacar déanach is t-Oíche

Bhí an clár seo bunaithe, go príomha, chun gníomhaíocht a thabhairt do dhaoine fásta d'aois 15-18 déanach oíche Dé h-Aoinne. Tá an clár rite i dteannta leis na Gardaí agus le tionscadal ath-stiúrtha na nGardaí don óige ins an mbaile go bhfuil an t-sraith bunaithe ann. Bhí 26 páirteach ó Chúl a t-Súdaire.

Sacar na Mná/gCailíní

Clár na nDeirfiúracha Sacair

Tá an clár seo curtha le chéile ag Aonad Ban CSÉ chun an chaoi a thabhairt do chailíní idir 7 – 12 páirt a ghlacadh i sacar. Tá mórán cailíní i Laois faoi láthair nach bhfuil cúram á thabhairt dóibh ag na clubanna. Ach leis na deirfiúracha sacair agus leis na seisiúin 'buail isteach chugainn' tá níos mó cailíní ag fáil an deis sacar a imirt. Tá ceangail a dhéanamh leis na clubanna fíor-thábhachtach mar tá roinnt de na clubanna tar éis imirt le foirne ó na cailíní a fhreastal ar an gclár.

Sraith Fóillíochta Sacair do Mhná

Tá an t-sraith seo rite do Mhná ós cionn ocht mbliana déag. Ritheann an tsraith ar feadh uair a chloig i mBealtaine/Meitheamh gach bliain agus tá sé dírithe ar mhná nár imir sacar ná aon spórt eile riamh. 24 a ghlac páirt ann i 2011.

Sacar don Uile Dhuine

Tá clár CSÉ don uile dhuine déanta suas de chláir sacair atá rite do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Tá a lán deiseanna ann do dhaoine aonaracha le riachtanais speisialta orthu. Laistigh de Laois, oibríonn oifigeach forbartha CSÉ le roinnt grúpaí difriúla leis an nGréasán Náisiúnta Fogh-lama, Scoil Speisialta Naomh Francis agus Cúram Athshlánaithe san áireamh. 36 a ghlac páirt sa chlár i 2011.

Sacar Sraith Sráide

Bhí Campaí Samhraidh ar siúl ar fud Laoise. Bhí cláir scileanna seachtainiúla ar siúl ó Luan go h-Aoine le níos mó ná 300 ag glacadh páirt i 2011. Bíonn sé curtha ar fáil i clubanna sacair i Laois ó 10.30 a.m. go dtí 3.00 p.m. agus ghéibheann siad san a bhíonn páirteach éide iomlán, peil agus teas-tas.

Oideachas Oidí

Bé 2011 an bhliain ba rafara do Oideachas Oidí i Laois le ceithre cinn de chúrsaí Kick Start One ar siúl. Bhí dhá cheann acu bunaithe ar an gclub, ceann amháin bunaithe i Coláiste Phort Laoise agus ceann amháin eile ar an gcúrsa gCóitseála Pobal i bPort Laoise. Bhí cúrsa amháin ar neart agus ar oir-iúnú agus siopa oibre do cluichí le líon beag daoine ar gach taobh le os cionn 30 duine páirteach ann.

Cúrsa Traenála Leibhéal a 5 FETAC á rith sa Phríosún Lár Tíre le deichniúr páirteach ann. Tu-gann san cáilíocht i sacar dóibh san a bhíonn páirteach ann bunaithe ar mheasúnú praiticiúil.

Clár do Thallann ag éirí Aníos

Clár é seo ina dtraenálann na h-imreoirí na h-im-reoirí is fearr uair amháin sa tseachtain in Ionad Fóillíochta Port Laoise agus a imríonn cluichí i gcoinne foirne eile. Bíonn an clár a rith ar feadh 32 seachtain sa bhliain ina mbíonn trí aois grúpaí páirteach ann. A luaithe is a bhíonn imreoirí thar aois don ionad gluaiseann siad chun cinn do na grú-paí foirne idir-shraithe agus má théann a gcuid scileanna chun cinn níos fearr fós is féidir cuireadh a bheith tugtha dóibh don scuaid Réigiúnach Ion-naithe san Tulach Mór.

LEABHARLANNA

Brollach

Tá ról an-thábhachtach ag seirbhís na leabharlainne poiblí inár bpobail ag soláthar slí chun eolais, eolas, foghlaim fad saoil agus ar léamh mar chaitheamh aimsire ar bhonn iniamh. Tá Seirbhís Leabharlann Laoise á sheachadadh trí ghréasán 8 brainse páirt-aimseartha agus 4 bhrainse amháin lán-aimseartha. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair i gclár forbartha bhonneagair mór. Tá an tseirbhís gafa faoi láthair le clár forbartha bonneagair mór ag comhlíonadh na n-aidhmeanna atá leagtha amach i bPlean Forbartha na Leabharlanna 2007-2011.

Leabharlann agus Teach Ealaíona Shráid Bhaile

Osclaíodh Leabharlann agus Teach Ealaíona Sráid Bhaile ag an Aire Jimmy Deenihan i mBealtaine 2011. Tá ath-fhorbairt iomlán déanta ar an spás Leabharlainne le 8000 aonad nua stoc mar DVD'na, stoc d' idir sean agus óg agus 5 cinn de phointí idirlíon ar cheangail thapúla leathan-bhanda. Soláthróidh an leabharlann poiblí foinse tháb-hachtach acmhainne do phobail i Sráid Bhaile agus ins na ceantair máguaird. Seo an leabharlann is déanaí a d'oscail Comhairle Contae Laoise mar chuid dá Chlár Forbartha Leabharlainne. Sampla eile é do dhíograis Chomhairle Contae Laoise do fhoirgnimh nua aimsire agus seirbhísí a sholáthar chun riachtanais pobal áitiúil a shásamh i nithe mar oideachas, eolas agus fóillíocht.

Gné an-suntasach é leabharlann phoiblí agus stiúideo ealaíona a bheith in aon coimpléasc amháin ina ndéanann an leabharlann óstaíocht i gcomhar leis an Rannán Ealaíona ar ócáidí agus ar gh-níomhaíochta mar shiopaí oibre ealaíona, léach-tanna agus cainteanna. Sampla maith é den Rannán Leabharlanna agus Ealaíona ag soláthar seirbhísí roinnte ar son leas an phobail.

Ón am a d'oscail sé i Bealtaine tá an Leabharlann tar éis clárú a dhéanamh ar 412 ball agus d'eisigh sí os cionn 6,400 ábhar mar aon le 766 seisiún idirlíon. Bhí gníomhaíochta seachtainiúla do leanaí ann, chomh maith. Roinnt de bhuaic-phointí go dtí seo ab ea Aon Leabhar, Aon Sráid Bhaile i Meitheamh, 2011, ócáidí seachtain na h-Oidhreachta i Lúnasa agus oíche Chultúrtha i Meán Fómhair.

Stair/Staidéar Áitiúil

D' Fheabhsaigh foireann na leabharlainne agus chuireadar cuid bhreise leis an suíomh idirlín stairiúil www.askaboutireland.ie. Tá rogha mór ann de chár-taí poist Chontae Laoise m.sh. sean scéimh sráide agus díol suntais cáiliúla. Tá insint nua ann, chomh maith, faoi chustaim agus faoi bhéaloideas áitiúil. Is é an ceangal ó Leathanach Idirlín an Leabharlainne ná: www.laois.ie/leisureandculture/libraries/localre-search. Tá roinnt leabhar cáiliúil maidir le stair áitiúil i bhformáid dhigiteach agus tá siad ar fáil anois ar líne. Is iad "Statistical Survey of the Queens County" le Coote agus "The History of the Queens County" le O'Byrne.

Foghlaim Ríomhaireachta agus Ríomhfhoghlaim FÁS

Thug Leabharlanna Chontae Laoise, i bpáirtíocht le FÁS, 'Tionscadal um Ríomhfhoghlaim FÁS sna Leabharlanna' isteach sna leabharlanna i Laois. D'fhorbair FÁS an clár nua foghlama do dhaoine a bhfuil beagán scileanna TF acu, nó gan scil TF ar bith acu, agus do dhaoine chomh maith a bhfuil roinnt scileanna bunúsacha acu. Tá an tionscnamh ag rith go h-an-rafar i Mainistir Laoise, i Maighean Rátha, sa Mhóinteach Mílic agus i leabharlanna Phort Laoise agus liostaí feithimh ar gach cúrsa.

WIFI

Tá WIFI ar fáil anois i Leabharlanna Phort Laoise, Maighean Rátha, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire, Mhóinteach Mílic agus Ráth Domhnaigh.

Ciste Leabhar

Bé €70,000 Ciste na Leabhar do 2011 le deontas leabhar breise de €26,151 ó Leabharlann na Comhairle.

Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí

Bhí réimse mór ócáidí agus gníomhaíochtaí ar siúl ag Leabharlann Chontae Laoise i ngach Leabhar-lann Brainse mórthimpeall an chontae i 2011. Bhain Leanaí agus Daoine Fásta mórthimpeall an chontae taitneamh as an réimse ócáidí agus gníomhaíochtaí a bhí eagraithe ag foireann na leabharlanna. Bhí clár na bliana seo gnóthach agus lán de spórt le cuairteanna ó údair, comórtais ealaíona, ceadail ceoil, clubanna leabhar agus seanchas ann.

Bhí seachtain Leabharlanna na hÉireann, Seachtain Oidhreachta agus Féile Leabhair na Leanaí san áireamh i mbuaic phointí na bliana.

Seachtain Oidhreachta – Ócáidí Leabharlanna

Dhein na leabharlanna uile óstaíocht ar roghnúchán mór ócáidí don tseachtain oidhreachta i 2011. Tháinig Stair Bheo na h-Éireann ar thuras chuig Leabharlanna Mhaighean Ratha agus an Mhóinteach Mílic agus thugadar seisiúin staire beo, bríomhar do leanaí i leabharlanna Mhainistir Laoise, sa Mhóinteach Mílic agus i Ráth an Domhnaigh. Bhí seisiúin tarraingthe fiabheatha ar siúl ag an maisitheoir cáiliúil Gordon Darcy i Leabharlanna Mhóinteach Mílic agus Phort Laoise. Thuig an cartlannaí Sinead Holland cainteanna ar ghinealach i leabharlanna Mhaighean Rátha agus Phort Laoise.

Leabharlann Mhaighean Rátha

Lean Leabharlann Mhaighean Rátha ar aghaidh le h-ócáidí agus gníomhaíochtaí do leanaí le linn 2011. Lean cuairteanna míosúla agus taispeántas Leabhar ar aghaidh ach le ceird agus le h-ealaíona do na léitheoirí óga. Tá na ranganna ríomhaireachta de chuid FÁS ag dul ar aghaidh. Don Cháisc bhí Ceird na Cásca do na léitheoirí óga. Do Fhéile Óg na Leanaí bhí déantús na gcupán, seónna draíochta agus cainteanna faoi chrainn ghinealaigh. Tá club seachtainiúil na Cniotála ar siúl gach maidin Aoine san leabharlann agus tá ainm in airde air. Bíonn clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí ar siúl gach mí san leabharlann.

Leabharlann Mhainistir Laoise

Bíonn ranganna ealaíne ar siúl do leanaí ar bhonn seachtainiúil agus ócáidí míosúla i Leabharlann Mhainistir Laoise. Tá an t-Áiléar Ealaíona mar an suíomh príomha sa chontae do thaispeántais ealaíona le h-aon cheann déag de thaispeántais ealaíona ann le linn na bliana ina raibh Tom Joyce, Peter Holmes-Sellers, Anthony Powell agus Gloria Davis páirteach iontu.

Leabharlann Phort Laoise

Bhí bliain bhroidiúil ócáidí ag Leabharlann Phort Laoise ina measc bhí clubanna leabhar míosúla do dhaoine fásta, cuairteanna ranga seachtainiúla ag scoileanna áitiúla agus ag na scoileanna mór-thimpeall, e-learning de chuid FÁS, Ranganna Gaeilge seachtainiúla 'Ciorcal Comhrá' agus comórtais. Bhí ranganna scríbhneoireachta cruthaithí ar siúl ag Anne Egan i Mí Bealtaine agus bhí léiriúchán ag BnaT Laoise dá gceird traidisiúnta i Mí Marta. Bhí Tráthnóna Gaelach ar siúl ar an 9ú Marta le rince, amhránaíocht agus ceol Gaelach go raibh tinreamh de os cionn 200 ag freastal air.

Ag Féile Leabhar na Leanbh bhí taispeántais draíochta, scéalaíocht, cainteanna ar chrainn ghinealaigh, faid is ar léigh na h-údair Anita Hendy, Olive O Brien agus Oisín McGann scéalta. Bhí an taispeántas "Wood of life" go mór i mbéal a' phobail go bhfuair na scoileanna cuireadh chuige. Bhí an Lá Náisiúnta Filíochta á cheiliúradh le léitheoireachta ón bhFile Rita O Brien faid is a bhí an oíche chultúrtha á cheiliúradh ag an seanchaí mór le rá Jack Lynch a bhí ag insint scéalta do dhaoine fásta a bhain taitneamh thar na bearta astu. Bhí carúil na Nollag agus ceird na Nollag á gceiliúradh i Mí na Nollag.

Leabharlann Mhóinteach Mílic

Bhí sceideal gnóthach ócáidí ar siúl ag Leabharlann Mhóinteach Mílic ón am a osclaíodh é i mBealtaine, 2010. Bhí an leabharlann an-rafar ón am a osclaíodh í agus tá sí ina mhealltacht mhór don bpobal i Móinteach Mílic agus do na ceantair mórthimpeall air. Bhí cuairteanna ranga seachtainiúla, clubanna leabhair do dhaoine fásta agus do leanaí, am scéil agus clubanna cluichí seachtainiúla ar siúl ann. I measc bhuaic-phointí na bliana bhí seoladh leabhar Tom Phelan 'Nailer', Oíche Chultúrtha leis an Cór ag canadh, ranganna ealaíne agus cuairt ón údar Monica McInernie; Coisir lá breithe na leabharlainne; Féile Sheanchaíochta Shliabh Bhladhma, cuairteanna údar ag Anita Hendy agus Oisín McGann do Fhéile Leabhar na Leanbh; Carúil na Nollag agus ceird na Nollag. Bhí an t-Áiléar Ealaíona curtha in áirithe ina iomlán d0 2011 le taispeántais ag Niki Purcell, Noel Barry, Derek Fitzpatrick agus grúpaí ealaíontóirí ó Ghéisill agus Cill Bhríde.

Bibliteiripe – Teiripe leabhar don Mheon agus don gCorp

Sheol Leabharlanna Contae Laoise "Bibliteiripe-Teiripe leabhar don Mheon agus don Chorp" i 2011. Plean nua é seo idir an FSS, Coláiste na h-Éireann de ghnáth-Dhochtúirí agus Seirbhísí Leabharlainne na n-Údarás Áitiúil ag cur scéim teiripe an mheoin agus an choirp ar fáil chun tacú le daoine deacrachtaí mothúcháin agus síceolaíochta eolas a fháil orthu agus réiteach d'fháil ar na fadhbanna atá ag cur as dóibh nó á gcur trí chéile. Clúdaíonn na leabhair ard-mholta seo réimse fadhbanna a chuireann as do dhaoine m.sh. brú, lionn dubh, bas, féinmheas, andúil, agus araile atá ar fail i leabharlanna ar leith i gCo. Laoise. Tá bileoga a thugann sonraí na leabhar, na suíomh idirlíon agus ar na línte

cabhracha ar fáil in do leabharlann áitiúil agus beidh siad tugtha amach do FSS, do sheomraí dochtúirí mór- thimpeall Laoise.

An tSeirbhís Phríosúin

Oibríonn seirbhís na leabharlanna le foireann Príosúin Lár na Tíre agus Port Laoise chun seirbhís a sholáthar atá múnlaithe sa mhéid agus is féidir ar an leabharlann phoiblí. Soláthraíonn leabharlanna an phríosúin teacht ar leabhair, ar pháipéir nuachta, ar irisleabhair agus ar stoc eile ilmheán i dteannta le spás chun dul ar thóir suimeanna oideachais, cultúrtha agus fóillíochta. Tá i gceist, go háirithe, ag gníomhaíochtaí ceannaithe stoc agus gníomhaíochtaí leabharlanna iarracht grúpaí soghonta a bheith san áireamh agus litríocht agus léitheoireacht a thabhairt isteach ins na príosúin. Cabhraíonn an leabharlann le príosúnaithe déileáil lena mbreith i slí dearfach agus pleanáil agus oibriú, chomh maith, i dtreo saoil nua tar éis dóibh a bheith scaoilte amach.

I 2011 sholáthar An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí €12.000 le h-aghaidh stoc leabharlainne a cheannach

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

L: Seirbhisí Leabharlainne

L. 1	Uaireanta Cloig Oscailte don bPobal	
	Líon na n-uaireanta a' chloig oscailte, ar an mheán, in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lán-aimsire::	34.07
	Líon na n-uaireanta a' chloig oscailte ar an meán do leabharlanna páirt aimseartha (nuair is cuí):	9.42
	Líon na leabharlanna lán aimsire a bhíonn oscailte am lóin.	1
	Líon na leabharlanna páirt aimsire a bhionn oscaile tráthnóna acu:	4
	Líon na leabharlanna lán aimsire a bhionn oscailte ar an Satharn:	4
L. 2	Líon iomlán na gcuairteanna ar Leabharlanna lán aimsire.	259,000
L. 3	(i) Caiteachas bliantúil ar stoc per duine sa daonra timpeall an chontae.:	1.44
	(ii) Méid na n-earraí eisithe per duine sa daonra timpeall an chontae le haghaidh::	
	- leabhair	3.58
	- earraí eile	0.9
L. 4	Méid na gcuairteanna leabharlannalán aimsire: :	15,636

Coiste Polasaí Straitéiseach An Chomhshaoil & Seirbhísí Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Cathaoir: John Joe Fennelly, M.C.C.

Baill	Ranna
Ray Cribbin, M.C.C.	Michael McEvoy
Tom Mulhall, M.C.C.	Sheelagh Coyle
Patrick Bowe, M.C.C.	Jason Redmond
Patrick Bracken, M.C.C.	Senan Gardiner/
David Goodwin, M.C.C.	Caroline Goucher
Stephen Lynch, T.C.	

COMHSHAOL

Innealtóir Sinsir: John O'Donoghue
Brendan Clarke

Tuairisc ar an gCoiste Polasaí Straitéiseach

Bhí ceithre cinn de chruinnithe ag an gCoiste Pleanála agus Forbartha agus Polasaí Straitéiseach (C.P.S.) chun plé a dhéanamh ar na doiciméid pholasaí mar an t-Athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair, An Plean Forbartha Contae agus Pleananna na gCeantar Áitiúil. Fuair an Coiste tuarascála, chomh maith, ar dhul chun cinn agus ar uasdátú ar Chruthú Cheantar Cónaithe Nua, an staidéar ar Peak óil & Gas in Éirinn, Forbairtí Neamh-Chríochnaithe i gContae Laoise, Rialúcháin faoi Mhargaíocht, Dhíol agus Dháileadh Breosla (arna leasú) 2011, Bainistíocht Mhór Éigeandála, Reachtaíocht faoi na Cairéil agus Lámhleabhar Iniúchta ag imlíniú na n-aidhmeanna agus na bearta bua faoi na ranna éagsúla.

Tionscnaimh Phobail

Seachtain Glanadh Suas Laoise

I gcomhair le Glantachán Náisiúnta Earraigh an Taisce, bhí Seachtain Ghlanta suas Laoise ar siúl ón 4ú go dtí 8ú Aibreán, 2011. Chláraigh 127 grúpa, ina raibh a lán oibrithe deonacha, scoileanna agus baill na mbailte slachtmhara agus bailíodh 38 dtonna de bhruscar lámh-bhailithe ina iomlán. Is ionann é sin, go h-achomair, 150 araid tí lán de bhruscair/dramhaíl. Bailíodh agus cuireadh de láimh an bruscar sin ag Oifigigh Chur i bhfeidhm an Chomhshaoil. Gaisce iontach é seo nach bhféadfadh a bheith déanta gan cabhair agus díograis na ndaoine ina gcónaí i Laois.

Scéimeanna na nDeontas

Bronnadh maoiniú ar 58 grúpa le haghaidh tionscadal éagsúil lena dtugtar buntáiste don chomhshaol agus lena gcuirtear feabhas ar áiseanna áitiúla, faoi réir an Scéim Deontais Phobail. Déanadh cistíocht ar thionscnaimh éagsúla mórthimpeall an chontae faoin Chiste Tionscnaimh Pobail. Leithdháileann an maoiniú seo € 1,000 go gach ball tofa de Chomhairle Chontae Laoise chun tionscadail fhiúntacha ina gceantair féin.

Bailte Slachtmhara

Tá 30 grúpa cláraithe ag Cónaidhm na mBailte Slachtmhara Laoise. Caomhnaíonn agus na bailte seo an comhshaol áitiúil ina bpobal agus cuireann siad feabhas air, agus dá bhrí sin is acmhainn luachmhar iad. Tá Comhairle Chontae Laoise i mbun oibre gníomhach le Coistí na mBailte Slachtmhara chun cabhrú le hinsealbhú sa todhchaí agus chun fás agus forbairt leantach a chinntiú. San áireamh mar chúnamh do na grúpaí bhí Deontais um Bailte Slachtmhara, Scéim Boscaí Bruscair Rothach an tSamhraidh, rannpháirtíocht i Seachtain Ghlantacháin Laoise, Comórtas agus Dámhachtain Chónaidhm Laoise de Bhailte Slachtmhara.

Comhghairdeas don uile dhuine mar bhí na torthaí do 2011 an-deimhneach. Bhí trí cinn de bhoinn bronnta i gContae Laoise le ceann airgid bronnta ar Phort Laoise agus bronnadh Boinn Chré Umhaí ar Bhaile an Chaisleáin agus ar Mhainistir Laoise. Bronnadh Gradaim Chontae ar Bhaile an Cholla agus ar Mhainistir Laoise agus bé Baile an Chaisleáin an buaiteoir ina iomlán i gceantar Laoise. Bhuaigh Cúl a' t-Súdaire Gradam na h-Iarrachta.

I gcomhar le Cónaidhm Laoise de BnaT eagraíonn An Rannán Comhshaoil comórtas "Ealaíon ón Dramhaíl" do bhunscoileanna go bliantúil.

Meabhraíocht & Oideachas Comhshaoil

Duaiseanna Comhshaoil

Sé ceann de bhuaicphointí na bliana ná na Duaiseanna Comhshaoil Bhliantúla a admhaíonn agus a thugann duais do na grúpaí pobail flúirseacha mórthimpeall an chontae as ucht a bpáirtíocht i bh-Feachtas Laoise na mBailte Slachtmhara, i nDúshlán Laoise an Idirphobail agus i dTionscnamh Gníomhaíochta an Phobail. Téann gach tionscnamh ó neart go neart gach bliain agus seo tiomna nua don obair gur thug na grúpaí deonacha fúthu ag leibhéal áitiúil trasna an chontae.

Clár na Scoileanna

Leathnaigh an Chomhairle a chlár do scoileanna a chomhthiteann leis an méadú i méid na scoileanna a fuair Duais an Bhrait Ghlais mór le rá (48 ag deireadh 2011). I measc na dtionscnamh éagsúla tá Clár na Scoileanna Glasa, comórtas na mBunscoil Slachtmhar, tionscnamh Meánscoileanna na Meán ECO i dteannta le cainteoirí ar chuairt agus grúpaí ar chuairt go scoileanna a eagrú chun téamaí éagsúla comhshaoil a phlé a nascann le Clár na Scoileanna Glasa m.sh. caomhnú uisce, bainistíocht fuíll &rl. Bhí seimineáir múinteoirí ar siúl, chomh maith, a chabhraíonn le clár na Scoileanna Glasa a chur chun cinn.

Aeráid le haghaidh Athraithe

Fuair Comhairle Chontae Laoise Gavin Harte ó Thraenáil ESD chun a chaint 'Aeráid le haghaidh Athraithe' a sheachadadh mar chuid den bhfeachtas náisiúnta meabhraíochta ar Athrú Aeráide. I measc lucht féachana Gavin bhí foireann Chomhairle Chontae Laoise, Grúpaí na mBailte Slachtmhara, an pobal ginearálta agus mic léinn Meánscoile. D'imlínigh an cur i láthair (atá déanta suas de ghrianghraif, de ghearrthóga físeáin agus de bheochana) tionchar ár ngníomhaíochtaí bhliantúla agus conas go gcabhraíonn siad seo le h-Athrú Aeráide. Dheimhnigh stíl Gavin sa chur i láthair go raibh an lucht féachana uile páirteach ó thús go deireadh. Seo ceann de a lán gníomhaíochtaí eagraithe ag an gComhairle chun inmharthanacht a fhorbairt isteach i ngach cuid de ghníomhaíochtaí laethúla na Comhairle.

An Clár EcoCert

Ins an dara bliain anois, tháinig breis fhorbairt ar an gClár EcoCert, atá mar pháirtíocht idir Chomhairle Chontae Laoise, Uíbh Fháilí agus Phort Láirge, an Ghníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil agus na comhairleoirí comhshaoil Econcertive. Bhí seimineáir bhreise ar siúl agus bhí eolas tiomnaithe san áireamh ar shuíomh idirlín na Comhairle. Tá an clár dírithe ar ghnóthaí beaga agus ar eagraíochtaí eile chun a chuid costais a laghdú agus a chomhlíonadh chomhshaoil a fheabhsú ag an am gcéanna.

Bainistíocht Bhruscair/Forfheidhmiú Bhruscair

Cúis mhór imní is ea cur de láimh mí-dhleathach, ar scála mór, bruscair i gContae Laoise. d' Eagraigh Comhairle Chontae Laoise Feachtas Frith-Chur de Láimh Mí-dhleathach Bhruscair i 2011. Cuireadh Cláir Fhógraíochta in airde ag léiriú áiteanna sa cheantar inar tharla cur de láimh mídhleathach in dá cheann de na bailte príomha – Port Laoise agus Maighean Rátha. Díríonn suíomh Idirlíon na Comhairle ar na ceantair mórthimpeall an chontae ina bhfuil cur de láimh mí-dhleathach ag tarlú agus spreagann sé an pobal le bheith ar a n-airdeall ins na ceantair sin, ach go h-áirithe. Eisítear preas-ráitis, a léiríonn cur de láimh mí-dhleathach, go rialta do na meáin áitiúla le h-aghaidh a bhfoilsithe. I Mí na Nollag 2011 thóg an Rannán Comhshaoil na céimeanna riachtanacha chun cosc a chur ar rochtain fheithiclí do Portach Doire Beag, Teamhair Mhór, Maighean Rátha de bharr chur de láimh bhruscair mí-dhleathach.

Bhí feachtas eile de chláir fhógraíochta ag Forfheidhmiú Bhruscair faoi "Bhailitheoirí Bréagacha". Tá méid suntasach bhruscair bailithe ó dhoras go doras go mí-dhleathach ag bailitheoirí. Bhí an t-iniamh seo déanta chun a léiriú don bpobal a thábhachtaí is atá sé bheith ar a n-aire faoi dhaoine ag cur bileoga isteach ina dtithe ag tabhairt eolais faoi bhailiúcháin dhrámh-mhiotail 'saor', 'nó cur de láimh bhruscair' ar chostas laghdaithe. Cruthaíonn gníomhaíocht dá leithéid brabús eacnamaíoch do 'Bailitheoir Bréagach'. Mar sin féin, is minic go ndéantar cur de láimh mí-dhleathach ins na portaigh agus ins na foraoiseacha laistigh de smacht an chontae. Cuireann Comhairle Contae Laoise i gcuimhne don uile

shealbhóir thí/úinéirí gnó a thábhachtaí is atá sé úsáid a bhaint as bailitheoirí bruscair dleathacha nó díolfaidh siad go daor as, eadhon mar aon le díol as an bpiocadh suas tharlódh go gcuirfí fíneáil bhruscair orthu nó go gcúiseofaí níos mó iad.

Lean an Rannán Comhshaoil ag cur chun cinn a shaor-fón teo-líne 1850 323230 rúnda faoin mbruscar agus, le linn 2011, fuarthas 878 ngearáin faoin gcomhshaol – le 636 bainteach le bruscar a léirigh ardú de 7% ina iomlán.

Le linn 2011 eisíodh 182 fíneáil i leith bhruscair ar chionta difriúla. Cuireadh 39 gcás faoi bhráid na foirne dlí chun cúis dlí a thosú – bhí 21 ciontaithe sa chúirt agus friotháladh 11 fógra ar úinéirí talún de bharr nár choimeádadar a dtailte príobháideacha glan agus saor ó bhruscar.

Salú ag Madraí

Tá méadú suntasach i salú ag madraí le blianta beaga anuas agus is bagairt tromchúiseach sláinte agus núis dramhaíola é do cheantair bhaile/sráidbhaile, ach go h-áirithe. Tá infheistíocht suaithinseach caite ar aird a dhíriú ar an gcion seo ar chomharthaí, ar araid a sholáthar, ar thairgeadh agus ar dháileadh bileog faoi fhreagracht i leith shalú ag madraí, faoi fhógraíocht ar chláir fhógraíocht agus ar na meáin, monatóireacht as gnáth uaireanta a' chloig, agus feachtais i gcoinne shalú ag madraí. Leanfaidh sé seo ar aghaidh i 2012.

Cabhair na nGardaí

Bhí cruinnithe ar siúl le baill na nGarda Síochána, go bhfuil an cumhacht céanna acu anois, de bharr athrú san dlí, is atá ag na Maoir Bhruscair, i leith chionta shalaithe, rud atá an-chabhrach lasmuigh de na gnáth uaireanta a' chloig oibre. Tuigimid go bhfuil cionta i leith Ord Phoiblí mar an ghné phríomha do Rannóg seo agus táimid buíoch dóibh as ucht na cabhrach uathu ag seicphointí taobh a' bhóthair agus ar chuairteanna chuig suíomh, ach go h-áirithe.

Lucht Gnó Éireann Frith-Bhruscair

Tá An Taisce freagrach as an tsraith fhríth-bhruscair náisiúnta 'ainmnigh agus náirigh' ina bhfuil 53 cathair/baile páirteach inti in Éirinn. Toisc a dhaonra, titeann baile Phort Laoise faoina chúram ó thaobh bhreithiúnais de. Toisc an mhí ádh, i suirbhéanna a déanadh le déanaí tá déanta go h-olc ag Port Laoise i leith chúrsaí bhruscair, eadhon tá sé ins an 48ú h-áit. I dtosach báire bhí sé teoranta do lár a' bhaile, ach anois tá sé méadaithe chuig ceantair eile mar eastáit tithíochta, chuig na bóithre isteach agus chuig páirceanna gnó. Déantar gach iarracht chun moltaí lucht an tsuirbhé ar na 10 suíomh a déanadh cigireacht orthu a thógáil san áireamh feabhas mór a chur ar chúrsaí.

Forbhreathnú ar úsáid fhuinnimh i gComhairle Chontae Laoise

Siad na h-úsáideoirí príomha fhuinnimh aibhléise i gComhairle Chontae Laoise ná Cóireáil Uisce (32%), Cóireáil Fhuíoll Uisce (16%), Soilse Poiblí (44%) agus foirgnimh (8%). Baineann an chuid eile d'úsáid an fhuinnimh le gás nádúrtha, le h-ola agus le breosla don bhflít feithiclí.

Sa bhliain 2010, dhein tionscnamh Monatóireachta agus Tuarascála ÚFIÉ meastachán gurab é 18,350,556 MWu de úsáid fhuinnimh a bhí ag Comhairle Chontae Laoise ina raibh:

- 11,103 MWu aibhléise
- 7,247 MWu de bhreosla iontaise
- 75 MWu de bhreosla athnuaite

Bearta déanta i 2011 (Sábháil ina iomlán: 841MWu)

Sa bhliain 2011, d'ullmhaigh Comhairle Chontae Laoise plean fuinnimh ocht mí déag a bheadh ag seachadadh sábháil bhliantúil de 3% trasna na ranna iomlána mór-úsáide fuinnimh:

Thug Comhairle Chontae Laoise aghaidh ar réimse iniamh chun feabhas a chur ar ár gcúrsaí úsáid fhuinnimh mar:

- Uasghrádú feidhme do roinnt oibreacha uisce agus do roinnt cóireála fuíoll uisce go raibh sábháil ar bhreis agus 460 MWu dá bharr,
- Feabhsúcháin Soilse – 120MWu de shábháil
- Bearta Bainistíochta Fuinnimh ag ionaid éagsúla go raibh sábháil de 242MWu dá mbarr

Bearta pleanáilte do 2012

Tá mórán bearta eile pleanáilte do 2012.

Táscairí Feidhmíochta

E. Seirbhísí Timpeallachta

E. 3 Méid na dteaghlach gur soláthraíodh iad le bailiúchán fuíll leithscartha le haghaidh:

(i) Ábhar in-athchúrsáilte tirim 100% *
(ii) Orgánacha 36.86%*

E. 4 Fuíoll teaghlaigh bailithe ó thaobh an cholbha agus fuíoll teaghlaigh bailithe ó áiseanna athchúrsála, atá curtha le haghaidh athchúrsála:

(i) Fán gcéad fuíoll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála. 20.09%
(ii) Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh (bailithe ar thaobh an cholbha), atá curtha le haghaidh athchúrsála. 3275

(iii) Tonnáiste an fhuíll teaghlaigh athchúrsáilte, a thagann ó fhuíoll bailithe ó áiseanna athchúrsála (i.e. bainc tógála, suímh conláiste Sibhialta, stáisiúin aistrithe agus áiseanna athchúrsála eile). 2778

E. 5 Fuíoll teaghlaigh bailithe atá curtha chuig an líonadh talúnl:

- Tonnáiste 12,504
- Fán gcéad an fhuíll teaghlaigh bailithe 76.69%

E. 6 Áiseanna Athchúrsála

Catagóir:	**Colún A**	**Colún B**	**Colún C**	**Colún D**
	Méid na Suíomh Tógála	Méid na Suíomh Conláiste Sibhialta	Méid Iomlán na nÁiseanna	Méid na suíomh per 5,000 den daonra
Gloine	47	2	49	3.05
Cannaí	45	2	49	3.05
Teicstílí	6	2	8	0.50
Cadhnraí	-	2	2	0.12
Ola	-	2	2	0.12
Cairtchlár	-	2	2	0.12
Iris Leabhair	-	2	2	0.12
Gloine Pláta	-	2	2	0.12
Miotal	-	2	2	0.12
Plaisteach	-	2	2	0.12
WEEE	-	2	2	0.12
Páipéar Nuachta	-	2	2	0.12
Adhmad	-	2	2	0.12
Lampaí Fluaraiseacha	-	2	2	0.12
Bruscar Fál	-	2	2	0.12
Boinn	-	2	2	0.12

E. 7 Bac ar Bhruscar & Caomhnú Timpeallachta

Méid iomlán na Maor-Bhruscair lán-aimseartha	3
Méid iomlán na Maor-Bhruscair páirt-aimseartha	0
Méid na Maor-Bhruscair (páirt aimseartha agus lán aimseartha) per daonra 5,000	0.19
Méid na bhFíneálacha ar an Spota eisithe	183
Méid na bhFíneálacha ar an Spota Díolta	96
Méid na bhFógraí eisithe (Faoi Rannóga 9, 15, 16, 17 agus 20 den Acht Truailliú Bruscair 1997)	11
Méid na n-ionchúiseamh tógtha (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	39
Méid na n-ionchúiseamh tógtha de bharr neamh-íocaíocht de Fhíneálacha ar an Spota	39
Méid iomlán na n-ionchúiseamh slánaithe (gach ionchúiseamh faoi na hAchtanna Bruscair 1997 – 2003)	21
Méid na n-ionchúiseamh slánaithe (a bhain le neamh-íocaíocht de fhíneálacha-ar-an-spota)	21

- % na gceantar laistigh den Údarás Áitiúil atá:

Neamhthruaillithe (i.e. Saor ó Bhruscar)	17%
Truaillithe Abhar le bruscar	75%
Truaillithe go holc le bruscar	8%
Truaillithe go h-an olc le bruscar	0.0%
Truaillithe go dona le bruscar	0.0%

E. 8 Gearáin agus feidhmiú Gearáin Timpeallachta

- Méid iomlán na gcásanna faoi phróiseas gearáin a bhaineann le truailliú timpeallachta (maidir le fuíoll, bruscar, uisce, truailliú uisce, truailliú fuaime, truailliú aeir)	878
- Méid na ngearán fiosraithe	878
- Méid na ngearán socraithe sa chás nach raibh aon ghníomhaíocht bhreise riachtanach	746 (gan 13 ar feitheamh)
- Méid na gcás feidhmithe tógtha	119

E.9 Fán gcéad na Scoileanna ag glacadh páirt i bhfeachtais Chomhshaoil:

- Bunscoileanna	90%
- Meánscoileanna	100%

PLEANÁLA

Stiúrthóir Seirbhísí: John Daly

Pleanálaí Sinsir: Angela McEvoy

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsir: Kieran Kehoe

An Rannóg Pleanála

Is é aidhm iomlán an Plean Forbartha ná forálacha na nAchtanna Pleanála a chur i bhfeidhm agus modhanna tacaíochta cuí a sholáthar chun leas fisiceach, sóisialta agus eacnamaíochta an Chontae a chur chun cinn I dtreo is go bhfuil caighdeáin saoil cosanta agus ardaithe agus deiseanna oibre tugtha isteach agus cruthaithe le haird ar phrionsabail inmharthanachta.

Is féidir an Rannóg Phleanála a bhriseadh síos i 5 aicme faoi leith:

(i) Bainistíocht Forbartha
(ii) Pleanáil Chun Cinn
(iii) Forfheidhmiú Pleanála
(iv) Rialú Tógála
(v) Eastáit a Thógáil i gCúram

(i) Bainistíocht Forbartha

Bé 537 méid na n-iarratas pleanála a fuarthas i 2011. Ba chóir é a lua, áfach, go raibh 129 des na h-iarratais iomlána neamhbhailí agus bhí ar an iarrthóir iarratas nua a aighniú. An chúis phríomha a bhí le neamhbhailí ar chomhaid phleanála ná go raibh fógraí poiblí as dáta, ainmneacha na ngníomhairí do bheith fágtha ar lár ó léarscáileanna/léaráidí, gan an tuaisceart a bheith léirithe ar an léarscáil, nó gan faid a bheith taispeánta ar leagan amach na suíomh.

Tugann an tábla briseadh síos de iarratais pleanála bailí a fuarthas agus breitheanna a déanadh le linn 2011.

LÌon na n-iarratas pleanala a fuarthas	408
LÌon na n-iarratas cinntithe	430
LÌon na ndeontas	393
LÌon na n-eiteach	37

Feidhmíochta 2011

Iarratais mhÌ-bhailÌ curtha ar as don iarrthoir	23%
Tagartha do oifigÌ crantar (laethanta oibre)	14

Déanadh achomharc ar 27 gcinn d'iarratais leis an mBord Pleanála i 2011.

Seirbhís Chustaiméirí

I 2011 lean scanadh iarratais pleanála mar a bhíodar faighte ag an Údarás Pleanála. Bhí an pobal in ann teacht ar gach iarratas pleanála ar line laistigh de dhá seachtaine tar éis don Údarás Pleanála iad a fháil le linn 2011.

Bhí 199 cruinniú Réamh-phleanála ar siúl i 2011, go raibh deis ag baill an phobail ann cúrsaí pleanála a phlé le pleanálaí sula n-aighnítear iarratas pleanála. D'éascaigh na pleanálaithe an pobal, chomh maith, trí roinnt cruinnithe réamh-phleanála a bheith ar siúl acu ar an láthair.

Bhí 13 Teastas Rannóg 5 eisithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2011.

Leanann an gréasán pleanála an-mhealltach le thart ar 75,015 cuairt ar an bhliain seo caite.

(ii) Pleanáil ar Aghaidh

Réamhrá

Tá ról tábhachtach ag Pleanáil ar Aghaidh i bhforbairt fhisiceach, eacnamaíochta agus sóisialta Chontae Laoise.

Glacadh le Plean Forbartha Chontae Laoise 2011-2017 (leis an Tuarascáil agus AA/SFRA san áireamh) ar an 11ú Deireadh Fómhair, 2011 agus tháinig sé i bhfeidhm ón 8ú Samhain, 2011. Soláthraíonn an Plean fráma oibre straitéiseach agus comhthéacs polasaí go ndéanann an t-Údarás Áitiúil a gcinnidh ar pholasaí laistigh de. Le linn 2011 bhí comhairliúcháin Phoiblí ar siúl in Darú, sa Mhóinteach Mílic, i gCill Eisin, i mBaile Uí Laighneáin agus i Maighean Rátha i leith Dhréacht-Phlean Fhorbartha an Chontae.

Mar chuid de in-chur na Comhairle i bpolasaí Náisiúnta agus Réigiúnach déanadh aighneachtaí ar RCORA i leith Dhréacht Threoirlínte Pleanála Miondíol 2011 agus, chomh maith, ar thogra an Údaráis Réigiúnaigh Lár Tíre i leith Straitéis Iompair Chomhordaithe Inmharthana don Cheantar.

Tá Chomh-Phlean Spásúil don gCeantar Uirbeach Cheatharlach Mór- Gráig Uí Chuilinn á Chomhordú idir Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Chomhairle Contae Laoise. Bhí Páipéar Bun-Cheisteanna curtha ar thaispeántas poiblí i Márta, 2011 ag lorg aighneachtaí don Chomh-Phlean Spásúil agus bhí cruinnithe le grúpaí pobail ar siúl in Aibreán 2011. Tá an comh-phlean spásúil seo déanta suas de Phlean Bhaile do Bhaile Cheatharlach agus Pleananna

Ceantar Áitiúil do Ghráig Uí Chuilinn agus Timpeallacht Cheatharlach. Beidh na pleananna seo á dtaispeáint go poiblí go luath i 2012.

Tá Chomh-Phlean Ceantar Áitiúil do Chúl a' t-Súdaire á chomhordú idir Chomhairle Chontae Uíbh Fháilí agus Comhairle Contae Laoise. Bhí Páipéar Bun-Cheisteanna curtha ar thaispeántas poiblí i Mean Fómhair, 2011ag lorg aighneachtaí don Chomh-Phlean Cheantar Áitiúil agus bhí cruinnithe le grúpaí pobail i Meán Fómhair, 2011. Beidh an Dréacht-Phlean á thaispeáint go poiblí go luath i 2012.

Lorgaíodh aighneachtaí, chomh maith, do athbhreithniú Pleananna Ceantair Áitiúil Phort Laoise agus Móinteach Mílic le comhairliúcháin poiblí le grúpaí le suim acu sa ghnó le linn Mí Mheán Fhómhair 2011. Beidh na Dréacht-Phleananna ar thaispeántais phoiblí go luath i 2012.

Caomhnú

I gcás na h-Oidhreachta Tógtha, bhí athbhreithniú ar Thaifead na Struchtúr Caomhnaithe déanta i dteannta le h-athbhreithniú Phlean Forbartha an Chontae. Cuireadh breiseanna i leith thithe ceann tuí, droichead agus oidhreacht tionsclaíochta agus Foirgneamh i Port Laoise agus baineadh den TSC.

D' Aithníodh seacht gcinn de Cheantair Chaomhnaithe Ailtireachta (CCA) i bpróiseas Plean Forbartha an Chontae do Phort Laoise, Mainistir Laoise, Darú, Baile na Cille, Tigh Mochua, Baile an Chaisleáin agus Cluain na Slí.

Oibreacha breise déanta i 2011 ab ea: Fuair Eaglais na h-Éireann, Naomh Peadair, Br. Mhaighean Ráth, Port Laoise, TSC 170, deontas ó Chiste Foirgneamh i mBaol. Tá an ciste seo á riaradh ag Roinn na h-Ealaíona, Oidhreachta agus na Gaeltachta. Próiseáladh 12 dearbhuithe (S.57) i leith na struchtúr cosanta i 2011.
Ritheadh seimineár ar an dtéama 'Oidhreacht Tógtha — Struchtúir Chosanta agus Ceantair ailtireachta Chaomhnaithe' ar an 29ú Eanáir, 2011 ag Teach na Cúirte athnuaite Sráid Bhaile. Thug an seimineár idir eolas ar thábhacht na struchtúr cosanta agus an chabhair atá ar fáil do úinéirí chun a gcuid a chothabháil.

Suímh Thréigthe

Agus úsáid á bhaint acu as na cumhachtaí ar fáil dó faoi Acht na Suíomh Tréigthe 1990, lean an t-Údarás Pleanála lena chur chuige gníomhach i leith fhadhb dhearóilithe mórthimpeall an chontae i 2011.

d' Aithníodh cúig cinn déag de chásanna nua dearóile thar thréimhse na bliana go bhfuil a bhformhór (9 gcinn) suite ins na lár-ionaid phríomha de chuid Phort Laoise agus Chúl a' t-Súdaire agus an fuílleach i Maighean Rátha (3) , sa Mhóinteach Mílic (1) , i nGráig Uí Chuilinn (1) , agus i mBaile na Cille (1) .

Tá achoimre den ghníomhaíoch shonrach tógtha i leith na sealúchas seo faoi Acht na Suíomh Tréigthe 1990, leasaithe mar a leanas.

Bhí 15 uimhir Fógraí Rúin Rannóg 8 (2) friotháilte. Tá Fógra Rannóg 8.2 cosúil le Litir Rabhaidh a úsáidtear sa bhForfheidhmiú. Go bunúsach is fógra é do úinéir an tsealúchais go bhfuil an Chomhairle ag cuimhneamh an suíomh i gceist a chur ar Chlár na Suíomh Tréigthe go foirmiúil.

Bhí 12 uimhir Fógra Iontrála friotháilte. Sé éifeacht an fhógra seo go bhfuil an suíomh i gceist á chur go foirmiúil ar an gclár.

Bhí 12 uimhir Fógra Sceideal Uasghrádú Oibreacha Rannóg 11 friotháilte. Sé éifeacht an fhógra seo go leagann sé amach nádúr, réimse agus fráma ama na n-oibreacha réitigh le bheith déanta chun an dearóil a chur ar neamhní.

Bhí 12 uimhir Fógra Rannóg 22 (3) friotháilte. Léiríonn sé seo luach margaidh an tsuímh nach foláir a bheith deimhnithe chun cead tobhaigh a bheith curtha ar shuímh thréigthe, má's gá. Tá an tobhach (atá socruithe ar3% de luach an mhargaidh oscailte) mar cheann de na pionóis phríomha ar fáil don Chomhairle faoin reachtaíocht agus úsáidtear é mura bhfuil, nó má dhiúltaíonn an t-úinéir na hoibreacha riachtanacha uasghrádaithe a dhéanamh.

Go leithleach, gearradh tobhaigh de €58,350 ina iomlán ar úinéirí sealúchas tréigthe. Baineann na tobhaigh seo le sealúchais a bhí curtha ar an gClár i mbliain na Féilire 2011. Sa chás nach bhfuil na tobhaigh díolta, tá na cáis sin curtha faoi bhráid dhlíodóirí na Comhairle chun cás cúirte a thógáil chun íocaíocht as bille na bhfiacha. Ta an próiseas seo leanúnach.

(iii) Pleanáil a Chur i bhFeidhm

Réamhrá

Déanfaidh an t- Údarás Pleanála iarracht deimhin a dhéanamh de go gcloítear le coinníollacha cead pleanála agus forbairt neamhúdaraithe a sheachaint, ar chomhréir leis na riachtanais reachtúla faoi na hAchtanna Pleanála agus Forbartha, 2000-2011.

Forbairt Neamhúdaraithe

Forbairt neamhúdaraithe is ea nuair atá forbairt déanta gan aon chead pleanála cuí a fháil nó nuair nach bhfuil sé measta mar bheith díolmhaithe faoi na Rialacháin Pleanála & Forbartha 2001. Ina theannta san, tá forbairtí atá á dhéanamh ná fuil i gcomhréir leis an cead pleanála tugtha mar fhorbairtí neamhúdaraithe.

Feidhmeanna

Féachann an tÚdarás Pleanála i ndiaidh gach gearán scríofa d'fhorbairt neamhúdaraithe nuair a bhíonn bunús maith leis. Tá foirm gearáin chaighdeánaigh le fáil ar líne.

Céimeanna Imeachta Ginearálta

Nuair a fhaightear gearán scríofa bona fide, déanfar fiosrúchán agus déanfar cinneadh ar bhailíocht an ghearáin. D'fhéadfadh tús a chur leis na céimeanna Forfheidhmiúcháin seo a leanas.

D'fhéadfaí Litir Rabhaidh a eisiúint laistigh de 6 seachtaine ón dáta a fuarthas an litir ionadaíochta.

Seirbheáiltear Fógra Feidhmiúcháin nuair nach dtagtar ar réiteach sásúil ina dhiaidh eisiúna an Litir Rabhaidh. Leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin tugtar fráma ama le haghaidh comhlíonadh leis na riachtanais agus mura gcomhlíontar na riachtanais laistigh den fhráma-ama d'fhéadfaí imeachtaí dlíthiúla a tharchuir i gcoinne an fhorbróra/ úinéara. Tá an tÚdarás Áitiúil i dteideal na costais go léir a aisghabháil, costais riaracháin agus dhlíthiúla araon, arna dtabhú acu i dtóir na forbartha neamhúdaraithe.

Is féidir le Fógra Forfheidhmiúcháin eisiúint i gcásanna práinneacha fiú amháin murar seoladh Litir Rabhaidh.

Forbairtí san Fhorfheidhmiú

Tá rannpháirtíocht an phobail níos airde anois sa Chóras Forfheidhmiúcháin de bharr go bhfuil an tÚdarás Pleanála faoi dhualgais breathnú a dhéanamh ar agus freagra a thabhairt ar ghearáin. Is fianaise bhreise é méid na bhfiosraithe ó Oifig Fear an Phobail de rannpháirtíocht méadaithe ón bpobal.

Tá cumhachtaí reachtúla láidre ar fáil chun cumhacht a thabhairt don Údarás Pleanála déileáil le ciontóirí agus bhí méadú mór ins na fíneálacha iníoctha, i dteannta le fíneáil íosmhéid a chur i bhfeidhm sa chás go bhfuil duine ciontaithe le cion maidir le forbairt neamhúdaraithe. Bhí Comhairle Chontae Laoise an-réamhghníomhach i 2011 i dtaobh athleanúint a dhéanamh ar ghearáin i leith fhorbairtí neamhúdaraithe.

Ceadú Ócáidí Amuigh

Tá ócáid amuigh sonraithe mar ócáid poiblí a bhíonn ar siúl don gcuid is mó nó go h-áirithe faoin aer amuigh nó i struchtúr gan díon, nó le cuid de dhíon, nó le díon sealadach nó le díon in-ais-tarraingthe nó faoi chanbhás nó struchtúr dá leithéid ina bhfuil ceol, rince, léiriúcháin spraoi poiblí nó aon ní dá leithéid san ar siúl ann.

Tá ar lucht eagraithe ócáidí dá leithéid ceadúnas d'fháil ón Údarás Pleanála sa chás go bhfuil slua de 5,000 duine ann nó níos mó.

Samplaí: Picnic Aibhléise ar siúl i Sráidbhaile, Co. Laoise i 2004, 2005, 2006, 2007, 2008, 2009, 2010 agus 2011.

(iv) Smacht Tógála

Déileálann an Rannóg Smachta Tógála le fógraí tosaithe faighte agus déanann siad cigireachtaí ar fhoirgnimh chun deimhin a dhéanamh de go gcloíonn siad leis na rialacháin Smachta Forbartha éagsúla.

Méid na bhFógraí Tosaithe Bailí Faighte	187
Méid na bhFoirgneamh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe Bailí	158
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu	46
Méid na bhFoirgneamh gur Déanadh Cigireacht Orthu mar % des na foirgnimh clúdaithe ag Fógraí Tosaithe bailí	29%

(v) Eastáit a Ghabháil Faoi Chúram

Tá Comhairle Chontae Laoise freagrach as eastáit a ghabháil faoi chúram a luaithe is atá iarratas faighte ón fhorbróir agus/nó ó chumann cónaitheoirí. Deimhníonn an t-Údarás Pleanála, sula bhfógraítear faoin ghabháil faoi chúram go gcaithfidh an t-eastát a bheith i gcomhréir leis na coinníollacha pleanála faoinar gceadaíodh é.

Chuathas i gceannas ar 8 gcinn de eastáit i 2011.

Déanadh clár de na h-Eastáit Tithíochta Neamh-Chríochnaithe ag Comhairle Chontae Laoise i 2011. Sí aidhm Chomhairle Chontae Laoise oibriú i gcomhar le forbróirí na n-eastát agus le muintir na háite chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil na heastáit críochnaithe i gcomhréir leis an gcead pleanála a tugadh.

Sa chas go dteipeann ar an bhforbróir a dhualgais a chomhlíonadh, tá an cumhacht ag an gComhairle an banna a ghlaoch isteach agus an t-airgead sin a úsáid chun an obair a dhéanamh iad féin, nó, ar ndóigh, socrú a dhéanamh le fear a' bhanna an obair a dhéanamh. Le linn 2011 ghlaoigh Comhairle Chontae Laoise an banna isteach ar roinnt eastát sa Chontae agus déanadh obair shuntasach. Samplaí d' eastáit da leithéid is ea:

- Barrowvale, Gráig Uí Chuilinn
- Coillte Grallow, Mainistir Laoise
- Brotherton, Bóthar Sleatí, Ceatharlach
- Baile Colla, An Mhóinteach Mílic

Ta an scéal amhlaidh, nuair atá teipthe ar an bhforbróir an t-eastát a chríochnú de réir an chead tugtha, tá an cumhacht ag Comhairle Chontae Laoise an forbróir a spreagadh dul i dteagmháil leis an údarás áitiúil trí fhorfheidhmiú a thosú. d' Éirigh go h-an-mhaith leis an gcóras seo ag Comhairle Chontae Laoise i 2011.

Pleanála agus Smacht Tógála

Comharthaí Comhlíonta

Tithe Aonaracha	31/12/11
Líon na n-iarratas cinntithe	85
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	30
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	55
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	73.24
% na ndeontas	89%
% na n-eiteach	11%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	100%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Orbairt Tithíochta	31/12/11
Líon na n-iarratas cinntithe	5
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	4
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	1
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	76
% na ndeontas	40%
% na n-eiteach	60%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	100%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Eile: Gan ghá le EIA	31/12/11
Líon na n-iarratas cinntithe	337
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	244
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	92
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	73.67
% na ndeontas	89%
% na n-eiteach	11%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	44%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	56%

Eile: Gá le EIA	31/12/11
Líon na n-iarratas cinntithe	3
Líon na n-iarratas cinntithe laistigh de ocht seachtaine	1
Méid na mbreith go raibh tuilleadh eolais le h-áighniú fúthu	2
Líon na gcinntí inar chomhaontaigh an t-iarratasóir le síneadh ama faoi Alt 34(9) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000	0
Tréimhse ama (i laethanta)ar an meán chun an iarratas a cinneadh nuair a iarrtar ar bhreis eolais	107
% na ndeontas	67%
% na n-eiteach	33%
% na gcás inar deimhníodh an bhreith le, nó gan athruithe ag an mBord Pleanála	0%
% na gcásanna inar dheimhnigh an Bord Pleanála an cinneadh	0%

Cur i bhfeidhm na Pleanála	**31/12/11**
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh fiosrú fúthu	142
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a caitheadh amach	32
Méid iomlán na gcásanna ar ábhar gearáin iad a ndearnadh réiteach orthu trí chainteanna.	36
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodh trí litir ghearáin	85
Líon na ngnáthamh forfheidhmithe a tionscnaíodhtrí Fhógraí Forfheidhmithe	23
Líon Iomlán na gciontuithe	6

Uaireanta Oscailte agus Comhairliúcháin	**31/12/11**
Uaireanta oscailte sa tseachtain ar an mheán	32.5
Líon na gcruinnithe réamh-phleanála a bhí ann	199
Anméid ama ar an meán (i laethanta) ó rinneadh iarratas ar chomhchomhairle le pleanálaí an údaráis áitiúla go dtí go mbíonn cruinniú foirmiúil comhchomhairle réamhphleanála ann.	7 (working days)
Líon na bhfoirgneamh nua ainmnithe gur dhein an t-Údarás Áitiúil iniúchadh orthu	46

SÁBHÁILTEACHT UISCE LAOISE

Seachtain Mheabhraíochta Sábháilteacht Uisce 2011

Mar chuid de thiomantas Laoise i leith Mheabhraíocht Sábháilteacht Uisce, rith Sábháilteacht Uisce Laoise clár scoile a thug cuaird ar na scoileanna timpeall an chontae chun meabhraíocht faoi uisce a ardú. Bí aidhm phríomha an léiriúcháin ná teachtaireacht sábháilteachta a thabhairt do leanaí i dtaobh snámh is sábháilteacht uisce le linn laethanta saoire an tsamhraidh. Bhí an béim ar shábháilteacht uisce sa bhaile le béim faoi leith ar shábháilteacht uisce ar an bhFeirm, rud atá an-oiriúnach sa mhéid is go bhfuil an oiread san leanaí ag maireachtáil nó ag tabhairt turas ar na feirmeacha le linn an tsamhraidh. Taispeánadh do na leanaí conas baoi fáinne d'úsáid agus a thábhachtaí is atáid ar locha, ar aibhneacha agus i linnte timpeall na tíre. Thug na múinteoirí agus na leanaí an-éisteacht ar fad ins na scoileanna do na léiriúcháin.

Ranganna Sábháilteachta Uisce

Rith Sábháilteacht Uisce Laoise Ranganna rafara Sábháilteachta Uisce Earraigh agus Fómhair ag Ionad Fóillíochta Phort Laoise. Bronnadh teastais ar gach aoinne a ghlac páirt iontu i Mí Bealtaine 2011, ag Noel McCarthy, Cathaoirleach Sábháilteacht Uisce Laoise.

Seachtainí Snámha an t-Samhraidh 2011

Bhí dhá Chlár Sheachtainiúla Snámh ag Sábháilteacht Uisce Laoise i 2011 ag Linn Bhaile na Cille Téite Faoin Aer i Mí Iúl agus ar Abhainn na Feorach i mBaile an Chaisleáin i Lúnasa. Ní raibh an aimsir thar moladh beirte ach níor chuir san aon lag mhisneach ar aoinne le gach aoinne i láthair gach lá.

SUUP (Sábháilteacht Uisce Uisceach Príomha)

Lean Comhairle Contae Laoise, i gcomhar le Sábháilteacht Uisce Laoise, ag tacú leis, agus ag eiseachadadh Ceachtanna Snámh, i dteannta le Sábháilteacht Uisce, do 50 Bun Scoileanna i gContae Laoise.

Seasann an Cathaoirleach Síos

I rith na bliana ag CCB Sábháilteacht Uisce Laoise sheas Arthur Drennan síos mar Chathaoirleach tar éis 31 bliain de sheirbhís tiomanta agus tugadh onóir dó níos déanaí sa bhliain le bronnadh agus déanadh Uachtarán Feadh a Shaoil de ar Shábháilteacht Uisce Laoise.

SEIRBHÍS DÓITEÁN AGUS TARRTHÁLA CHONTAE LAOISE

Príomh-Oifigeach Thine: Martin Collins

Seirbhísí Dóiteáin

D'fhreagair an tseirbhís fheidhmeach ar 687 eachtra in 2011. Astu seo, bhí 414 mar thinte agus bhí na cinn eile mar ghlaonna seirbhíse speisialta; 86 tionóisc trácht bhóthair, 30 eachtra thuile,11 substaint chontúirteacha in iompar agus 176 meascán d'eachtraí eile

Fearas Nua Tine

Seachadadh fearas nua tine Rang B i Mí Bealtaine agus tá sé ar an rith i Stáisiún Tine Shráid Bhaile. Tá an raon iomlán de fhearas múchta tine agus slándála á iompar aige agus friothálfaidh sé ar cheantar Shráid Bhaile chomh maith le cuid den mhótarbhealach M7 ó Loch Ceann (Acomhal 15) go dtí Teamhair (Acomhal 17.Leanadh ar aghaidh leis an gclár uasdátaithe fearais múchta tine trí fhearas slánaithe timpiste, fearas cumarsáide agus fearas análaithe a cheannach. Ina dteannta san, tá gach stáisiún anois le fearas uath-dhífhibrileoir sheachtrach.

Bainistíocht Mhór-Éigeandála

Lean Coiste Bainistíochta Mór Éigeandála de chuid Chontae Laoise ag cruinniú le céile gach sé seachtaine chun plé a dhéanamh ar ár mBainistíocht ar Mhór-Éigeandála laistigh de Chontae Laoise.

Athríodh an plean mór-éigeandála trí uaire le linn na bliana agus dáileadh é go dtí an pearsanra uile, iomchuí. Bhí oibreacha leanúnacha ar siúl ar cheantar Seomra na Comhairle. Tá an ceantar curtha in oiriúint chun feidhmiú mar Ionad Comhordaithe Áitiúil Idir-Ghníomhaireacht i gcás go mbíonn Mór-Éigeandáil fógartha. Tá na fearais agus na cumarsáidí riachtanacha uile soláthraithe don ionad mar atá sonraithe laistigh den Doiciméad Treorach do Ionaid Chomhordaithe Áitiúla.

Bhí trealamh breise agus cumarsáidí soláthraithe do Cheannasaí na Foirne Saothair 'ar suíomh'. Chloígh Comhairle Chontae Laoise le achainí uile na Roinne i dtaobh idir thraenáil inmheánach do Fhoireann an Chontae agus Thraenáil Idir Ghníomhaireacht soláthraithe ag An Roinn.

Siopa oibre Mór Éigeandála

Ar an 17ú lá de Meitheamh bhí cleachtas Mór Éigeandála Idir Ghníomhaireacht ar siúl ag Comhairle Chontae Laoise ina raibh na trí cinn de Ghníomhaireachtaí Príomha Freagartha páirteach ann, eadhon Údaráis Áitiúla Laoise, An Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Rith an siopa oibre go rafar agus bhí an t-aiseolas ó lucht na páirte agus os na maoir deimhneach.

Traenáil

Chomh maith le traenáil do iontrálaithe nua don seirbhís, ghlac foireann an bhriogáid dóiteáin páirt i dtraenáil speisialtóireachta ins na h-ábhair seo a leanas teagasc i cúrsa caidéil, saothar ar airde, fearas análaithe, Iarnród Éireann, traenáil tiomána agus iompar le linn dóiteán in árasán.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tarraingíodh suas Clár Bainistíochta Sláinte, Sábháilteacht agus Leasa na Seirbhíse Tine ar an 19ú Eanáir 2011. Bhailigh oifigigh shinsearacha tine ar an uainchlár le chéile tríocha seacht n-uaire le linn na bliana chun an clár a mheas agus monatóireacht a dhéanamh ar a aidhmeanna. d' Fhostaigh Seirb-

hís Tarrthála agus Tine Contae Laoise An Dr Eddie Murphy chun ár Seirbhís C.I.S.M. chun Bainistíocht a dhéanamh ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla a thabhairt do phearsanra uile na seirbhíse tine.

Grúpa Idir-Chaidreamh Thine Tailte Fiáine

I Mí Eanáir tháinig gníomhaireachtaí go raibh An Garda Síochána, Coillte, An tSeirbhís Fia-Bheatha agus Páirceanna Náisiúnta, Bord na Móna, Bord Cosanta Sibhialta Laoise agus Lucht Fáis Foraoise Feirme le chéile le Seirbhís Tarrthála & Tine Contae Laoise chun an Grúpa Idir-Chaidreamh Thine Tailte Fiáine a chur le chéile. Tá an grúpa seo tagtha le chéile chun bearta a chomhordú chun déileáil le h-ócáidí tine foraoise, aitinn agus portaigh i Laois agus is é an chéad cheann dá short in Éirinn.

d' Eagraigh Seirbhís Tarrthála agus Thine Laoise an chéad lá traenála don ngrúpa ar an 15ú lá de Aibreán a bhailigh na gníomhaireachtaí páirtíochta le chéile chun traenáil leis an tseirbhís tine i ngnéithe mar shábháilteacht, an Córas Smachta ar Eachtraí Náisiúnta, teicnící chun dul i ngleic le tine agus soláthar uisce.

Teastas Sábháilteachta Tine & Iarratais Phleanála

Bhí Teastais 47 forbairtí trádála i 2011 agus tugadh comhairle don Údarás Pleanála maidir le 65 iarratas Pleanála.

Ceadúnú Foirgneamh

Cuireadh Comhairle Chontae Laoise ar a eolas faoi iarratais i leith 82 tigh tábhairne le ceadúnas faoi réir Achtanna Ceadúnúcháin Deoch Mheisciúil a Dhíol, Hallaí Rince Poiblí agus Acht na gCrannchur agus na nGeall le linn 2011, déanadh iniúchtaí mar ba gá agus cuireadh tuairisc chuig seirbhís na cúirte.

Iniúchtaí ar Fhoirgnimh

Déanadh iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin ar 58 foirgneamh le linn 2011 agus cuireadh d' iachaibh ar roinnt cásanna feabhas a dhéanamh nuair a tugadh faoi ndeara go raibh laigí iontu.

Pleanáil Réamh-Tharlú

Leathnaíodh an Clár Pleanála Roimh Ré chuig na stáisiúin uile i 2011. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo méid an eolais faoi na foirgnimh ar fáil do lucht múchta tine a mhéadú ag na h-eachtraí.

Sábháilteacht Dóiteáin an Phobail

Déanadh eiseachada ar chlár na Scoileanna do 1617 daltaí ón dTríú rang sa chontae. Eiseachadadh léiriúcháin Sábháilteachta Dóiteáin do líon áirithe grúpaí pobail le linn na bliana, chomh maith. Bhí oícheanta oscailte ar siúl ag gach ceann de na stáisiúin tine le linn seachtain Sábháilteachta Tine a bhí ar siúl ón 3ú go dtí an 10ú Deireadh Fómhair.

Cosaint Síbhialta Laoise

Is eagraíocht deonaithe é Chosaint Sibhialta Laoise go bhfuil a bhaill bródúil friotháil air mar sheirbhís taca d'ard chaighdeán.

Tá na baill deonacha ioldána agus is príomh-ghníomhartha an eagrais
ná:

Garchabhair

Soláthar seirbhís gharchabhrach agus othar carr.

Seirbhísí Tarrthála

Athshlánú uirbeach, cuardach tuath oscailte le haghaidh daoine atá i neasnamh go bhfuil an t-aon ghadhar sábhála agus tarrthála K9 H.R.D. laistigh des na húdaráis áitiúla acu. Cuardach agus tarrtháil bunaithe san uisce.

Múchadh tine

Cleachtais chaidéalaithe agus dréimire, ag caidéalú uisce tuile agus uisce a sholáthar don bpobal.

Seirbhís Mhaor agus Monatóireacht Raid-ghníomhaíochta

Aimsiú raid-ghníomhaíocht agus monatóireacht.

Scileanna Leasa

Béilí teo, deochanna agus tacaíocht síc-sóisialta.

Cumarsáid Raidió

Oibriú dhá stáisiún raidió neamhspleácha MSA., MAA. agus Raidió Banda Muirí. Tá na córais seo á rith ónár Aonad Tacaíochta Oibríochta Speisialta.

Freagra Éigeandála

Chabhraíomar ag ócáidí le linn 2011 mar Pharáid Lá 'Le Pádraig, An Picnic Aibhléise agus aon fheidhm shibhialta a bhí á rith ag Údaráis Áitiúla Laoise.

Tá ionaid traenála suite i Sráid Bhaile, Darú agus Móinteach Mílic. Má tá suim agat sa mhéid sin thuas agus go bhfuil tú idir aois 16-65, dean teagmháil linn chun tuilleadh eolais a fháil ag (057) 8864000 nó ríomhphost ag lpreston@laoiscoco.ie nó tabhair cuairt chuig ár suíomh idirlín ag www.laoiscivildefence.org.

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

Stiúrthóir Seirbhísí: Gerry Gibson

Cathaoir: Martin Phelan, M.C.C.

Baill	Ranna
Brendan Phelan, M.C.C.	Francis Gorman
Ben Brennan, M.C.C.	Pat Culleton
Jeremiah Lodge, M.C.C.	Noreen Byrne
Kathleen O'Brien, M.C.C.	Miriam Hamilton
Seamus McDonald, M.C.C.	
Matthew Keegan, T.C.	

BÓITHRE

Innealtóir Sinsir: Michael O'Hora

Dáiltí Deontas Bhóthar 2011

Fuair Comhairle Chontae Laoise dáileadh iomlán de €46,078,217 le haghaidh bóithre Náisiúnta & Neamhnáisiúnta an chontae i 2011. Soláthraíodh €9.5m den gcistíocht seo ag An Roinn Iompair faoin gClár Infheistíochta Bóthar Réigiúnach agus Áitiúil trí Údarás na mBóthar Náisiúnta

Scéim PPP Mhótar-Bhealach M7 Port Laoise – Baile an Chaisleáin/M8 Port Laoise - An Chúl Choill

Osclaíodh an Scéim Mhótar-Bhealach M7/M8 PPP go h-oifigiúil ar an 28ú Bealtaine 2010. Thug an t-Údarás Náisiúnta Bóthar, faoina gClár PPP an conradh lamháltais do Ghrúpa Bhóthar Ceiltigh (GBC) Port Laoise Teo. chun an Scéim PPPM7/M8 a dhearadh, a thógáil, a chistiú, a rith agus a chothabháil. Ta foireann de os cionn 50 fostaithe tríd an GBC san ngnó leanúnach agus i gcothabháil na Scéime PPP M7/M8.

Tá críochnú an tionscnaimh an-tairbheach do na pobail áitiúla agus soláthraíonn sé eilimint phríomha i mbonneagar na mbóthar náisiúnta. Soláthraíonn suíomh straitéiseach Chontae Laoise mar aon le Scéim PPPM7/M8 an bonn do dheiseanna nua eacnamaíocha. Chomh maith lena ghaire is atáimid do Bhaile átha Cliath feabhsóidh an t-aistear níos giorra do Chorcaigh agus do Luimneach cúrsaí gnó agus turasóireachta agus Laois mar ionad fás tionscail, déantúsaíochta agus gnó teicneolaíocha.

Scéim Mótarbhealach M7 Bhaile an Chaisleáin (Doire na Sailí go Baile an Tuata)

d' Oscail an Scéim M7 Baile an Chaisleáin go Aonach Ur Mhumhan (Doirín Saileach go Baile an Totaigh) do thrácht ar an 22ú lá de Mhí na Nollag, 2010. Bhí oscailt na scéime seo mar chloch-mhíle shuaithinseach mar gurb é an chuid deiridh den 180 km Bhaile Átha Cliath go Luimneach Mór-Bhealach Idir Chathracha (MIC) agus le críochnú an M7 bé sin deireadh le h-eanga Mór-Bealach Idir Chathrach (MIC) de chuid Údaráis na mBóthar Náisiúnta.

Cuireann críoch an tionscnaimh seo le cumhacht iomaíochta réigiún Lár na Tíre agus cuireann sé bonn nua síos do fhás eacnamaíoch breise agus do rachmas.

Soláthraíodh cistíocht ag An Roinn Iompair do na scéimeanna seo a leanas faoin Chlár Infheistíochta na mBóthar áitiúil agus Réigiúnach trí Údarás na mBóthar Áitiúil.

Scéimeanna Feabhsaithe Sonracha

Fuair Comhairle Contae Laoise cistíocht ón Roinn Iompair do na scéimeanna seo a leanas i 2011:

Bóthar na Buiríse - €970,000

Sé atá i gceist sa togra seo uasghrádú ar thaobh Ráth Aoibhinn de Bhóthar Bhuiríse, ina bhfuil athailíniú acomhal Bóthar Shane agus Rath na Manach, tógáil cheangail idir Eastáit Ráth Aoibhinn agus Ros Darach le Timpeallán an Dísirt agus athailíniú ar an slí ó Lána Collier chuig Timpeallán an Dísirt. Be a bhí i gceist san scéim seo talamh a fháil trí Ordú Ceannaigh Éigeantaigh, tógáil charrbhealaigh, cosáin, cosáin rothar, le draenáil bóthar, bonneagar teileachumarsáide, oibreacha soilse poiblí agus seirbhísí cabhracha eile. Cuireann an scéim seo feabhas mór ar chúrsaí sábháilteachta do lucht úsáidte na mbóthar idir na ceantair mhóra chó-

naithe agus an scoil agus idir an eanga bhóthar poiblí níos leithne.

Scéimeanna Sainiúla Eile Feabhsúcháin

Leithháileadh	
R425 Ráth Léig, Port Laoise	€211,000
R435 Droichead Glaise	€45,000
L1531 Droichead Bhaile Thaobh a' Dúin	€65,000
L2110 Droichead Dhá Mhíle	€18,250
L2110 Droichead Chluain Tí Ghlas	€16,505
L2014 Droichead Dhoire Leath-Mógh	€15,000

Bearta Ceartaithe Sábháilteacht Bhóthar

Sa bhliain 2011 fuair Comhairle Contae Laoise leithdháilte chun Scéimeanna um Bhearta Feabhsúchán Sábháilteacht Bhóthar a chur ar bun ag ionaid éagsúla mór-thimpeall an chontae. Caitheadh €1,014,476 ar scéimeanna Bhóithre Náisiúnta agus €172,770 ar Scéimeanna Bhóthar Neamh-Náisiúnta.

Bhí scéimeanna na mBóthar Náisiúnta mar seo a leanas:

N77 Tóin Dubh	€13,657
N77 Stáisiún Tine Mhainistir Laoise	€38,278
N77 Darú	€246,254
N80 Br. Mhóinteach Mílic, Port Laoise	€277,133
N80 Maidenhead	€15,632
N80 Dún Másc	€112,976
N80 Móinteach Mílic Theas	€251,294
M7 Comharthaí Tiománaí Taibhsiúil	€59,252

Ins na scéimeanna thuas bhí nithe mar iad seo a leanas i gceist ath-ailíniú, feabhsúcháin, ós-ardú, moilliú tráchta, leasú ar na soilse poiblí, cosáin, áiseanna trasnú bhóthar agus soláthar comharthaí. Sholáthar scéim Chomharthaí Tiománaí Thaibhsiúil M7 comharthaí breise ag na h-acomhail M7 chun dul i bhfeidhm ar thiománaithe gan tiomáint isteach san mótarbhealach mí-cheart.

Bhí na scéimeanna Neamh-Náisiúnta Bóthar mar seo a leanas:

Scéim	Leithdháileadh
Crosaire Lea	€140,815
Crosaire Chnoc Rua	€19,968
Crosaire Cruacháin	€7,000
Crosaire na Meala	€4,987

Bé bhí i gceist ins na scéimeanna thuas ath-ailíniú, feabhsúcháin, ós ardú agus soláthar comharthaí ag na h-acomhail.

Sábháilteacht Bhóthair

Ghlac 4 cinn de mheánscoileanna páirt ins an gClár Tiomáin don Saol. Ghlac 3 cinn eile de bhunscoileanna san gClár Rothaíocht Slán i 2011 cé gur ísligh líon na ndaoine a ghlac páirt i mbliana beagán ó 431 go dtí 413.

Bhí an t-éileamh ar chótaí bhásta an-sofheicthe agus ar bhandaí frioth-chaitheamh láimhe do bhunscoileanna méadaithe i mbliana le h-achainí breise don trealamh breise seo de bharr chlár Brat Taisteal na Scoileanna Glasa. Bhí an t-éileamh breise á sholáthar i gcomhar le Páirtíocht Sport Laoise.

Leanann chur chun cinn an oideachais sábháilte le daltaí na mbunscoileanna agus le Comhairlí na d-Tuismitheoirí agus An t-Oifigeach Sábháilte Bóthar ag tabhairt ar Scoileanna Náisiúnta laistigh den gcontae. Ritheadh feachtas radio in Eanáir ag cur béim ar an dtábhacht a bhaineann le ' Bí Slán, Bí le Feiceáil' agus le h-úsáid a bhaint as éadaí/ábhair an-so-fheicthe le linn míonna an gheimhridh.

Ritheadh Taispeántas Sábháilteachta Bhóthar Lár Tíre ar an 15ú Deireadh Fómhair san bPlás Cathartha. Bé buaic-phointe na h-ócáide timpiste shamhailteach trácht bhóthair ag tarlú le lucht an dá ghluaisteán á fhriothál ag Seirbhísí na n-Otharcharr agus tógtha amach as na gluaisteáin ag Lucht Múchta Tine Phort Laoise. B' iad na daoine a bhí páirteach san ócáid il-bhuíon Bus Éireann, ÚSB, Cosaint Sibhialta Laoise, Comhairle Contae Chill Dara, An Garda Síochána, Comhairle Contae Laoise agus teagascóirí tiomána éagsúla áitiúla agus lucht díolta gluaisteán. Bé 1000 duine meastachán an tinrimh.

Pábháil Tánaisteach Náisiúnta agus Mion-Oibreacha Feabhsúcháin

Bhí pábháil agus leasaithe beaga déanta ar na bóithre seo a leanas i 2011:

N77 Darú go dtí Teorainn an Chontae — €653,300: Pábháil os cionn nó athchur i lár an bhaile agus ón mbaile go dtí teorainn an chontae. Chuir an aimsir isteach ar na h-oibreacha atá le bheith críochnaithe sa chéad ráithe de 2012.

N80 Br. Mhóinteach Mílic, Port Laoise — €575,000: Athchur codanna pábhála ar an N80 Br Mhóinteach Mílic, ó Lána Harpur go dtí An Chearnóg Ghlas, le leasúcháin suaithinseacha draenála san áireamh.

N80 Port Laoise go dtí Teorainn Contae Uíbh Fháilí

— €672,000; Ranna faoi leith den N80 i bPort Laoise agus ag Coillte Laoise, An Mhóinteach Mílic agus ag Muinecoda. Tá an obair le bheith ag tosú sa chéad ráithe de 2012.

Bé luach iomlán na n-oibreacha seo €1,900.000.

Bóithre Neamh-Náisiúnta a Chothabháil

Dhein Comhairle Chontae Laoise oibreacha cothabhála ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla an chontae, ar aon dul le blianta eile. Tá oibreacha draenála, cóiriú gruaimhín, deisithe cosán, comharthaí a chur suas agus a athrú, ath-líniú, soláthar stud, glanadh sráide agus bailiú bruscair agus bacainn/sreangú sábháilteachta a athrú san áireamh ins na hoibreacha seo.

Bhí oibreacha Neartaithe agus Cóirithe Dromchla déanta i 2011, faoi an gClár Oibreacha Bhóithre Il-Bhliantúla 2011-2013 ar Bhóithre Réigiúnacha agus Chontae mórthimpeall an chontae. Bhí iomlán de 42 km Bóithre Réigiúnacha agus Chontae neartaithe agus bhí 46 km de dhromchla cóirithe i 2011.

Clár na gComharthaí Bóthar Réigiúnach

Le linn na bliana 2011, lean an Chomhairle le h-eiseachada chlár na gComharthaí Bóthar Réigiúnach agus críochnaíodh na h-uasghrádaithe do na comharthaí treo ar an gcuid is mó de na bóithre. Táthar ag súil go mbeidh an obair seo críochnaithe ar na Bóithre Réigiúnacha uile i 2012.

Scéimeanna Maoinithe na dTáillí Forbartha

Chuathas ar aghaidh le roinnt scéimeanna trí Táillí Forbartha i 2011.

Cuar-Bhealach Thuaidh Phort Laoise

Táthar ag súil go mbeidh codanna an bhóthair seo eiseachada trí fhorbairt tailte criosacha.

Cuar-Bhóthar Theas Phort Laoise

Tosaíodh agus ceadaíodh próiseas OCE ag An mBord Pleanála i Mí na Nollag, 2008. Eisíodh Fógraí Déileála i 2010. Thosaigh oibreacha ar sheachada na coda deiridh ar an gceangal idir Bhóthar an tSráidbhaile agus Bhóthar Thigh Mo-Chua agus táthar ag súil go n-osclófar seo do thrácht i 2011. d' Fhéadfadh an chuid eile den scéim a bheith eiseachada ag forbróirí príobháideacha laistigh de chomhthéacs na gcead pleanála tugtha fá shlí na scéime. Tá Aldi (Eire)Teo. tar éis forbairt a chríochnú dá shuíomh faoin gcead pleanála agus thógadar cuid Cheangal Choill Cip Rua den mbealach a ghabhann trína chuid tailte. Tá Comhairle Contae Laoise ag lorg cistíochta suaithinsí chun an bóthar seo a chríochnú neamh-spleách ó fhorbairt phríobháideach na dtailte.

Scéimeanna Eile

d' Aithníodh na scéimeanna seo a leanas le bheith curtha chun cinn do chéim an mholta:
Síneadh Bhóthar Faoiseamh Thuaidh Cheatharlach, atá beartaithe le bheith ag dul go dtí Pleanáil Cuid 8 sa chead ráithe de 2012. Bóthar Faoiseamh Thiar Chúl a' tSúdaire atá ar tí le bheith ullmhaithe do iarratas pleanála faoi Acht An Bhonneagair Straitéisigh i 2012.

Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla

Fuarthas dáileadh €118,000 ón Roinn Iompair i 2010 maidir le sin thuas agus críochnaíodh 5 gcinn de thionscnaimh. Baineann Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúla le bóithre príobháideacha i Laois. Tá Deontas 85% de chostas iomlán na n-oibreacha soláthraithe má chosnaíonn an scéim sa bhreis ar €25,393. Sa chás go gcosnaíonn scéim níos lú ná an méid seo tá 90% soláthraithe.

Rannpháirtíocht an Phobail in Scéim Oibreacha Bóthar

Lean an scéim seo i 2011 (€220,000) agus tugadh faoi 8 dtionscnamh go buacach i dteannta le pobail áitiúla.

Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

R: Bóithre

R.1 Faid i gciliméadair de Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnacha feabhsaithe agus á gcothabháil faoin gClár Athchóirithe:

88km

Faid i gciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha tógtha faoi scéim deontas na bhfeabhas sonrach gach bliain:

0.5km

SEIRBHÍSÍ UISCE

Innealtóir Sinsir: Michael O'Hora

Tá feidhmeanna na Seirbhísí Uisce roinnte i gceithre chuid:

- Oibríocht Leanúnach agus Cothabháil Scéimeanna Uisce agus Fuíoll Uisce
- Clár Infheistíochta Caipitil
- Clár Uisce Tuaithe
- Soláthar agus cothabháil Reiligí

Soláthraíonn Seirbhísí Uisce tacaíocht, chomh maith, don Roinn Pleanála agus téann siad i gcomhairle leis an bpobal faoi ghnéithe pleanála bainteach le seirbhísí uisce agus fuíoll uisce.

Oibríocht agus Cothabháil Leanúnach

Tá an Roinn Seirbhísí Uisce freagrach as soláthar agus cothabháil soláthar uisce dóthanach agus cóireáil fhuíoll uisce agus áiseanna cur de láimh a chloíonn le Treorach Uisce Óil an AE agus le Treorach Cóireála Fuíoll Uisce Uirbeach an AE.

Soláthraíonn Comhairle Chontae Laoise timpeall 24,000 méadar ciúbach uisce faoi láthair sa ló. Faoi láthair, tá méid an uisce gan tuairisc ag 34%, méid atá níos fearr ná an meán náisiúnta. Tógáil fearas nua cóireála uisce ag Doire Maoile, Gráig Uí Chuilinn, a thosaigh in Iúl, 2011 agus atá le bheith críochnaithe ag deireadh Eanáir 2012. Tabharfaidh sé seo an deis do Chomhairle Contae Laoise foinse uisce inólta de ard-chaighdeán, neamhspleách, a bheith ag ceantar Ghráig Uí Chuilinn-rud a chuirfidh críoch leis an gá bheith ag ceannach uisce ó Cheatharlach.

Caighdeán Uisce

Tá feidhmeanna reachtúla ag Comhairle Chontae Laoise maidir le monatóireacht a dhéanamh ar sholáthar uisce óil sa chontae mar atá said leagtha amach i Rialacháin an AE (Uisce Óil) Uimhir 2, 2007.

Tá an ghéilliúlacht ag Laois le caighdeáin an tsoláthair uisce inólta phoiblí den gcéad scoth. Ta caighdeán an uisce ag ardú bliain i ndiaidh bliana.

Doirteadh chuig na Séaraigh

Tá gá le ceadúnas, faoi réir Acht an Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 agus 1990 agus a rialacháin, le haghaidh aon chuideachta a scaoileann eisilteach trádála (le huiscí fuaraithe san áireamh) go dtí an séarachas.

Eisítear os cionn 100 ceadúnas ag Comhairle Chontae Laoise gach bliain do lucht gnó sa chontae agus déantar monatóireacht ar an eisilteach ó na gnóthaí san ar bhonn rialta le linn na bliana.

Ceadúnas Eisilteach Fuíoll Uisce GCC

Faoi Rialúcháin 2007 i leith Eisilteach Fuíoll Uisce (Údaraithe) ní foláir do Chomhairle Chontae Laoise cur isteach ar cheadúnais don GCC chun ár gcuid Áiseanna Cóireála Fuíoll Uisce a fheidhmiú. Aighníodh iarratais i leith gach ceann de na 29 gcinn de Fhearais Chóireála Fuíoll Uisce chuig an GCC ó 2007 go 2009 agus chuige seo tá ceadúnais tugtha do Áiseanna Phort Laoise agus do Chluain na Slí agus teastais faighte ag 15 de áiseanna beaga sa chontae. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar na Ceadúnais ó am go céile atá tugtha amach aige.

Clár Infheistithe Caipitil

Oifig na dTionscnamh Caipitil

Tá Oifig na dTionscnamh Caipitil freagrach as eiseachadadh na scéimeanna móra Uisce agus Fuíoll uisce gur thug An Roinn Chomhshaoil Oidhreachta & Rialtais Áitiúil cead dóibh faoi Chlár Infheistíochta na Seirbhísí Uisce 2010 – 2012. Foilsíodh an t-athbhreithniú is déanaí den gclár in Iúl, 2011.

Scéim Phríomha Dhraenála Phort Laoise

I Mí na Samhna, 2011 fuair Scéim Príomha Dhraenála Phort Laoise Gradam Bharr Feabhais Innealtóirí Éireann i gcatagóir 'Bonneagar Comhshaoil'. Bhí an gradam urraithe ag BSL agus ag Gníomhaireacht um Chosaint Chomhshaoil. Bhí an gradam tugtha do bhainistíocht a dhéanamh ar áis cóireála fuíoll uisce nó ar chóras bailithe/dáilte a léirigh barr feabhais in oibriú bhonneagair chomhshaoil i leith luach as airgead, caighdeán na cóireála agus cosc ar fhuíoll.

Scéim Fheabhsaithe Scéim Sholáthar Uisce Chúl a tSúdaire

Aighníodh doiciméid chonartha don bpríomh scéim don Roinn i Mí na Nollag 2009 ag lorg cead chun dul ar aghaidh chun tairisceana. Aighníodh breis eolais i Mí Feabhra 2010. Roghnaíodh cúig cinn de chomhlachtaí tógála cheana trí phróiseas réamhcháilithe. Cuireann an clár nua an scéim phríomha san chatagóir de 'Scéimeanna ag Céim na Pleanála 2010 – 2012.' Moladh réamh oibreacha ag Lough

agus ag La Bergerie i Lúnasa, 2010 gur lean aighniú foirmiúil chuig an Roinn iad i nDeireadh Fómhair, 2010.

Scéim Sholáthar Uisce Mhóinteach Mílic agus Phort Laoise

Cuireadh an dearadh sonrach agus ullmhúchán doiciméad an chonartha don scéim phríomha chun cinn i 2011.

Cuireann an clár an scéim phríomha san chatagóir 'Scéimeanna ag céim na Pleanála 2010 – 2012.' Moladh réamh-obair do thobar eile ag Eidhin, ceann príomha nua chuig ACU ag Coill Mhinsin i dteannta le cumas cóireála breise ag Coill Mhinsin agus oibreacha ar an mór-cheangal ag Catholes i Lúnasa 2010 gur lean aighniú foirmiúil é chuig an Roinn i nDeireadh Fómhair 2010.

Cuireadh tús le foinse nua soláthar uisce le h-aghaidh Phort Laoise /Mhóinteach Mílic in Aibreán, 2011. Bé seo an dara poll déanta in Aighin agus cabhróidh sé seo leis an soláthar uisce a shlánú i ndiaidh an dá gheimhreadh sceirdiúla, dheireanacha againn. Mar thoradh ar Athbhreithniú Bliantúil WSIP in Iúl, 2011, fuarthas cead na Roinne do 3 cinn nua de chonraí réamh-oibreacha a neartóidh sláine agus caighdeán an tsoláthair uisce. Aighníodh buiséad mion-shonrach ina dhiaidh sin don Roinn chun na conarthaí a chur chun cinn.

Scéim Shéarachais Chomh-Bhailte Laoise

Tógadh na doiciméid chonartha do na h-Áiseanna Cóireála (DTF) suas chun dáta agus aighníodh iad don Roinn i nDeireadh Fómhair, 2010 le h-aghaidh a bheith molta le bheith curtha chun tairisceana. Tá socruithe faoi thalamh a fháil agus codanna a 8 le h-aghaidh suímh do ACFU críochnaithe. Tá gearr-liosta de chonraitheoirí ullmhaithe ar phróiseas réamh-cháilithe a chríochnaíodh in Aibreán 2009. Tógadh na doiciméid chonarthaí don nGréasán suas chun dáta agus aighnithe don Roinn i Mí na Nollag, 2010 chun cead a fháil dul ar aghaidh chun tairisceana. Tar éis Ceadúnas Eisilte Fuíll Uisce an GCC do Chluain na Slí do bheith eisithe agus tar éis comhráite a bheith leis an Roinn cuireadh moladh le h-aghaidh Chaoil Tógtha Chomhtháite(CTC) do Chluain na Slí chun cinn i 2010. Fógraíodh an con-radh do ICW Chluain na Slí i Feabhra 2011. Tugadh an conradh ina dhiaidh sin do Innealtóireacht Sib-hialta Cillín agus thosaigh an tógáil ar an suíomh i Lúnasa, 2011.

Scéim Shéarachais Chomh-Shráid Bhailte Laoise

Cheadaigh an Roinn an tionscnamh seo mar 'Scéim ag céim na Pleanála' ina an gclár 2010 – 2012, foil-sithe in Aibreán 2010. Clúdaíonn an scéim seo cúig cinn de shráid-bhailte mar An Baile Nua, An Eala, Baile na Cille. Eiréil agus Baile Átha an Róine. Cuireadh aighniú isteach chuig an Roinn i nDeireadh Fómhair, 2011 ag lorg cead chun Réamh-Thuarascáil a ullmhú do na sráidbhailte seo.

Scéim Shéarachais an Mhóintigh Mílic

Fuarthas an Réamh-Thuairisc agus an RTC do Chéim a 2 de Scéim Shéarachais Mhóinteach Mílic ó Nicholas O Dwyer Innealtóirí Comhairleacha i nDeireadh Fómhair 2009. Molann an Réamh-Thuairisc tuilleadh céimeanna a bheith sa scéim. Aighníodh an Ráiteas Tionchair Comhshaoil don Bhord Pleanála agus aighníodh An Réamh-Thuairisc don Roinn i mBealtaine, 2010. Lorg An Bord Pleanála breis eolais i 2011 agus chuireadar Éisteacht Béil ar an sceideal do Eanáir 2012.

Scéim Shéarachais Chúl a' tSúdaire (le Ioma/Baile Bhriotáis/Cill an Aird san áireamh)

Fuarthas An Réamh-Thuairisc agus an RTC do Scéim Shéarachais Chúl a' tSúdaire ó Nicholas O Dwyer Consulting Engineers i nDeireadh Fómhair, 2009. Aighníodh an Ráiteas Tionchair Comhshaoil don Bhord Pleanála agus aighníodh An Réamh-Thuairisc don Roinn i mBealtaine, 2010. Lorg An Bord Pleanála breis eolais i 2011 agus chuireadar Éisteacht Bhéil ar an sceideal do Eanáir 2012.

Caomhnú Uisce

Déanadh aighniú ar an Roinn i Mí Dheireadh Fómhair, 2010 le h-aghaidh:

(i) Straitéis Athshlánaithe na bPríomh-Píopán Uisce don chontae a ullmhú. Beidh sé seo dírithe ar dtúis ar na h-ionaid is mó daonra san chontae agus é le bheith tógtha suas chun dáta níos déanaí nuair a bheidh sonraí teiliméadrachta ar fáil.
(ii) Conradh teiliméadrachta ar bhonn an chontae uile a fháil
(iii) Conradh Athshlánaithe na bPríomh Phíobán Uisce (mar thús) ag díriú ar cheantair Phort Laoise agus Chúl a' tSúdaire a fháil.

Fuarthas cead na Roinne don aighniú seo i Marta 2011. Ina dhiaidh sin cuireadh an conradh-trasna-tíre-teileméadrach amach ar thairiscint i Mí na Samhna, 2011 agus ina dhiaidh sin críochnaíodh agus aighníodh Straitéis Ath-shlánaithe An Bhealaigh Mhóir Uisce don Roinn ar son a cheadaithe.

Clár Uisce Tuaithe

Táid seo a leanas san áireamh i gClár Uisce Tuaithe na Comhairle:

- Scéimeanna Uisce Grúpa
- Scéimeanna Uisce agus Séarachais Beaga
- Deontais le haghaidh Fearais Uisce Tobar Aonaracha

Scéimeanna Uisce Grúpa

Soláthraíonn scéim uisce grúpa soláthar uisce príobháideach do 2 theach nó níos mó trí fhoinse soláthair comónta nó roinnte agus córas dáilte.

- Cabhraíonn an Chomhairle le grúpaí trí oibriú i bpáirtíocht leo agus trí:
- Comhairle agus treoir a thabhairt ar fhoirmiú agus ar fheidhmiú na scéimeanna grúpa
- Chomhairle theicniúil a sholáthar ar fhadhbanna foinse agus soláthair, ar ghréasáin dáilte, ar chaighdeán agus ar chóireáil uisce, dearadh scéime, &rl.
- Ag tabhairt cumas do ghrúpaí soláthar uisce a thógáil ó phríomhlíonra uisce poiblí sa chás go bhfuil sé seo indéanta
- Comhairle agus cúnamh a thabhairt ar sholáthar tairiscintí agus luachála
- Scéimeanna grúpa cúnamh deontais suas go 85% den gcostas ceadaithe, le teorainn €6,475 per teaghlach
- Maoirseacht ar chaighdeáin tógála
- Fóirdheontas bliantúil a sholáthar le haghaidh chostais feidhmithe agus cothabhála a bhí caite ag an grúpa sa scéim.

Faoi láthair tá 62 GrúpScéim Uisce i bhfeidhm i Laois.

Achoimre ar na Deontais a íocadh in 2011

Grúpscéimeanna Uisce Nua €68,824
Do Clonanny G.W.S. agus Ballylehane G.W.S

Grúpscéimeanna Uisce a Thógáil i gCúram €393,200
Do Clonkeen G.W.S., Ballyfin G.W.S., Springhill G.W.S. agus Sleaty Road G.W.S.

Uasghrádú ar Ghrúpscéimeanna Uisce atá ann cheana €302,277
Do Cullohill G.W.S., Errill G.W.S., The Heath G.W.S. and Ballacolla G.W.S.

Fóirdheontais €372,746
Do na G.S.Uanna éagsúla sa chontae.

Scéimeanna Beaga Uisce & Séarachais €1,445,153

Soláthraítear maoiniú do thionscadail chaipitiúla le haghaidh soláthar d'uasghrádú de scéimeanna beaga uisce agus séarachais a fhorlíonann bearta uisce tuaithe atá ann cheana.

Sa bhliain 2011, bhí obair déanta ar na scéimeanna seo a leanas:

- Graiguecullen Water Supply
- Ballyroan Water Supply
- Portlaoise Water Supply
- Lough Borehole Derryguile Watermain
- Mountmellick Temporary Treatment Plant
- Borris in Ossory Wastewater Treatment Plant
- The Mall Wastewater Treatment Plant

Iniamh Éifeacht Fuinnimh — €80,094.58

Soláthraíodh cistíocht ag an Roinn chun tacú le cur i bhfeidhm na mbeart ag an rialtas a sprioc a shroicheadh de 33% de ísliú ar úsáid fhuinnimh ag rannóg an rialtais áitiúil faoi 2020.Tugadh cistíocht do Chóireáil Uisce Phort Laoise, do Sholáthar Uisce Dharú agus do Chóireáil Fuíll Uisce Mhóinteach MIlic.

Aidhm Chomhall Speisialta Comhshaoil €43,263.07

Soláthraíodh cistíocht do bhailte beaga agus do shráidbhailte chun comhall a dheimhniú le riachtanais reachtúla chomhshaoil. Bí Scéim Fhuíll Uisce Bhaile Átha an Róine an t-aon bhaile i gContae Laoise a fuair cistíocht faoin scéim seo.

Scéim Deontais um Sholáthar Uisce Aonair €65,422

Tá deontas de 75% de chostas faoi réir deontais d'uasmhéid €2,031.58 iníoctha d'uasghrádú de sholáthar uisce aonair príobháidí nuair nach mbíonn aon ghrúpa eile nó soláthar poiblí ar fáil.

Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe

Bunaíodh Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe i 1998. Tionólann an Coiste gach ráithe chun comhaontú agus mónatóireacht a dhéanamh ar an gClár Uisce Tuaithe. Tá an Coiste déanta suas d'ionadaithe ón I.F.A, ón I.C.M.S.A, ón gCumann Contae de Grúpscéimeanna Uisce, ón gCumann Náisiúnta de Grúpscéimeanna Uisce agus de bhaill agus oifigigh ó Chomhairle Chontae Laoise

Soláthar agus Cothábháil Reilligí

Lean Comhairle Chontae Laoise ag feidhmiú fiche

seacht reilig mórthimpeall an chontae ag Ministir Laoise, Eanach Tirim, Baile an Chalaidh, Béal Átha na Coille, Baile Adaim, Baile Finn, Baile Uí Laighneáin, Teach na Bearbha, an Bhuiríos, Cam Ros, Baile an Chaisleáin, Cluain na Slí, Ioma, Darú, Cillín Ard, Cill Uisean, Móinteach Mílic, Maighean Rátha, Maigh Eanaigh, Port Laoise, An Ráithín, Ráth Domhnaigh, Ros Fhionnghlaise, Sean Chua, Sléibhte, An Sráidbhaile agus Tigh Mochua.

Tá Cláraitheoirí Reilige fostaithe do gach Reilig de chuid na Comhairle le freagracht orthu do dhíolachán plásóga agus cothabháil a dhéanamh ar rolla na reilige.
Cuid tábhachtach den rannóg is ea na taifid a chothabháil. Lean an obair seo ar aghaidh i 2011.

Deontais Reilige

Meallann an Chomhairle obair na gcoistí reilige áitiúla trí dheontas gach bliain.

Fuarthas 105 iarratas deontais i 2011 agus díoladh amach €28,300. Tá obair luachmhar á dhéanamh ag na coistí deonacha seo ag cothabháil na reiligí áitiúla.

Tá reiligí rangaithe agus tá deontais díolta amach ar an mbonn seo a leanas:

Rannóg A: Reiligí na Comhairle,
Rannóg B: Reiligí Comhairle Níos Lú,
Rannóg C: Reiligí Nach cuid na Chomhairle iad agus
Rannóg D: Reiligí na fuil á úsáid go rialta a thuilleadh

Leithris Phoiblí

Caitheadh €74,000 ar chothabháil na leithreas poiblí i bPort Laoise, i Maighean Rátha agus sa tSráidbhaile.

Struchtúir agus Áiteanna Contúirteacha

Tá an chumhacht ag an gComhairle déileáil le struchtúir nó áiteanna má tá an pobal i mbaol nó má tá, nó gur dhócha go mbeidh aon duine nó do aon réadmhaoine i mbaol.

D'fhéadfadh fógra a fhreastal ar úinéir áite/struchtúr dá leithéid ina bhfuil oibreacha riachtanach le déanamh ann. Más gá, féadfaidh an Chomhairle an obair a dhéanamh agus na costais a fhorchúitiú.

Táscairí Náisiúnta Seirbhíse

E. Uisce – Eanáir go Nollag 2011

E.1 Uisce Gan Tuairisc (UGT) mar % den uisce iomlán soláthraithe faoi na scéimeanna soláthair uisce go bhfuil an tÚdarás Áitiúil freagrach as: 34%

E.2 Céatadán torthaí anailíse an uisce óil ag réiteach leis na riachtanais reachtúla maidir le:

Scéimeanna Poibl: 99.7%

Scéimeanna Príobháideacha: 97%
(where appropriate)

Ceannaire Airgeadais: Gerry Murphy

Cuntasóir Airgeadais/ Bainistíochta: Julie Bergin

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as na seirbhísí seo a leanas:

Cáin Mótair, Cuntais Iníoctha, Bailiú Ioncaim, Párolla agus Pinsean, Iniúchadh Inmheánach, Ullmhú Buiséid agus Ráitis Airgeadais Bhliantúil, Bainistíocht Airgeadais agus na gnóthaí uile a bhaineann leis.

Rátaí

Ba é €64.63 an Ráta Bhliantúil Ginearálta ar Luacha. Ba é an t-Iolraitheoir Luacha In-ráta le haghaidh Port Laoise agus Móinteach Mílic ná:

Port Laoise:	€66.63
Móinteach Mílic:	€67.43

Muirir Uisce

I 2011 bhí 2,817 úsáideoirí tráchtála ann agus rinneadh méadarthomhas ar 2,727 acu san. Bhí táille seasta ann do na tomhaltóirí eile. Leanadh ar aghaidh leis an dTionscadal Méadarithe le linn 2011 do na custaiméirí neamh-theaghlaigh go léir. Bí an táille ar uisce méadraithe i 2011 ná €1.00 in aghaidh 1,000 lítear agus €1.45 in aghaidh 1000 lítear de fhuíoll-uisce. Ina theannta san bhí táille sheasmhach de €60 ar chíos mhéadair in aghaidh na bliana.

Íocaíocht Dhéanaí Cuntais

I ndiaidh tabhairt isteach an Acht um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála) 2002, tá soláthraithe tráchtála i dteideal íocaíochtaí úis ar mhéideanna dlite dóibh i ndiaidh

a) an dáta sonraithe faoi théarmaí conartha scríofa, nó
b) 30 lá ón sonrasc a fháil nó ó sheachadadh na n-earraí, nuair nach bhfuil conradh scríofa ar bith nó mura sonraíonn an conradh dáta íocaíochta.

Glacann Comhairle Contae Laoise le téarmaí an Achta um Íocaíocht Pras ar Chuntais faoi mar a leasaíodh é le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanaí i mBearta Tráchtála). Chun géilleadh don Acht agus na Rialacháin a chinntiú, cuirtear stampa dáta ar na sonraisc a faightear san rannóg Cuntais Iníoctha agus déantar scrúdú seachtainiúil ar sonraisc gan íoc atá ag druidim leis an dáta sonraithe. Sa chás go mbíonn ús íocaíochta dhéanaí iníoctha, seoltar ráiteas a shonraíonn an ús chuig an soláthraí chomh maith leis an íocaíocht. Ní féidir leis an gnás atá sonraithe thuas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú cinnte a sholáthar le haghaidh géilleadh don Acht.

Is iad na gnáth tréimhsí íocaíochta sonraithe i conarthaí scríofa i gcoitinne ná:

Conarthaí Tithíochta	- 10 lá oibre
Conarthaí Bóithre	- 28 lá
Conarthaí Uisce	- 14 lá /1 mí

Staitistic Íocaíocht Dhéanaí 2011

An líon iomlán íocaíochtaí déanacha os cionn €250:	0

Dliteanas CBL an Rialtais Áitiúil

Thug Roinn 117 den Acht Airgeadais 2010 an dualgas isteach ar Údaráis Áitiúla CBL a bheith san áireamh ar ghníomhaíochtaí áirithe le h-éifeacht ón 1ú Iúil 2010. Déanadh athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí na n-Údarás Áitiúil ag na Coimisinéirí Ioncaim chun fháil amach cad iad na gníomhaíochtaí go mbeadh CBL dlite orthu. Cuireann na h-Údaráis Áitiúla CBL anois ar ghnéithe áirithe mar pháirceáil den sráid, In-líonadh Talún, Ionaid Athchúrsála. Is féidir leo an CBL a éileamh ar ais i leith na ngníomhachtaí sin. Ta an Córas Bainistíochta Airgeadais(Agresso) uasghrádaithe chun é seo a thógáil san áireamh. Déantar CBL a sheoladh gach dhá mhí chun déileáil leis sin.

Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Leis an Acht um Rialtais Átiúil Local Government charges act 2009 tugadh isteach muirir bhliantúil de €200 ar áiteanna cónaithe príobháideacha neamhphrionsabail. Is iad na húinéirí a íocann é seo go dtí an NPPR ar son an údaráis áitiúil ina bhfuil an réadmhaoine suite ina gceantar. Is féidir an íocaíocht a dhéanamh trí shuíomh gréasáin an NPPR www.nppr.ie nó is féidir é a íoc trí fhoirm chlárúcháin an NPPR a chur isteach agus an íocaíocht a thabhairt don oifig airgeadais dod' Chomhairle Chontae áitiúil.

Is é an 31 Márta an dáta dliteanais don mhuirir NPPR. Is é an 31 Bealtaine an dáta dlite. Tabhófar pionóis de €20 in aghaidh na míosa tar éis an 30 Meitheamh.

I 2011, bhí 3,185 Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha ar an liosta le hadmhálacha de €670,800.

Cáin Ghluaisteán

Leanann an Roinn Cánach Ghluaisteán ag soláthar seirbhísí atá in úsáid go forleathan ag an bpobal. Clúdaíonn an Córas (Comhad Tiomána Feithicle Náisiúnta) CTFN gach cáin ghluaisteán agus gach ceadúnas tiomána.

B' iad na hidirbhirt iomlána a dhein OMC Laoise i 2011 ná 74,099.

Rátaí Nua CO2

Beidh cáin gluaisteán do fheithiclí nua cláraithe air, nó ina dhiaidh an 1ú Iúil, 2008 déanta amach bunaithe ar seacht gcinn de bhandaí CO2. Beidh an cháin ó €160 sa bhliain dos na gluaisteáin is glaise go €2258 le haghaidh gluaisteáin leis na rátaí astaithe is airde. Beidh rátaí cáin Gluaisteán grádaithe mar a théitear suas na bandaí CO2.

Gnáthaimh Chlárúcháin Fheithiclí Leasaithe

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis na Seirbhísí Tástála Gluaisteán Náisiúnta a cheapadh chun feidhmeanna cláraithe feithiclí a dhéanamh ar a son. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ag 1890 927 787 nó ar líne ag www.nct.ie/vrt

Ceadúnais Feithicle

Bé an teacht isteach iomlán do 2011 ná €10,655,874, i gcomparáid le €11,350,487 i 2010. Bé méid na gceadúnas feithicle (dioscaí) a eisíodh i 2011 ná 53,658 i gcomparáid le 55,014 i 2010.

Ceadúnais Tiomána

Bé €176,315 méid na bhfáltas (le dúbailtí san áireamh) le haghaidh 2011 i gcomparáid le €173,895 le haghaidh 2010. Bé 10,392 méid na gceadúnas tiomána a eisíodh i 2011 i gcomparáid le 10,750 i 2010. Ní foláir do gach iarrthóir dá chéad Ceadúnas Foghlaimeora Teist Teoirice a dhéanamh. Is é an uimhir fóin chun glaoch a dhéanamh do theist 1890 606 106.

Tástáil Feithicle

Bhí Teastais ar Ród acmhainneachta le haghaidh feithiclí trádála/earraí eisithe i leith 6,036 feithicle le linn na bliana i gcomparáid le 6,239 do 2010. Tá teist RCORÁ riachtanach gach bliain do gach feithicle trádála/earraí.

TNG: Teist Náisiúnta Gluaisteán

Tá tástáil feithiclí príobháideacha ar siúl ar bhonn leanúnaí ó Eanáir 2000. Tá Lárionad Laoise ag Lárionad Gnó Lios na m-Bard, Bóthar Thigh Mochua, Port Laoise. Bíonn an chéad Teist tar éis 4 bhliain agus gach 2 bhliain ina dhiaidh sin. Cairr seanré an t-aon feithicle ná caithfear an teist seo a dhéanamh orthu.

Uaireanta Cloig Oscailte:

9.30 – 15.30, ó Luan go h-Aoine le am lóin san áireamh.

Céadatán bearta Mótarchánach: 31/12/2011

% na n-Idirbhearta Mótar-Chánach a:

Adhéileáiltear leo leis an gcustaiméir:

89.20% (57,077)

Adhéileáiltear leo tríd an bpoist:

10.80% (6,809)

Adhéileáiltear leo on-line:

40.59% (27,769) de custaiméirí cáilithe

34% an figiúr don ngnó ar-líne ina iomlán

Líon uaireanta ar oscailt sa tseachtain: **28.85 hours**

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí tríd an bpost agus % de na hiarratais poist san iomlán ar déileáladh leo:

a) ar an lá céanna	98.97%	(6,837)
b) ar an dara nó an tríú lá	0.54%	(37)
c) ar an gceathrú nó an cúigiú lá	0%	(0)
d) thar 5 lá	0.49%	(34)

Méid na nIarratas Ceadúnais Feithiclí (le luach airgeadaíochta) agus % de hamhail iarratais ar déileáladh leo:

a) ar an lá céanna	61.18%	(6,103)
b) ar an dara nó an tríú lá	37.48%	(3,739)
c) ar an gceathrú nó an cúigiú lá	1.04%	(104)
d) thar 5 lá	0.30%	(30)

Bailiú Cánach	31/12/2011	31/12/2010
Iasachtaí Tithíochta		
a) Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar chéatadán den méid atá le teacht:	81%	86%
b) Céatadán na riaráistí:		
(i) níos lú ná mí amháin	2%	
(ii) 1 - 2 mhi d'aois	4%	23%
(iii) 2 – 3 mhí d'aois	3%	13%
(iv) thar 3 mhí d'aois	91%	64%
Cíosanna		
a) Méid bailithe ag deireadh na bliana mar chéatadán de mhéideanna dlite.	94%	93%
b) Céatadán na riaráistí		
i) Níos lú ná ceithre seachtain	12%	13%
ii) 4 – 6 seachtain	8%	11%
iii) 6 – 12 seachtain	12%	12%
iv) Níos mó ná 12 seachtain	68%	64%
Rátaí Trádála		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	77%	81%
Táillí Uisce Neamh-Theaghlaigh		
Méid a bailíodh ag deireadh na bliana mar fhán gcéad den méid atá le teacht:	55%	51%

Cuntas Airgeadais

Caiteachas Grúpa Cláir Net	Caiteachas 2011 €	Adhmhálacha 2011 €	Glan Caiteachais 2011 €
Tithíocht & Foirgníocht	10,619,262	11,501,131	(881,870)
Iompar & Sábháilteachtar Bhóithre	15,809.011	11,775,416	4,033,594
Soláthar Uisce	10,028,705	3,242,773	6,785,932
Spreagthaí & Rialúcháin an Forbart	3,884,229	653,665	3,230,565
Cosaint an Chomhshaoil	8,951,896	4,401,509	4,550,387
Caitheamh Aimsire & Conláistí	3,932,671	879,430	3,053,242
Talamhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	6,377,760	5,696,071	681,688
Seirbhísí Ilghéitheacha	4,275,482	2,305,215	1,970,266
Admhálacha / Caiteachas Iomlán	63,879,016	40,455,211	

Glanchostas Clár le cistiú ó Rátaí Contae agus Rialtas Áitiúil	23,423,805
Rátaí	10,044,575
Tobhach Pinsean	1,086,370
Cistiú Rialtais Áitiúil	14,056,983
Fuílleach don Bhliain roimh Aistrithe	1,764,123
Aistrithe ó/(go) Cúlchistí	(1,744,585)

Iomlan Fuílleach don Bhliain	19,538
Cúlchiste Ginearálta ag 1 Eanáir, 2011	(519,500)
Cúlchiste Ginearálta ag 31 Nollaig, 2011	(499.962)

Cuntas Caipitil

Iarmhéid ag 01.01.11	(15,575,606)
Deontas	41,035,385
Adhmhálacha eile	19,525,640
Aistrithe	1,744,584
Caiteachas	51,747,541
Iarmhéid ag 31.12.11	(5,017,537)

Bainisteoir: Michael Rainey

Cléireach Baile: John Clarke

Innealtóir Baile: Farhan Nasiem

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Matthew Keegan tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana de chuid Baile Phort Laoise a bhí ar siúl ar an 17ú Meitheamh 2011. Toghadh an Comhairleoir Catherine Fitzgerald mar Leas Chathaoirleach.

Baill ar Bhoird/Choistí

Forbairt Pobail agus Eacnamaíoch, Coiste um Beartas Straitéiseach Cultúir & Oidhreachta

An Comhairleoir Rotimi Adebari
An Comhairleoir Alan Hand

Coiste Polasaí Straitéisigh um Sheirbhísí Iompair & Uisce

An Comhairleoir Jerry Lodge
An Comhairleoir Kathleen O'Brien
An Comhairleoir Matthew Keegan

Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta & Sóisialta

An Comhairleoir Willie Aird
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald

Cruinnithe Míosúla

Bíonn cruinnithe Bhaile Port Laoise ar siúil ar an gcéad Mháirt de gach mí.

Seirbhísí príomha Soláthraith

Seirbhísí Mhaor Scoile, Tionscnaimh Timpeallachta, Leithreas, Glacadh Fáiltiú Sibhialta & Nascadh Bailte.

Buiséad 2011 - €97,525

In 2011, thug Comhairle Bhaile Phort Laoise tacaíocht dóibh seo a leanas:

- Coiste Pharáid Lá Le Pádraig
- Bailte Slachtmhara Phort Laoise
- Rang Ceoil Naoimh Bhríde, Port Laoise
- Club Lúthchleas Phort Laoise
- Cumann Soilsiú na Nollag Phort Laoise
- Cumann Muintir Rossvale
- Cumann Muintir Plás Labhrais
- Cumann Muinter Pháirc an Aonaigh

Comhdhálacha

Thug an Comhairle Bhaile tacaíocht agus dhéan sé ionadaíocht ag na comhdhálacha seo a leanas:

- Comhdháil Bhliantúil de chuid Comhchaidreamh Údaráis Catharaha na hÉireann

Buaicphointí le linn 2011

In 2011, thug an Chomhairle Bhaile tacaíocht agus chuir sí fáilte roimh forbairtí éagsúla i bPort Laoise, go háirithe:

- Oscailt an bhóthair cheangail idir Bhóithre Tigh Mochua/Sráid Bhaile
- Uasghrádú Bhóthair Mhóinteach Mílic
- Ath-ailíniú agus uasghrádú Bhóthar Bhuiríse
- Oscailt Oifigiúil an Treo Nua, Ionad acmhainne Phort Laoise
- Óstaíocht a dhéanamh ar bhabhtaí ceannais Rós Thrá Lí
- Óstaíocht a dhéanamh ar chuid Laighean de Fleá Cheoil na h-hÉireann
- Feabhsúcháin ar bhóthar, cosán agus soilse poiblí mórthimpeall an bhaile

Bainisteoir: Declan Byrne/Ian McCormack

Cléireach Baile: Pamela Tynan

Innealtóir Baile: Dermot Leonard

Cruinniú Cinn Bhliana

Bhí an Comhairleoir Stephen Lynch tofa mar Cathaoirleach ag an g-Cruinniú Cinn Bhliana 2011. Toghadh an Comhairleoir Pat Bowe mar Leas Chathaoirleach.

Buiséad 2011: €57,265

Coistí Polasaí Straitéisigh

I Meitheamh 2011, toghadh An Comhairleoir Stephen Lynch de chuid Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar an gCoiste Polasaí Straitéisigh don Phleanáil, don Fhorbairt agus don Chomhshaol agus thóg sé áit an Chomhairleora Marc Connolly.

I Mí Dheireadh Fómhair, 2011 toghadh an Comhairleoir Bobby Delaney ar an gCoiste Polasaí Straitéisigh don Phleanáil, don Fhorbairt agus don Chomhshaol gus thóg sé áit an Chomhairleora Rosemary Whelan.

Friothálfaidh na h-ionadaithe ar Choistí Polasaí Straitéiseacha ó 2010–2014.

Ionadaíocht ar Chomhlachtaí Eile

Coiste na Logainmneacha

Dhein Comhairleoir Bobby Delaney ionadaíocht ar an gComhairle Baile ar Choiste na Logainmneacha do Chontae Laoise.

Coiste Fho-Dhlite Mhóinteach Mílic

Dhein Cathaoirleach Stephen Lynch, iar Cathaoirleach Pat Bowe agus Comhairleoirí David Goodwin, Seamus McDonald, Marc Connolly, agus Patrick Bracken ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar Fho-Dhlite an Choiste, ag déileáil le gach fadhb bainistíochta tráchta sa bhaile.

Chomhar-Árachais Eagraíochtaí Poiblí na hÉireann

Dhein an Comhairleoir Marc Connolly ionadaíocht ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ar na heagraíochtaí thuas.

Cumann Bardais na hÉireann

Dhein na Comhairleoirí Patrick J. Bracken agus Cathaoirleach Stephen Lynch ionadaíocht do Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic ag Seimineáir an Earraigh agus an Fhómhair de Chomhlachas Bardasach Údarás na h-Éireann.

Bord Forbartha an Chontae agus Coiste Páirtíochta Laoise

Tá an Comhairleoir Paddy Bracken mar ionadaí Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic ar Bhord Forbartha an Chontae agus ar Choiste Páirtíochta Laoise. h-Aontaíodh go mba chóir do Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic an áit a choimeád ar Bhord Forbartha an Chontae agus ar Choiste Páirtíochta Laoise chomh fada le Mí na Nollag 2011 ar son Chomhairle Bhaile an Mhóinteach Mílic agus Chomhairle Bhaile Phort Laoise.

Obair ag an mBaile Gaelach

Déanadh mór-shaothar ag an mBaile Gaelach. I measc na n-oibreacha a déanadh bhí cosáin nua ag Geata Eiscir/Doireguile, soilse nua, ráillí na, cosáin nua ag na cuairteanna leadóige agus cosáin nua ó Ardán na Páirce go dtí an droichead ag An mBaile Gaelach.

Obair i mBaile an Chollaigh

Trí an Roinn Pleanála déanadh na h-oibreacha seo a leanas ag baile an Chollaigh : bánna nua páirceála, cosáin nua, ráillí nua, agus geataí ceantair ghlasa nua, toir, crainn, rampaí, draenáil agus pábháil nua.

Oibreacha Comhshaoil/Deontais

Le linn 2011 déanadh Oibreacha éagsúla Feabhsaithe Comhshaoil mórthimpeall an bhaile. Bhí na h-oibreacha seo a leanas san áireamh ann:

- Cuireadh plandaí nua samhraidh ins na h-umair bhláth uile
- Cuireadh dath ar na potaí bláth uile i gcomhar le FÁS
- Cuireadh toir ar bhruach na h-abhann ag Droichead an Chlochair i gcomhar le FÁS
- Ceannaíodh binsí poiblí nua agus suíodh iad in áiteanna éagsúla mórthimpeall an bhaile
- Ceannaíodh umair nua do bhláthanna agus suíodh iad in áiteanna éagsúla mórthimpeall an bhaile

Ina theannta san bhronn Comhairle Bhaile Mhóinteach Mílic tabhartas do Choiste Soilse na Nollag.

Coiste Chomh-Mhaoirseachta an Mhóinteach Mílic

I 2011 bhí cruinnithe sa ráithe ag Comhchoiste Póilíneachta Mhóinteach Mílic i Márta, i Meitheamh agus i Mí na Nollag. Bhí cruinniú poiblí amháin i Meán Fómhair in Iarsmalann MDA. Nithe a bhí á bplé ann ab ea na Teorainn nua Tiomána le Deoch faoi théarmaí Acht um Thrácht Bhóthar 2011, iompar frith-shóisialta, bocrásairí, coireanna, drugaí agus alcóil agus láithreas na ngardaí. Sa choiste tá na naoi mhall tofa, beirt oifigeach na ngardaí, triúr ag déanamh ionadaíochta ar an bPobal agus ar an Rannóg Deonach, Bainisteoir an Bhaile agus Cléireach an Bhaile.

Léiriúcháin

Ann Marie Kelly — Oifigeach Meabhraíochta Chomhshaoil

Thug Oifigeach Meabhraíochta Chomhshaoil, Ann Marie Kelly, léiriúchán mion-sonrach do na baill ar a ról agus ar n h-iniaimh reatha atá a gcur i bhfeidhm. D' Fhreagair Ms. Kelly ceisteanna éagsúla ardaithe ag na Baill. Mhol na Baill Ms. Kelly agus Comhairle Chontae Laoise as ucht a gcuid oibre i gcur chun cinn agus a gcur i bhfeidhm contae níos glaise. Le linn plé fada luadh an bhuairt a bhí orthu faoi shalú ag madraí. Déanadh roinnt moltaí mar níos mó comharthaí agus faoi chomharthaí ar mhéid níos fairsinge acu mórthimpeall an bhaile, níos mó cur i bhfeidhm agus fo-dhlíthe a thabhairt isteach chun cosc a chur ar mhadraí bheith in áiteanna áirithe sa mbaile.

Ann Goodwin, POF, Chomhlacht Páirtíochta Laoise

Thug Ms. Goodwin léargas gairid ar Chomhlacht Páirtíochta Laoise, a thugann struchtúr aonta amháin le h-aghaidh seirbhísí eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha a seachadadh do ghnóthaí beaga, do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonaracha i Co. Laoise. Tá an obair seachadadh, ar an mór gcóir, tríd an Clár Forbartha Tuaithe, trí an Clár Forbartha Áitiúil agus Pobail, trí Thraenáil Teastaithe FETAC, trí an Iniamh Ar ais chun an Oideachais, trí áiseanna Iar -Scoile agus Creche, trí Scéim Fostaíochta Pobail FÁS, agus Club Post FÁS. Thug Ms Goodwin eolas do na baill ar an gclár nua Tús. Chomhairligh sí gur chlár ghníomh chun oibre é le 100 spás ann do Cho. Laoise. d' Fhreagair sí ceisteanna éagsúla ó na baill.

Michael Rainey, Oifigeach Feidhmeach Sinsearach, An Roinn Tithíochta, Comhairle Contae Laoise

Thug an t-Uasal Rainey tuairisc ghairid ar an Scéim Nua Ceannach ag Tionónta agus ar na rialúcháin faoin Scéim Mheasúnú Riachtanas Tithíochta. Tugann an Scéim Nua Cheannach ag Tionónta 2011 an deis do dhaoine a bhí mar thionóntaí ag Comhairle Contae Laoise ar feadh breis agus deich mbliana a dtigh a cheannach ar phraghas íslithe. An lacáiste is mó atá ar fáil ná 45%. Bhí fáilte ag na baill roimh an scéim nua. D' Imlínigh Mr Rainey, chomh maith, na h-athruithe ar na rialacha i leith Scéim nua Mheasúnú Riachtanas Tithíochta. I measc cuid de na h-athruithe tá an ceann a deir nach bhfuil cead ag iarrthóir ach bheith ar aon liosta tithíochta sa tír, nach bhfuil aon tosaíocht i leith cheantar an rogha agus go bhfuil tairseach an ioncaim athruithe.

Declan Byrne ar Scor — Iar-Bhainisteoir an Bhaile

d' Éirigh Declan Byrne as a phost mar Bhainisteoir Bhaile ar Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic I 2011 tar éis dó seirbhís de 42 bliain a thabhairt. Thosaigh Mr. Byrne I gComhairle Bhaile Mhóinteach Mílic 2000 agus ag cruinniú Mheán Fómhair ghuigh na baill rath air le linn a scortha. Mhol na baill Mr Byrne as ucht a shaoil saothair agus as ucht a raibh déanta aige ar son an bhaile. Roinnt de na feabhsúcháin o thosaigh Mr. Byrne is ea na h-Oifigí Cathartha nua, fostú Chléireach Bhaile lán-aimsire, forbairt na leabharlainne nua, oscailt pháirc súgradh nua, an t-ionad pobail san sean-phictiúrlann, tús curtha le forbairt cheantair áise ag suíomh na seanleabharlainne agus feabhsúcháin éagsúla eile sa mbaile.

Soláthar Uisce Mhóinteach Mílic

Mar chuid de 'Scéim Fheabhsaithe Sholáthar Uisce Phort Laoise /Mhóinteach Mílic' bhí réamh-oibreacha breise déanta i 2011 chun an dara tobar ag Aighin a chur ar fáil. Chabhraigh seo, ní hamháin i slánú an tsoláthair i dtéarmaí an mhéid uisce ach, chomh maith, i leith chaighdeán an uisce sa bhaile. Bhí an brú lag a bhí san uisce san Mhóinteach Mílic réitithe, chomh maith. Cuireadh an t-uasghrádú ar an bpíobán uisce príomha o thaiscumar Doire Guile chuig Geata Eiscir i bhfeidhm sa chóras ar an 17ú Samhain, 2011. Táimid ag fáil íosmhéid brú de2.00 Bar anois nuair a bhíonn an t-éileamh is mó mórthimpeall na h-eanga. Soláthraíonn páirc thobair

Aighne an t-uisce go léir don Mhóinteach Mílic anois.

Uasghrádú Séarachais Mhóinteach Mílic

Críochnaíodh Céim a 1 de Uasghrádú Séarachais Mhóinteach Mílic go déanach i 2010. Tá an t-uasghrádú Céim a 2 mar thogra níos faid téarmaí go bhfuil san áireamh ann fearas cóireála fuíll uisce a sholáthar do dhaonra measta do cheantar Mhóinteach Mílic le linn na céad fiche bliain eile agus b'fhéidir síntí san áireamh don eanga.

I gcás Chéim a 2 críochnaíodh an Réamh-Thuairisc agus an Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) in 2009. Cuireadh an RTT os comhair An Bhoird Phleanála i Bealtaine, 2010 agus tá an Réamh-Thuarascáil aighnithe don Roinn le h-aghaidh a cheadaithe dul ar aghaidh chuig céim a fhála/tógála. Tá an t-iarratas don scéim seo fós faoi ath-bhreithniú ag An Bord Pleanála. Tugadh freagra ar eolas a lorgaíodh ag An Bord Pleanála i Mí Deireadh Fómhair 2011.

Bailte Slachtmhara

I gComórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara i mbliana bhí Móinteach Mílic mar an buaiteoir iomlán i gcatagóir D. I gcomórtas Bailte Slachtmhara Mhóinteach Milic bhuaigh an Chomhairle Bhaile duais don bhFoirgneamh Poiblí is fearr do na Oifigí Cathartha agus don Leabharlann.

Liosta Tosaíochta

d'Ath-bhreithnigh baill Chomhairle Bhaile Mhóinteach Mílic an Liosta Tosaíochta don mbaile. Cuireann an liosta seo béim ar na gnéithe gearr-théarma, mean-théarma agus fad-théarma go gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu i gceantar Mhóinteach Mílic.

d' Oibrigh an Bainisteoir Baile , Cléireach an Bhaile agus Innealtóir an Bhaile agus baill tofa uile le chéile i rith na bliana chun na h-aidhmeanna agus na spriocanna éagsúla leagtha amach a seachadadh.

Cruinnithe Gnó

Mar a bhí blianta eile bhí slua diamhrach ball i láthair ag cruinnithe inar ndearnadh uiríolla faoi ghnéithe tábhachtacha a bhí ina ábhar buartha acu. Ina measc siúd bhí oibreacha timpeallachta, bainistíocht tráchta, oibreacha bóthar agus deisithe cosán, comharthaíocht, soilsiú poiblí &rl. san áireamh.

Leabharlann Nua Mhóinteach Mílic

Ó h-am a oscailte i mBealtaine 2010 bua iontach is ea oscailt Leabharlann Mhóinteach Mílic agus is mór an buntáiste í don bpobal. Tá ról tábhachtach ag an leabharlann san oideachas, sa litearthacht, ar theacht ar an dteicneolaíocht eolais agus ar léitheoireacht só. Tá an bhallraíocht faoi láthair os cionn 1,600.

Ceantar Áise Mhóinteach Mílic — An Baile Gaelach

Thosaigh obair ar an dtionscnamh seo i Mí na Nollag 2011agus beidh sé críochnaithe in Earrach na bliana 2012. Cuirfidh an togra seo (nuair a bheidh sé críochnaithe) go mór leis an mbaile agus cabhróidh sé chun sláinte agus folláine mhuintir Mhóinteach Mílic agus na h-áiteanna mórthimpeall air a fheabhsú.

Club Sóisialta

Bhí 2011 mar bhliain an-rathúil don gClub Sóisialta agus tá ballraíocht de 262 ann faoi láthair. Bhí a lán ócáidí ar siúl i 2011.

Tarraingt Mhíosúil

Bíonn Tarraingt ar siúl ar an g-Céad Aoine de gach mí do Bhaill Club Sóisialta. Tá na duaiseanna mar seo: Duais a h1: €50 Duais a 2: €30 Duais a 3: €20

Tráth na gCeist Boird

Bhí Tráth na gCeist Bhoird inmheánach de chuid an Chlub Shóisialta ar siúl in Aibreán agus d'éirigh go h-iontach leis. Fuair An Trófaí baile nua i Roads i 2011. Ar an fhoireann bhuacach bhí Stan Cullen, Brian O Sullivan, Diarmuid Lalor agus ball caillte IT Joe Lambe.

Cóisir an t-Samhraidh

Bhí Cóisir an t-Samhraidh ar siúl in Áras an Chontae ar an 23ú Meitheamh. Bhí slua mór ag freastal agus chríochnaigh an tráthnóna le ceol-amhráin.

Philadelphia, Seo Chugat mé!

Bhí an ócáid seo ar siúl in amharclann Dhún Masc ar an 4ú Meán Fómhair. d' Fhreastail roinnt mhaith ball ón gclub sóisialta air agus bhí an-oíche go deo acu.

Oíche Amach Dheireadh Fómhair

Bhí an-oíche amach ins an Square Bar le raidhse cabaireachta agus bia.

Aifreann Bhliantúil

Bhí Aifreann Bliantúil do bhaill mharbha agus do fhoireann ó Chomhairle Chontae Laoise eagraithe ag an gClub Sóisialta i Seomra na Comhairle. Bhí mórán daoine ag an Aifreann agus soláthraíodh sólaistí san ceaintín ina dhiaidh.

Cóisir Nollag na Leanaí

Bhí Coisir Nollag na Leanaí Óga ar siúl ar an 10ú Nollag ins an gceaintín. Bhí slua mór de os cionn 160 leanbh agus bhí sport iontach acu, ag Jecca an Fear Grinn a chuir an dallamullóg ar na leanaí! Tháinig Daidí na Nollag agus duine dá lucharachán in Inneall Múchta Tine, a bhuíochas san do John Ging. Ár mbuíochas leo san a chabhraigh chun lá den scoth a chur ar fáil.

Cóisir na Nollag

Bhí an Chóisir Nollag Bhliantúil ar siúl ar an 16ú Nollag in Ostán Cill Eisin, Port Laoise leis an mBanna ceoil Epic ag soláthar an cheoil agus an disco ar an oíche. Cóisir den scoth ab ea an oíche amach, mar is gnáth.

An Cumann Gailf

Bhí Pat Farrell ina chaptaen ar an gCumann Gailf i 2011. Bhí a Dhuais mar Chaptaen ar siúl i Cumann Galf Maighean Rátha. Bhí slua maith ann ar an lá agus bhuaigh John Fennell a dhuais.

Imríodh an Kennedy Cup i mbliana i dteannta le Tró-faí Pang i gCumann Ghailf an Tulaigh Mhóir.

Bhuaigh Eddie Kelly an Kennedy Cup agus bhuaigh Larry Gittens, Fint Kealy agus Cathal Farrell Trófaí Pang.

Bhuaigh Ken Farell comórtas galfair na bliana.

Tá Larry Gittens mar Chaptaen do 2012 agus tá Eddie Kelly mar an Rúnaí nua do 2012.

Teideal, aidhm agus líon na mball de gach Coiste agus Chomh-Choiste agus líon na gcruinnithe a bhí ag gach Coiste, Chomh-Choiste agus Chomh- Choiste Maoirseachta ar siúl le linn 2010.

Bhí na baill seo a leanas tofa ar na Coistí/Corparáideacha Eachtracha imlínithe thíos ag Cruinniú Cinn-Bhliana Chomhairle Chontae Laoise a bhí ar siúl ag an 19ú Meitheamh, 2009.

COISTÍ

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh	Líon na gCruinnithe
Rural Water Monitoring Committee	Councillor Ben Brennan Councillor John Bonham Councillor Tom Mulhall	4
Local Traveller Accommodation Consultative Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Alan Hand Councillor Pat Bowe Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney Councillor Kathleen O' Brien Councillor Paul Mitchell Councillor John King	3
Kyletelisha Landfill Monitoring Committee	Councillor Patrick Bracken Councillor James Daly Councillor Martin Phelan	4
Laois School of Music Steering Committee	Councillor Mary Sweeney	5
Audit Committee	Councillor John Moran Councillor Jerry Lodge	3
Joint Policing Committee	Councillor Catherine Fitzgerald Councillor Seamus McDonald Councillor Brendan Phelan Councillor Patrick Bracken Councillor Ray Cribbin Councillor Tom Mulhall Councillor Michael Lalor Councillor Mary Sweeney Councillor David Goodwin Councillor Paul Mitchell Councillor John King Councillor James Daly Councillor Ben Brennan	3
Placenames Committee	Councillor Ben Brennan Councillor Ray Cribbin Councillor John Bonham Councillor Kathleen O' Brien Councillor David Goodwin	0

Corparáideacha Eachtracha

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Barrow Drainage Board	Councillor Pat Bowe, Councillor David Goodwin

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
River Goul Drainage Committee	Councillor Brendan Phelan, Councillor Martin Phelan Councillor John King
Dungar Joint Burial Board	Councillor Brendan Phelan, Councillor Seamus McDonald, Councillor Michael Lalor, Councillor John King
Portarlington Joint Burial Board	Councillor Ray Cribbin, Councillor Patrick Bracken Councillor Alan Hand, Councillor Tom Mulhall Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Association of County & City Councils	Councillor Seamus McDonald Councillor David Goodwin Councillor Ben Brennan
Midland Regional Authority	Councillor Patrick Bracken, Councillor Brendan Phelan Councillor James Deegan, Councillor Martin Phelan Councillor James Daly, Councillor John Bonham
E.U. Operational Committee	Councillor John Bonham
B.M.W. Regional Assembly	Councillor James Deegan, Councillor James Daly
Laois Arts Theatre Company Ltd	Councillor Rotimi Adebari Councillor Kathleen O' Brien Councillor Mary Sweeney
Abbeyleix Heritage Trust	Councillor John Bonham
Local Authority Members Association	Councillor Michael Lalor
Laois County Enterprise Board	Councillor Pat Bowe, Councillor Tom Mulhall Councillor James Daly, Councillor William Aird
Laois Transport for Rural Integration Programme	Councillor Michael Lalor
Portarlington Leisure Centre	Councillor Ray Cribbin, Councillor Paul Mitchell Councillor Tom Mulhall
Portlaoise Leisure Centre	Councillor Alan Hand, Councillor William Aird Councillor Jerry Lodge
Portlaoise Enterprise Centre	Councillor Jerry Lodge, Councillor William Aird Councillor Mary Sweeney
Portarlington Enterprise Centre	Councillor Paul Mitchell, Councillor James Deegan
Midlands Energy Agency	Councillor John Bonham
Laois County Development Board	Councillor John Moran, Councillor Michael Laor, Councillor Martin Phelan, Councillor John Joe Fennelly
Dublin Mid-Leinster Regional Health Forum	Councillor Ben Brennan, Councillor Kathleen O'Brien, Councillor William Aird
Laois Advocacy against Domestic Abuse Limited	Councillor Mary Sweeney, Councillor Catherine Fitzgerald
Laois Third Level Initiative	Councillor Paul Mitchell & Councillor Jerry Lodge

Aguisín I

Ainm an Choiste	Baill a Toghadh
Laois VEC	Councillor Alan Hand, Councillor Rotimi Adebari, Councillor Pat Bowe, Councillor Mary Sweeney, Councillor Paul Mitchell, Councillor John Bonham, Councillor William Aird, Councillor John King, Councillor Kathleen O' Brien
Laois Partnership	Councillor Pat Bowe, Councillor Tom Mulhall, Councillor Michael Lalor
Management Company for Treo Nua at Knockmay	Councillor Kathleen O' Brien
Laois Tourism	Councillor John Bonham, Councillor Martin Phelan

Aguisín II

ÍOCAÍOCHTAÍ DO BHAILL 2011

Liúntas Míosúil	€115,793.17	
Liúntas Comhdhála	€88,930.97	
Liúntas Teileafóin	€1,866.05	
Liúntas Ionadaíochta	€476,601.00	(Mar aon le Liúntas an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh agus liúntas Chathaoirligh An Bhoird Fhorbartha)
Liúntas CAS	€24,000.00	

www.laois.ie

E-Mail: corpaffairs@laoiscoco.ie

Áras an Chontae, Portlaoise	Tel: (057) 8664000
Accounts Payable, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664063
Arts Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674342
Cash Office, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674308
Civil Defence HQ, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664000
County Development Board, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674338
Driving Licences, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Environment, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674322
Higher Education Grants, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664137
Housing, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664110
Human Resources, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664219
Landfill Site, Kyletalesha, Portlaoise	Tel: (057) 8620653
Library Headquarters, Áras an Chontae	Tel: (057) 8674315
Motor Tax Office, Block 2, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664009
National Roads Project Office, Clonboyne, Portlaoise	Tel: (057) 8664850
Planning, Block 1, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664039
Register of Electors, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664105
Roads, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664142
Sports & Leisure, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664007
Water Charges, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664119
Water Services, Áras an Chontae	Tel: (057) 8664120